

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1773 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 17 Lúnasa 2023**

**lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe chun críocha an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le linn na hidirthréimhse**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 35(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2023/956 leagtar síos oibleagáidí tuairiscithe chun críocha an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha le linn na hidirthréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025.
- (2) Le linn na hidirthréimhse, tá allmhaireoirí nó ionadaithe custaim indíreacha le tuairisciú ar an gcainníocht earraí allmhairithe, ar na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha atá leabaithe iontu, agus ar aon phraghas carbóin atá dlite maidir leis na hastaíochtaí sin, lena n-áirítear praghsanna carbóin atá dlite maidir le hastaíochtaí atá leabaithe in ábhair réamhtheachtacha ábhartha.
- (3) Ba cheart an chéad tuarascáil a chur isteach faoin 31 Eanáir 2024 i leith earraí a allmhairíodh le linn an cheathrú ráithe de 2023. Ba cheart an tuarascáil deiridh a chur isteach faoin 31 Eanáir 2026 i leith earraí a allmhairíodh le linn an cheathrú ráithe de 2025.
- (4) Tá an Coimisiún le rialacha cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh na gceanglas tuairiscithe sin.
- (5) Ba cheart na ceanglais tuairiscithe a theorannú don mhéid is gá chun an t-ualach ar allmhaireoirí a íoslaghdú san idirthréimhse agus chun rolladh amach rianúil na gceanglas dearbhaithe SCCT i ndiaidh na hidirthréimhse a éascú.
- (6) I gcomhréir le hIarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2023/956, maidir leis na rialacha mionsonraithe chun astaíochtaí leabaithe earraí allmhairithe a ríomh, ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar an modheolaíocht is infheidhme faoin gCóras Trádála Astaíochtaí maidir le suiteálacha atá lonnaithe san Aontas, go háirithe mar atá sonraithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2018/2066 <sup>(2)</sup>. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na príonsabail chun astaíochtaí leabaithe na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956 a chinneadh na próisis táirgthe ábhartha le haghaidh catagóirí earraí a shainithint, agus chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí díreacha agus indíreacha na bpróiseas táirgthe sin. Ba cheart na noirm agus nósanna imeachta atá ann cheana i reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur san áireamh sa tuairisciú le linn na hidirthréimhse. A mhéid a bhaineann le hidrigin agus a díorthaigh a tháirgeadh, ba cheart Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur san áireamh sa tuairisciú <sup>(3)</sup>.
- (7) Na teorainneacha córais de phróisis táirgthe, lena n-áirítear sonraí faoi astaíochtaí ar leibhéal na suiteála, astaíochtaí sannta a ghabhann le próisis táirgthe agus astaíochtaí leabaithe earraí, ba cheart iad a úsáid chun na sonraí a chinneadh atá le cur ar fáil chun críche na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Maidir leis na hoibleagáidí sin, ba cheart do na hallmhaireoirí agus do na hionadaithe custaim indíreacha infhaighteacht na faisnéise is gá ó oibreoirí suiteálacha a áirithiú. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith faighte go tráthúil le go bhféadfaidh na hallmhaireoirí agus na hionadaithe custaim indíreacha a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Ba cheart fachtóirí astaíochta caighdeánacha a bheith san áireamh san fhaisnéis sin a bheidh le húsáid chun astaíochtaí leabaithe díreacha a ríomh, go háirithe fachtóirí astaíochta breosla agus fachtóirí astaíochta próisis, agus fachtóirí astaíochta tagartha le haghaidh táirgeadh leictreachais agus teasa.

<sup>(1)</sup> IO L 130, 16.5.2023, lch. 52.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

- (8) Ós rud é go dtosaíonn an tréimhse tuairiscithe ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, tá méid teoranta ama ar fáil d'allmhairí agus d'ionadaithe custaim indíreacha chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí tuairiscithe a áirithiú. Is féidir sineirgí a fháil leis na córais faireacháin agus tuairiscithe atá in úsáid cheana féin ag oibreoirí tríú tír. Ba cheart maolú sealadach ar na modhanna ríofa chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú a cheadú ar feadh tréimhse teoranta, dá bhrí sin, go dtí deireadh 2024. Ba cheart feidhm a bheith ag an tsolúbthacht sin i gcás ina bhfuil an t-oibreoir i dtír faoi réir córas faireacháin agus tuairiscithe éigeantach a bhaineann le scéim praghsála carbóin, nó le scéimeanna faireacháin agus tuairiscithe éigeantacha eile, nó i gcás ina bhfuil an t-oibreoir ag déanamh faireacháin ar astaíochtaí na suiteála, lena n-áirítear le haghaidh tionscadal laghdaithe astaíochtaí.
- (9) Go ceann tréimhse teoranta, go dtí an 31 Iúil 2024, maidir le dearbhóirí tuairiscithe nach mbeadh in ann an fhaisnéis uile a fháil ó oibreoirí tríú tír chun astaíochtaí leabaithe iarbhir na n-earraí allmhairithe a chinneadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart dóibh a bheith in ann úsáid a bhaint as modh malartach chun na hastaíochtaí leabaithe díreacha a chinneadh agus tagairt a dhéanamh don mhodh sin.
- (10) Ba cheart do na hoibleagáidí tuairiscithe roinnt solúbthachta a sholáthar chun na céimeanna táirgthe a chinneadh i suiteálacha nach cuid shuntasach d'astaíochtaí leabaithe díreacha na n-earraí allmhairithe iad. B'amhlaidh a bheadh, go ginearálta, le haghaidh na gcéimeanna táirgthe deiridh de tháirgí iarteachtacha cruach nó alúmanaim. Sa chás sin, ba cheart maolú ó na hoibleagáidí tuairiscithe riachtanacha a sholáthar agus féadfar luachanna measta a thuairisciú le haghaidh na gcéimeanna táirgthe i suiteálacha nach mó ná 20 % d'astaíochtaí leabaithe iomlána na n-earraí allmhairithe an méid a chuireann siad le hastaíochtaí díreacha. Ba cheart don tairseach sin solúbthacht leordhóthanach a áirithiú d'oibreoirí beaga i dtírí tíortha.
- (11) Ceann de chuspóirí na hidirthréimhse é sonraí a bhailiú chun an mhodheolaíocht chun astaíochtaí díreacha leabaithe i ndiaidh na tréimhse sin a ríomh a shonrú a thuilleadh sa ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 7(7) de Rialachán (AE) 2023/956. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tuairisciú astaíochtaí indíreacha le linn na hidirthréimhse a bheith oscailte agus deartha chun go bhféadfar an luach is iomchuí a roghnú i measc na gceann a liostaítear i Roinn 4.3 in Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2023/956. Níor cheart a bheith san áireamh i dtuairisciú astaíochtaí indíreacha, áfach, tuairisciú atá bunaithe ar mheán-fhachtóir astaíochta eangach an Aontais ós rud é go bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoin luach sin cheana féin.
- (12) Ba cheart do na sonraí a bhailítear le linn na hidirthréimhse bunús a sholáthar do na tuarascálacha a bhfuil an Coimisiún le cur i láthair i gcomhréir le hAirteagal 30(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/956. Ba cheart do na sonraí a bhailítear le linn na hidirthréimhse cuidiú le modheolaíocht uathúil fíoraithe, tuairiscithe agus faireacháin a shainmhíniú i ndiaidh na hidirthréimhse. Ba cheart an measúnú ar na sonraí a bailíodh a úsáid go háirithe d'obair an Choimisiúin i bhfianaise an mhodheolaíochta is infheidhme a choigeartú i ndiaidh na hidirthréimhse.
- (13) An raon tásach pionós atá le forchur ar dhearbhoirí tuairiscithe a mhainnigh na hoibleagáidí tuairiscithe a urramú, ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar na luachanna réamhshocraithe arna soláthar agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse nár tuairiscíodh na hastaíochtaí leabaithe ina leith. Ba cheart don raon uasta tásach a bheith comhleanúnach leis an bpionós de bhun Airteagal 16(3) agus (4) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(4)</sup>, agus a chur san áireamh go bhfuil an oibleagáid san idirthréimhse teoranta do thuairisciú sonraí. Ba cheart do na critéir atá le húsáid ag údaráis inniúla chun méid iarbhir an phionóis a bheith bunaithe ar thromchúis agus fad na mainneachtana tuairisc a thabhairt. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na tuarascálacha SCCT chun foráil a dhéanamh maidir le measúnú tásach ar an bhfaisnéis a theastaíonn ó na húdaráis inniúla agus chun comhleanúnachas na bpionós atá le cur i bhfeidhm a áirithiú.
- (14) Chun cur chun feidhme éifeachtúil oibleagáidí tuairiscithe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí leictreonach, Clárann Idirthréimhseach SCCT, a bhunú chun an fhaisnéis a thuairiscítear le linn na hidirthréimhse a bhailiú. Ba cheart do Chlárann Idirthréimhseach SCCT a bheith mar bhunús do Chlárann SCCT a bhunú de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/956.

<sup>(4)</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

- (15) Ba cheart do Chlárlann Idirthréimhseach SCCT teacht le bheith ina chóras do dhearbhoirí tuairiscithe chun na tuarascálacha SCCT a chomhdú agus a bhainistiú, lena n-áirítear seiceálacha, measúnuithe táscacha agus nósanna imeachta athbhreithnithe. Chun measúnú cruinn ar na hoibleagáidí tuairiscithe a áirithiú, ba cheart do Chlárlann Idirthréimhseach SCCT a bheith idir-inoibritheach le córais chustaim atá ann cheana.
- (16) Chun córas tuairiscithe éifeachtach agus aonfhoirmeach a áirithiú, ba cheart socruithe teicniúla maidir le feidhmiú Chlárlann Idirthréimhseach SCCT a leagan síos, amhail socruithe maidir le forbairt, tástáil agus cur in úsáid, agus maidir le cothabháil agus modhnuithe ionchasacha ar na córais leictreonacha, cosaint sonraí, nuashonrú sonraí, teorannú ar phróiseáil sonraí, agus úinéireacht agus slándáil na gcóras. Ba cheart na socruithe sin a bheith comhoiriúnach do phrionsabal na cosanta sonraí trí dheardh agus mar réamhshocrú faoi Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup> agus Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>, chomh maith le slándáil na próiseála faoi Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 32 de Rialachán 2016/679.
- (17) Chun leanúnachas an tuairiscithe sonraí a áirithiú an t-am ar fad, tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh maidir le réitigh mhalartacha a chur chun feidhme i gcás theip shealadach na gcóras leictreonach chun sonraí a thuairisciú. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún oibriú ar phlean leanúnachais gnó SCCT.
- (18) Chun rochtain ar Chlárlann Idirthréimhseach SCCT a dheimhniú, ba cheart do dhearbhoirí tuairiscithe córas Aonfhoirmeach Bainistíochta na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh (UUM&DS), dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>, a úsáid don phróiseas bainistíochta, fíordheimhnithe agus fíoraithe rochtana.
- (19) Chun na dearbhoirí tuairiscithe a shainnithint agus chun liosta de na dearbhoirí tuairiscithe agus a n-uimhreacha Cláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíoch (EORI) a bhunú, ba cheart do Chlárlann Idirthréimhseach SCCT a bheith idir-inoibritheach leis an gcóras chun Oibreoir Eacnamaíoch a Chlárú agus a Shainnithint, dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070.
- (20) Chun críocha seiceála agus tuairiscithe, ba cheart do na córais náisiúnta an fhaisnéis a éilítear a sholáthar maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956, dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>.
- (21) Ba cheart earraí allmhairithe a shainnithint trí iad a aicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte ('AC') a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 <sup>(9)</sup> ón gComhairle agus ba cheart na forálacha maidir le stóráil a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070 a úsáid chun faisnéis faoi earraí allmhairithe a sholáthar a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956.
- (22) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart ar chosaint sonraí pearsanta. Ba cheart sonraí pearsanta oibreoirí eacnamaíoch agus daoine eile a phróiseáil leis na córais leictreonacha a theorannú don tacar sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I den Rialachán seo. I gcás inar gá, chun críocha an Rialacháin Cur Chun Feidhme, sonraí pearsanta a phróiseáil, is i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta ba cheart é

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 maidir le socruithe teicniúla chun córais leictreonacha a forbairt, a chothabháil agus a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 143, 2.6.2023, lch. 65).

<sup>(8)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre a bhaineann le forbairt agus le húsáid na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

<sup>(9)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharfaí Chustaim (TARIC) (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

sin a dhéanamh. I ndáil leis sin, ba cheart aon phróiseáil a dhéanann údarais na mBallstát ar shonraí pearsanta a bheith faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 agus na gceanglas náisiúnta maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Beidh aon phróiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an gCoimisiún faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart sonraí pearsanta a choimeád i bhfoirm lena gceadófar na hábhair sonraí a shainaithint ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch dá ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil. I ndáil leis sin, beidh an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh Chlárlann Idirthréimhseach SCCT teoranta do 5 bliana ón tráth a gheofar an tuarascáil SCCT.

- (23) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an 28 Iúil 2023.
- (24) Ós rud é go dtosaíonn an chéad tréimhse tuairiscithe ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm go práinneach.
- (25) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste SCCT,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

#### *Airteagal 1*

#### **Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2023/956 i leith earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais le linn na hidirthréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025 ('idirthréimhse').

#### *Airteagal 2*

#### **Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'dearbhoir tuairiscithe' aon duine de na daoine seo a leanas:
- (a) an t-allmhaireoir a thaisceann dearbhú custaim chun earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht ina ainm féin agus thar a cheann féin;
  - (b) an duine, a bhfuil údarú aige dearbhú custaim a thaisceadh dá dtagraítear in Airteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(10)</sup>, a dhearbhaíonn an t-allmhairiú earraí;
  - (c) an t-ionadaí indíreach custaim, i gcás inarb é an t-ionadaí indíreach custaim arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a thaisceann an dearbhú custaim, i gcás ina bhfuil an t-allmhaireoir bunaithe lasmuigh den Aontas nó i gcás inar chomhaontaigh an t-ionadaí indíreach custaim na hoibleagáidí tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2023/956.
- (2) ciallaíonn 'lacáiste' aon mhéid a laghdaíonn an méid atá dlite nó íoctha ag duine atá faoi dhliteanas as praghas carbóin a íoc, roimh a íocaíochta nó ina dhiaidh, i bhfoirm airgeadaíochta nó in aon fhoirm eile.

<sup>(10)</sup> IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

## CAIBIDIL II

## CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ DEARBHÓIRÍ TUAIRISCITHE A BHAINNEANN LE TUAIRISCIÚ

## Airteagal 3

## Oibleagáidí tuairiscithe dearbhóirí tuairiscithe

1. Soláthróidh gach dearbhóir tuairiscithe, bunaithe ar na sonraí, go bhféadfaidh an t-oibreoir an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl, mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn III leis an Rialachán seo, maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a allmhairítear le linn na ráithe lena mbaineann an tuarascáil SCCT:

- (a) cainníocht iomlán na n-earraí a allmhairítear, arna sloinneadh i meigeavatuairanta i gcás leictreachais agus i dtónaí i gcás earraí eile;
- (b) an cineál earraí mar a aithnítear lena gcód AC.

2. Soláthróidh gach dearbhóir tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas maidir le hastaíochtaí leabaithe na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo, sna tuarascálacha SCCT:

- (a) tír thionscnaimh na n-earraí allmhairithe;
- (b) an tsuiteáil inar táirgeadh na hearraí, arna sainaitheint leis na sonraí seo a leanas:
  - (1) Cód na Náisiún Aontaithe do Láithreacha Trádála agus Iompair (NA/LOCODE) is infheidhme don láthair;
  - (2) ainm cuideachta na suiteála, seoladh na suiteála agus a thras-scríbhinn i mBéarla;
  - (3) comhordanáidí geografacha phríomhfhoinsé astaíochtaí na suiteála.
- (c) na bealaí táirgthe a úsáidtear, a shainítear i Roinn 3 d'Iarscríbhinn II den Rialachán seo, a léireoidh an teicneolaíocht a úsáidtear chun na hearraí a tháirgeadh, agus faisnéis faoi pharaiméadair shonracha a cháilíonn an bealach táirgthe léirithe a roghnaíodh mar a shainmhínítear i roinn 2 d'Iarscríbhinn IV, chun na hastaíochtaí díreacha leabaithe a chinneadh;
- (d) astaíochtaí díreacha leabaithe sonracha na n-earraí, a chinnfear trí astaíochtaí díreacha sannta na bpróiseas táirgthe a thiontú go hastaíochtaí sonracha na n-earraí arna sloinneadh mar choibhéis CO<sub>2</sub> in aghaidh an tona i gcomhréir le Roinn F agus le Roinn G d'Iarscríbhinn III den Rialachán seo;
- (e) na ceanglais tuairiscithe a bhfuil éifeacht acu ar astaíochtaí leabaithe na n-earraí dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn IV den Rialachán seo;
- (f) maidir le leictreachas mar earraí allmhairithe, tuairisceoidh an dearbhóir tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas:
  - (1) an fachtóir astaíochta a úsáidtear le haghaidh leictreachais, arna shloinneadh mar thona de choibhéis CO<sub>2</sub> in aghaidh an MWh (meigeavatuair) mar a chinntear i gcomhréir le Roinn D d'Iarscríbhinn III den Rialachán seo;
  - (2) an foinse sonraí nó an modh a úsáidtear chun fachtóir astaíochta leictreachais a chinneadh mar a chinntear i gcomhréir le Roinn D d'Iarscríbhinn III den Rialachán seo.
- (g) maidir le hearraí cruach, uimhir aitheantais an mhuilinn cruach shonraigh inar táirgeadh baisc áirithe amhábhbar, más eol sin.

3. Maidir le hastaíochtaí indíreacha leabaithe sonracha, tuairisceoidh gach dearbhóir tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo, sna tuarascálacha SCCT:

- (a) ídiú leictreachais, arna shloinneadh i meigeavatuairanta, na bpróiseas táirgthe in aghaidh an tona earraí táirgthe;

- (b) sonraigh cé acu a thuairiscíonn nó nach dtuairiscíonn an dearbhóir tuairiscithe astaíochtaí iarbhir nó luachanna réamhshocraithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse i gcomhréir le Roinn D d'Iarscríbhinn III den Rialachán seo;
- (c) fachtóir astaíochtaí comhfhreagrach an leictreachais a ídítear;
- (d) an méid astaíochtaí indíreacha leabaithe sonracha, a chinnfear trí astaíochtaí indíreacha leabaithe sannta na bpróiseas táirgthe a thiontú go hastaíochtaí indíreacha sonracha na n-earraí arna sloinneadh mar choibhéis CO<sub>2</sub> in aghaidh an tona i gcomhréir le Roinn F agus le Roinn G d'Iarscríbhinn III den Rialachán seo.

4. I gcás ina bhfuil na rialacha maidir le sonraí a chinneadh difriúil leis na rialacha a léirítear in Iarscríbhinn III den Rialachán seo, soláthróidh an dearbhóir tuairiscithe faisnéis bhreise agus tuairisc ar bhunús modheolaíochta na rialacha a úsáidtear chun na hastaíochtaí leabaithe a chinneadh. Is é a thiocfaidh as na rialacha a dtugtar tuairisc orthu, cumhdach agus cruinneas comhchosúil maidir le sonraí faoi astaíochtaí, lena n-áirítear teorainneacha córas, próisis táirgthe a ndéantar faireachán orthu, fachtóirí astaíochta agus modhanna eile a úsáidtear le haghaidh ríomhanna agus tuairiscíú.

5. Chun críocha tuairiscithe, féadfaidh an dearbhóir tuairiscithe a iarraidh go n-úsáidfídh an t-oibreoir teimpléad leictreonach arna sholáthar ag an gCoimisiún agus go soláthróidh sé ábhar na teachtaireachta i Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn IV.

#### Airteagal 4

### Astaíochtaí leabaithe a ríomh

1. Chun críche Airteagal 3(2), déanfar astaíochtaí leabaithe sonracha earraí a tháirgtear i suiteáil a chinneadh agus ceann de na modhanna seo a leanas a úsáid, modhanna atá bunaithe ar an rogha modheolaíochta faireacháin a chinntear i gcomhréir le pointe B.2 d'Iarscríbhinn III den Rialachán seo, comhdhéanta de:

- (a) astaíochtaí ó shruthanna foinse a chinneadh ar bhonn sonraí gníomhaíochta a fhaightear trí chórais tomhais agus fachtóirí ríomha ó anailísí saotharlainne nó luachanna caighdeánacha;
- (b) astaíochtaí ó fhoinsí astaíochtaí a chinneadh trí thomhas leanúnach ar thiúchan an gháis ceaptha teasa ábhartha sa ghás múcháin agus ar shreabhadh an gháis múcháin.

2. De mhaolú ar mhír 1, go dtí an 31 Nollaig 2024, na hastaíochtaí leabaithe sonracha ó earraí a tháirgtear i suiteáil, féadfar iad a chinneadh agus úsáid a baint as ceann de na modhanna faireacháin agus tuairiscithe seo a leanas, más é a thiocfaidh astu cumhdach agus cruinneas comhchosúil maidir le sonraí faoi astaíochtaí i gcomparáid leis na modhanna a liostaítear sa mhír sin:

- (a) scéim praghsála carbóin áit a bhfuil an tsuiteáil lonnaithe, nó
- (b) scéim faireacháin éigeantach ar astaíochtaí áit a bhfuil an tsuiteáil lonnaithe, nó
- (c) scéim faireacháin ar astaíochtaí ag an tsuiteáil a fhéadfaidh fíorú ag fíoraitheoir creidiúnaithe a bheith san áireamh inti.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, go dtí an 31 Iúil 2024 maidir le gach allmhairiú earraí nach bhfuil an fhaisnéis uile a liostaítear in Airteagal 3(2) agus (3) ina leith ag an dearbhóir tuairiscithe, féadfaidh an dearbhóir tuairiscithe modhanna eile a úsáid chun na hastaíochtaí a chinneadh, lena n-áirítear luachanna réamhshocraithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse nó aon luachanna réamhshocraithe eile mar a shonraítear in Iarscríbhinn III. Sna cásanna sin, tabharfaidh an dearbhóir tuairiscithe le fios sna tuarascálacha SCCT an mhodheolaíocht a úsáideadh chun luachanna den sórt sin a shuíomh agus déanfaidh sé tagairt di.

*Airteagal 5***Luachanna measta a úsáid**

De mhaolú ar Airteagal 4, féadtar suas le 20 % de na hastaíochtaí leabaithe iomlána d'earraí casta a bhunú ar mheastacháin arna gcur ar fáil ag oibreoirí na suiteálacha.

*Airteagal 6***Bailiú sonraí agus tuairisciú maidir le próiseáil isteach**

1. Maidir le hearraí a cuireadh faoi phróiseáil isteach agus a scaoileadh ina dhiaidh sin i saorchúrsaíocht, mar na hearraí céanna nó mar tháirgí próiseáilte, cuirfidh an dearbhóir tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas sna tuarascálacha SCCT don ráithe i ndiaidh na ráithe inar tharla an t-urscaoileadh ón nós imeachta custaim i gcomhréir le hAirteagal 257 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013:

- (a) na cainníochtaí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956 a scaoileadh i saorchúrsaíocht i ndiaidh próiseáil isteach le linn na tréimhse sin;
- (b) astaíochtaí leabaithe a chomhfhreagraíonn do na cainníochtaí earraí sin dá dtagraítear i bpointe (a) a scaoileadh i saorchúrsaíocht i ndiaidh próiseáil isteach le linn na tréimhse sin;
- (c) tír thionscnaimh na n-earraí dá dtagraítear i bpointe (a), más eol sin;
- (d) na suiteálacha inar táirgeadh na hearraí dá dtagraítear i bpointe (a), más eol sin;
- (e) na cainníochtaí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956 a cuireadh faoi phróiseáil isteach a raibh táirgí próiseáilte a scaoileadh i saorchúrsaíocht le linn na tréimhse sin mar thoradh air;
- (f) astaíochtaí leabaithe a chomhfhreagraíonn do na hearraí a úsáideadh chun na cainníochtaí táirgí próiseáilte dá dtagraítear i bpointe (e) a tháirgeadh;
- (g) i gcás tarscaoileadh don bhille urscaoilte arna dheonú ag custaim i gcomhréir le hAirteagal 175 ón gCoimisiún de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 <sup>(1)</sup>, cuirfidh an dearbhóir tuairiscithe an tarscaoileadh isteach.

2. Déanfar tuairisciú agus ríomh na n-astaíochtaí leabaithe dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (f), i gcomhréir le hAirteagal 3, 4 agus 5.

3. De mhaolú ar mhír 2, nuair a scaoiltear i saorchúrsaíocht táirgí próiseáilte nó earraí a cuireadh faoin bpróiseáil isteach i gcomhréir le hAirteagal 170(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, na hastaíochtaí leabaithe dá dtagraítear i bpointí (b) agus (f) de mhír 1, ríomhfar iad ar bhonn mheán ualaithe na n-astaíochtaí leabaithe de mhéid iomlán na n-earraí sa chatagóir earraí SCCT céanna mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II den Rialachán seo a cuireadh faoin nós imeachta maidir le próiseáil isteach ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

Déanfar na hastaíochtaí leabaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ríomh mar a leanas:

- (a) is é méid iomlán astaíochtaí leabaithe na n-earraí a chuirtear faoi phróiseáil isteach agus a allmhairítear iad a bheidh sna hastaíochtaí leabaithe i mír 2, pointe (b), agus

<sup>(1)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

- (b) is é méid iomlán astaíochtaí leabaithe na n-earraí a cuireadh faoi phróiseáil isteach a úsáideadh in oibríocht próiseála amháin nó níos mó iolraithe faoi chéatadán cainníochtaí na dtáirgí próiseáilte a fhaightear dá bharr agus a allmhairítear iad a bheidh sna hastaíochtaí leabaithe i mír 2, pointe (f).

#### Airteagal 7

### Faisnéis faoin bpraghas carbóin atá dlite a thuairisciú

1. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an dearbhóir tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas ar fáil sna tuarascálacha SCCT maidir leis an bpraghas carbóin atá dlite i dtír thionscnaimh le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe:

- (a) an cineál táirge a léirítear leis an gcód AC;
- (b) an cineál praghais carbóin;
- (c) an tír ina bhfuil praghas carbóin dlite;
- (d) an cineál lacáiste nó aon chineál eile cúitimh atá ar fáil sa tír sin agus a mbeadh laghdú ar an bpraghas carbóin sin mar thoradh air;
- (e) méid an phraghais carbóin atá dlite, tuairisc ar an ionstraim pragsála carbóin agus sásraí féideartha cúitimh;
- (f) léiriú ar sholáthar an ghnímh dlí lena ndéantar foráil don phraghas carbóin, don lacáiste nó do chineálacha eile cúitimh ábhartha, lena n-áirítear cóip den ghníomh dlí;
- (g) cainníocht na n-astaíochtaí leabaithe díreacha nó indíreacha a chumhdaítear;
- (h) cainníocht na n-astaíochtaí leabaithe a chumhdaítear le haon lacáiste nó le haon chineál eile cúitimh, lena n-áirítear leithdháiltí saor in aisce, más infheidhme.

2. Déanfar na méideanna airgeadaíochta dá dtagraítear i mír 1 pointe (e) a athrú go Euro bunaithe ar mheánrátaí malairte na bliana roimh an mbliain ina bhfuil an tuarascáil dlite. Beidh na meánrátaí malairte in aghaidh na bliana bunaithe ar luachana arna bhfoilsíú ag an mBanc Ceannais Eorpach. Maidir le hairgeadraí nach bhfoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach luachan ina leith, beidh na meánrátaí malairte in aghaidh na bliana bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí faoi na rátaí malairte éifeachtacha. Soláthróidh an Coimisiún na meánrátaí malairte in aghaidh na bliana i gClárlann Idirthréimhseach SCCT.

#### Airteagal 8

### Tuarascálacha SCCT a chur isteach

1. Maidir le gach ráithe ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025, cuirfidh an dearbhóir tuairiscithe na tuarascálacha SCCT faoi bhráid Chlárlann Idirthréimhseach SCCT tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin i ndiaidh dheireadh na ráithe sin.

2. Soláthróidh an dearbhóir tuairiscithe faisnéis i gClárlann Idirthréimhseach SCCT, agus tabharfaidh sé le fios cé acu:

- (a) a chuireann nó nach gcuireann allmhaireoir an tuarascáil SCCT ina ainm féin agus thar a cheann féin;
- (b) a chuireann nó nach gcuireann ionadaí indíreach custaim an tuarascáil SCCT isteach thar ceann allmhaireora.

3. I gcás nach gcomhaontaíonn ionadaí indíreach custaim oibleagáid tuairiscithe an allmhaireora faoin Rialachán seo a dhéanamh, tabharfaidh an t-ionadaí indíreach custaim fógra don allmhaireoir faoin oibleagáid atá air an Rialachán seo a chomhlíonadh. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2023/956 san áireamh san fhógra.



4. Áireofar an fhaisnéis in Iarscríbhinn I den Rialachán seo sna tuarascálacha SCCT.
5. Leithdháilfear ID Tuarascála uathúil ar an tuarascáil SCCT ar a cur isteach i gClárlann Idirthréimhseach SCCT.

#### *Airteagal 9*

### **Tuarascálacha SCCT a mhodhnú agus a cheartú**

1. Féadfaidh dearbhóir tuairiscithe tuarascáil SCCT a cuireadh isteach a mhodhnú go dtí 2 mhí i ndiaidh dheireadh na ráithe tuairiscithe ábhartha.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh dearbhóir tuairiscithe na tuarascálacha SCCT don chéad dá thréimhse tuairiscithe a mhodhnú go dtí an sprioc-ama chun an tríú tuarascáil SCCT a chur isteach.
3. Ar iarraidh a mbeidh údar cuí léi a fháil ón dearbhóir tuairiscithe, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an iarraidh sin agus, i gcás inarb iomchuí, ceadóidh sé don dearbhóir tuairiscithe tuarascáil SCCT a chur isteach arís nó í a cheartú i ndiaidh an sprioc-ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus laistigh de 1 bhliain amháin i ndiaidh dheireadh na ráithe tuairiscithe ábhartha. Déanfar an tuarascáil SCCT cheartaithe nó an ceartúchán, de réir mar is infheidhme, a chur isteach tráth nach déanaí ná 1 mhí tar éis don údarás inniúil an cead a thabhairt.
4. Tabharfaidh na húdaráis inniúla an bhunchúis le diúltú na hiarrata arna chur ar fáil i mír 3 agus cuirfidh siad an dearbhóir tuairiscithe ar an eolas faoi na cearta chun achomharc a dhéanamh.
5. Ní fhéadtar tuarascáil SCCT atá ar feitheamh díospóide a mhodhnú. Is féidir í a athsholáthar chun toradh na díospóide sin a chur san áireamh.

#### CAIBIDIL III

### **RIARACHÁN MAIDIR LE TUAIRISCIÚ SCCT**

#### *Airteagal 10*

### **Clárlann Idirthréimhseach SCCT**

1. Is bunachar sonraí caighdeánaithe agus slán a bheidh i gClárlann Idirthréimhseach SCCT ina mbeidh gnéithe comhchoiteanna sonraí chun tuairisciú a dhéanamh le linn na hidirthréimhse agus chun rochtain, láimhseáil cásanna agus rúndacht a sholáthar.
2. Le Clárlann Idirthréimhseach SCCT, féadfar cumarsáid, seiceálacha agus malartú faisnéise a dhéanamh idir an Coimisiún, na húdaráis inniúla, údaráis chustaim agus dearbhóirí tuairiscithe i gcomhréir le Caibidil V.

#### *Airteagal 11*

### **Seiceálacha tuarascálacha SCCT agus úsáid faisnéise ag an gCoimisiún**

1. Féadfaidh an Coimisiún tuarascálacha SCCT a sheiceáil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le hoibleagáidí tuairiscithe dearbhóirí tuairiscithe laistigh den idirthréimhse agus go dtí 3 mhí i ndiaidh an dáta ar cheart an tuarascáil SCCT deiridh a bheith curtha isteach.

2. Úsáidfidh an Coimisiún Clárann Idirthréimhseach SCCT agus an fhaisnéis sa chlárann sin chun na cúraimí a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2023/956 a dhéanamh.

#### *Airteagal 12*

### **Measúnú tásach ón gCoimisiún**

1. Chun críoch tásach, cuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit liosta de na dearbhóirí tuairiscithe atá bunaithe sa Bhallstát ar ina leith a bhfuil cúiseanna ag an gCoimisiún lena chreidiúint nár chomhlíon siad an oibleagáid tuarascáil SCCT a chur isteach.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil an fhaisnéis uile a éilítear in Airteagail 3 go 7 i dtuarascáil SCCT nó ina measfaidh sé go bhfuil tuarascáil SCCT neamhiomlán nó mícheart i gcomhréir le hAirteagal 13, cuirfidh an Coimisiún an measúnú tásach maidir leis an tuarascáil SCCT sin in iúl don údarás inniúil sa Bhallstát ina bhfuil an dearbhóir tuairiscithe bunaithe.

#### *Airteagal 13*

### **Tuarascálacha SCCT neamhiomlána nó míchearta**

1. Measfar go bhfuil tuarascáil SCCT neamhiomlán i gcás inar mhainníonn an dearbhóir tuairiscithe tuairiscíú i gcomhréir le hIarscríbhinn I den Rialachán seo.

2. Measfar go bhfuil tuarascáil SCCT mícheart in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) ní chomhlíonann na sonraí nó an fhaisnéis sa tuarascáil a cuireadh isteach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 3 go 7 agus in Iarscríbhinn III den Rialachán seo;
- (b) tá sonraí míchearta agus faisnéis mhícheart curtha isteach ag an dearbhóir tuairiscithe;
- (c) i gcás nach soláthraíonn an dearbhóir tuairiscithe údar leordhóthanach le húsáid a bhaint as rialacha tuairiscithe seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn III den Rialachán seo.

#### *Airteagal 14*

### **Measúnú ar thuarascálacha SCCT agus úsáid faisnéise ag na húdaráis inniúla**

1. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát bunaíochta an dearbhóra tuairiscithe tús leis an athbhreithniú agus déanfaidh sé measúnú ar na sonraí, ar an bhfaisnéis, ar an liosta dearbhóirí tuairiscithe a chuir an Coimisiún in iúl agus ar an measúnú tásach dá dtagraítear in Airteagal 12 laistigh de 3 mhí ó cuireadh an liosta nó an measúnú tásach sin in iúl.

2. Úsáidfidh na húdaráis inniúla Clárann Idirthréimhseach SCCT agus an fhaisnéis sa chlárann sin chun na cúraimí a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2023/956 a dhéanamh.

3. Laistigh den idirthréimhse nó ina diaidh, féadfaidh na húdaráis inniúla tús a chur leis an nós imeachta ceartúcháin maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) tuarascálacha SCCT neamhiomlána nó míchearta;
- (b) mainneachtain ó thaobh tuarascáil SCCT a chur isteach.

4. I gcás ina gcuireann an t-údarás inniúil tús leis an nós imeachta ceartúcháin, tabharfar fógra don dearbhóir tuairiscithe go bhfuil an tuarascáil faoi athbhreithniú, agus go bhfuil faisnéis bhreise de dhíth. Áireofar san iarraidh ar fhaisnéis bhreise ón údarás inniúil an fhaisnéis a éilítear in Airteagail 3 go 7. Cuirfidh an dearbhóir tuairiscithe an fhaisnéis bhreise isteach trí Chlárann Idirthréimhseach SCCT.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó aon údarás eile arna cheapadh ag an údarás inniúil, údarú a dheonú chun rochtain a dhéanamh ar Chlárann Idirthréimhseach SCCT agus an clárú a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta, agus an uimhir EORI a chur san áireamh i gcomhréir leis an socrú teicniúil a leagtar amach in Airteagal 20.

#### *Airteagal 15*

#### **Rúndacht**

1. Gach cinneadh a dhéanann na húdaráis inniúla agus an fhaisnéis uile a fhaigheann an t-údarás inniúil agus a ndualgais á gcomhlíonadh aige a bhaineann le tuairisciú faoin Rialachán seo, ar fhaisnéis rúnda í nó ar fhaisnéis í a sholáthraítear ar bhonn rúnda, beidh siad faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla. Ní nochtfaidh an t-údarás inniúil faisnéis den sórt sin gan cead sainráite an duine nó an údarás a sholáthair í.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar faisnéis den sórt sin a nochtadh gan cead i gcás ina bhforáiltear dó sin leis an Rialachán seo agus i gcás ina bhfuil oibleagáid ar an údarás inniúil nó údarú aige í a nochtadh de bhua dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.

2. Féadfaidh údaráis inniúla faisnéis rúnda dá dtagraítear i mír 1 a chur in iúl d'údaráis inniúla an Aontais.

3. Déanfar aon nochtadh nó cur in iúl faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

#### CAIBIDIL IV

#### **FORFHEIDHMIÚ**

#### *Airteagal 16*

#### **Pionóis**

1. Cuirfidh na Ballstáit pionóis i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás nach bhfuil na bearta is gá déanta ag an dearbhóir tuairiscithe chun an oibleagáid maidir le tuarascáil SCCT a chur isteach a chomhlíonadh, nó
- (b) i gcás ina bhfuil an tuarascáil SCCT mícheart nó neamhiomlán i gcomhréir le hAirteagal 13, agus i gcás nach bhfuil na bearta is gá déanta ag an dearbhóir tuairiscithe chun an tuarascáil SCCT a chur ina ceart i gcás inar chuir an t-údarás inniúil tús leis an nós imeachta ceartúcháin i gcomhréir le hAirteagal 14(4).

2. Is idir EUR 10 agus EUR 50 in aghaidh an tona astaíochtaí neamhthuiriscithe a bheidh méid an phionóis. Cuirfear méadú ar an bpionós i gcomhréir leis an innéacs Eorpach praghsanna do thomhaltóirí.

3. Agus méid iarbhrí pionóis le haghaidh astaíochtaí neamhthuiriscithe arna ríomh ar bhonn na luachanna réamhshocraithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse á chinneadh acu, breithneoidh na húdaráis inniúla na tosca seo a leanas:

- (a) an méid faisnéise neamhthuiriscithe;
- (b) na cainníochtaí earraí allmhairithe neamhthuiriscithe agus na hastaíochtaí neamhthuiriscithe a bhaineann leis na hearraí sin;
- (c) ullmhacht an dearbhóra tuairiscithe iarrataí ar fhaisnéis a chomhlíonadh nó an tuarascáil SCCT a chur ina ceart;

- (d) iompraíocht intinneach nó fhaillíoch an dearbhóra tuairiscithe;
- (e) iompraíocht an dearbhóra tuairiscithe san am atá caite a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe;
- (f) leibhéal comhair an dearbhóra tuairiscithe chun deireadh a chur leis an sárú;
- (g) cé acu atá nó nach bhfuil bearta déanta ag an dearbhóir tuairiscithe go deonach chun a áirithiú nach féidir sárúithe comhchosúla a dhéanamh sa todhcháí.

4. Cuirfear pionóis níos airde i bhfeidhm i gcás inar cuireadh isteach níos mó ná dhá thuarascáil neamhiomlána nó mhíchearta as a chéile de réir bhrí Airteagal 13, nó i gcás inar mó ná 6 mhí fad na mainneachtana tuairisc a thabhairt.

#### CAIBIDIL V

### GNÉITHE TEICNIÚLA MAIDIR LE CLÁRLANN IDIRTHRÉIMHSEACH SCCT

#### ROINN 1

#### Réamhrá

#### Airteagal 17

#### Lárchóras faoi raon feidhme

1. Beidh Clárlann Idirthréimhseach SCCT idir-inoibritheach le:
  - (a) córas Aonfhoirmeach Bainistíochta na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh (UUM&DS) chun críocha clárú úsáideoirí agus bainistíocht rochtana don Choimisiún, do na Ballstáit, agus do dhearbhoirí tuairiscithe, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070;
  - (b) an córas Cláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) chun críche Faisnéis Chéannachta Oibreoirí Eacnamaíocha, dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070, a bhailíochtú agus a aisghabháil, i gcás na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn V den Rialachán seo;
  - (c) an córas Faireachais chun faisnéis faoi Dhearbhuithe Allmhairiúcháin Chustaim a aisghabháil maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956 le haghaidh seiceálacha ar na tuarascálacha SCCT agus ar chomhlíontacht, a forbraíodh trí Fhaireachas 3 UCC (SURV3), dá dtagraítear in Airteagal 99 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1070.
  - (d) an córas TARIC dá dtagraítear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.
2. Beidh Clárlann Idirthréimhseach SCCT idir-inoibritheach le córais dhílraithe mar a rinneadh forbairt nó uasghrádú orthu trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151, chun faisnéis faoi Dhearbhuithe Allmhairiúcháin Chustaim a aisghabháil maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI agus in Iarscríbhinn VII den Rialachán seo, agus chun na tuarascálacha SCCT a sheiceáil agus comhlíontacht ag na dearbhóirí tuairiscithe a áirithiú i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin le fáil sa chóras SURV3.

#### Airteagal 18

#### Pointí teagmhála le haghaidh na gcóras leictreonach

Ainmneoidh an Coimisiún agus na Ballstáit pointí teagmhála do gach ceann de na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 17 den Rialachán seo, chun faisnéis a mhalartú lena áirithiú go ndéanfar na córais leictreonacha sin a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil ar bhealach comhordaithe.

Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit mionsonraí na bpointí teagmhála sin in iúl dá chéile agus cuirfidh siad aon athrú ar na sonraí sin in iúl dá chéile láithreach.

## ROINN 2

**Clárann Idirthréimhseach SCCT**

## Airteagal 19

**Struchtúr Chlárann Idirthréimhseach SCCT**

Cuimseofar i gClárann Idirthréimhseach SCCT na comhpháirteanna coiteanna ('comhpháirteanna coiteanna') seo a leanas:

- (a) Tairseach Trádálaithe SCCT (TT SCCT);
- (b) Tairseach Údaráis Inniúla SCCT (TÚI SCCT) ina bhfuil dhá spás ar leithligh:
  - (1) ceann amháin do na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla (TÚI/N SCCT) agus;
  - (2) ceann eile don Choimisiún (TÚI/C SCCT),
- (c) Bainistíocht SCCT um Rochtain d'Úsáideoirí;
- (d) Seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT (SC SCCT);
- (e) leathanach poiblí SCCT ar shuíomh gréasáin Europa.

## Airteagal 20

**Téarmaí Comhoibrithe i gClárann Idirthréimhseach SCCT**

1. Molfaidh an Coimisiún na Téarmaí Comhoibrithe, Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse, agus an Plean Slándála, le comhaontú leis na húdaráis inniúla. Feidhmeoidh an Coimisiún Clárann Idirthréimhseach SCCT i gcomhréir leis na téarmaí comhaontaithe.
2. Úsáidfeadh Clárann Idirthréimhseach SCCT i ndáil leis na tuarascálacha SCCT agus leis na Taifid ar Dhearbhuíthe Allmhairiúcháin lena mbaineann na tuarascálacha sin.

## Airteagal 21

**Bainistíocht Rochtana Úsáideoirí SCCT**

1. Déanfar fíordheimhniú agus fíorú rochtana an dearbhóra tuairiscithe do na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956, chun rochtain a fháil ar chomhpháirteanna na Clárlainne SCCT trí úsáid a bhaint as an gcóras UUM&DS dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a).
2. Soláthróidh an Coimisiún na seirbhísí fíordheimhnithe a ligeann d'úsáideoirí Chlárann Idirthréimhseach SCCT rochtain shlán a fháil ar an gClárann sin.
3. Úsáidfidh an Coimisiún UUM&DS chun an t-údarú maidir le rochtain a fháil ar Chlárann Idirthréimhseach SCCT a dheonú dá mbaill foirne agus chun foráil a dhéanamh do thoscaireachtaí na n-údarás inniúil a gcuid údaruithe a eisiúint.
4. Úsáidfidh na húdaráis inniúla UUM&DS chun an t-údarú maidir le rochtain a fháil ar Chlárann Idirthréimhseach SCCT a dheonú dá mbaill foirne agus do na dearbhóirí tuairiscithe atá bunaithe ina mBallstát.
5. Féadfaidh údarás inniúil roghnú córas céannachta agus bainistíochta rochtana a úsáid atá bunaithe ina mBallstát de bhun Airteagal 26 den Rialachán seo (córas custaim náisiúnta eIDAS) chun na dintiúir is gá chun rochtain a fháil ar Chlárann Idirthréimhseach SCCT a sholáthar.

*Airteagal 22***Tairseach Trádálaithe SCCT**

1. Beidh an Tairseach Trádálaithe SCCT mar an bpointe iontrála uathúil chuig Clárlann Idirthréimhseach SCCT do na dearbhóirí tuairiscithe. Beidh an tairseach inrochtana ón Idirlíon.
2. Idiroibreoidh an Tairseach Trádálaithe SCCT le seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT (SC SCCT).
3. Úsáidfídh an dearbhóir tuairiscithe an Tairseach Trádálaithe SCCT chun:
  - (a) tuarascálacha SCCT a chur isteach trí chomhéadan gréasáin nó trí chomhéadan Córas-le-Córas, agus;
  - (b) chun fógraí a bhaineann lena n-oibleagáidí comhlíontachta SCCT a fháil.
4. Leis an Tairseach Trádálaithe SCCT, cuirfear áiseanna ar fáil do na dearbhóirí tuairiscithe chun an fhaisnéis faoi shuiteálacha tríú tíortha agus astaíochtaí leabaithe lena n-athúsáid níos déanaí a stóráil.
5. Is í an Bhainistíocht Rochtana SCCT dá dtagraítear in Airteagal 26 a dhéanfaidh rochtain ar an Tairseach Trádálaithe SCCT a bhainistiú go heisiach.

*Airteagal 23***Tairseach Údaráis Inniúla SCCT (TÚI SCCT) do na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla SCCT (TÚI/N SCCT)**

1. Beidh Tairseach Údaráis Inniúla SCCT do na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla mar an bpointe iontrála uathúil chuig Clárlann Idirthréimhseach SCCT do na húdaráis inniúla. Beidh an tairseach inrochtana ón Idirlíon.
2. Idiroibreoidh Tairseach Údaráis Inniúla SCCT do na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla le seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT trí líonra inmheánach an Choimisiúin.
3. Úsáidfídh na húdaráis inniúla Tairseach Údaráis Inniúla SCCT do na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla chun na cúraimí a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2023/956 a dhéanamh.
4. Is í an Bhainistíocht Rochtana SCCT dá dtagraítear in Airteagal 26 a dhéanfaidh rochtain ar Thairseach Údaráis Inniúla SCCT do na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla a bhainistiú go heisiach.

*Airteagal 24***Tairseach Údaráis Inniúla SCCT (TÚI SCCT) don Choimisiún (TÚI/C SCCT)**

1. Beidh Tairseach Údaráis Inniúla SCCT don Choimisiún mar an bpointe iontrála uathúil chuig Clárlann Idirthréimhseach SCCT don Choimisiún. Beidh an tairseach inrochtana ar líonra inmheánach an Choimisiúin agus ar an Idirlíon.
2. Idiroibreoidh an Tairseach Údaráis Inniúla SCCT don Choimisiún le seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT ar líonra inmheánach an Choimisiúin.
3. Úsáidfídh an Coimisiún Tairseach Údaráis Inniúla SCCT don Choimisiún chun na cúraimí a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2023/956 a dhéanamh.

4. Is í an Bhainistíocht Rochtana SCCT dá dtagraítear in Airteagal 26 a dhéanfaidh rochtain ar Thairseach Údaráis Inniúla SCCT don Choimisiún a bhainistiú go heisiach.

#### *Airteagal 25*

### **Seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT (SC SCCT)**

1. Freastalóidh Seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT ar na hiarrataí uile a dhéanann:
  - (a) na dearbhóirí tuairiscithe tríd an Tairseach Trádálaithe SCCT;
  - (b) na húdaráis inniúla tríd an Tairseach Údaráis Inniúla/N SCCT;
  - (c) an Coimisiún tríd an Tairseach Údaráis Inniúla/N SCCT.
2. Déanfaidh Seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT an fhaisnéis uile a chuirtear ar iontaoibh na Clárlainne Idirthréimhsí SCCT a stóráil go lárnach agus a bhainistiú. Déanfaidh sé marthanacht, sláine, agus comhleanúnachas na faisnéise sin a ráthú.
3. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh Seirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT a bhainistiú.
4. Is í an Bhainistíocht Rochtana Úsáideoirí SCCT dá dtagraítear in Airteagal 26 a dhéanfaidh rochtain ar Sheirbhísí Cúil na Clárlainne SCCT a bhainistiú go heisiach.

#### *Airteagal 26*

### **Córas bainistíochta rochtana**

Bunóidh an Coimisiún an córas bainistíochta rochtana chun bailíochtú a dhéanamh ar na hiarrataí ar rochtain arna gcur isteach ag dearbhóirí tuairiscithe agus ag daoine eile laistigh den chóras UUM&DS dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a), trí chórais bhainistíochta céannachta na mBallstát agus córais bhainistíochta céannachta agus rochtana an Aontais a nascadh de bhun Airteagal 27.

#### *Airteagal 27*

### **Córas bainistithe riaracháin**

Bunóidh an Coimisiún an córas bainistíochta riaracháin chun fíordheimhniú agus údarú a bhainistiú, agus chun sonraí aitheantais dearbhóirí tuairiscithe agus daoine eile a bhainistiú chun rochtain ar na córais leictreonacha a cheadú.

#### *Airteagal 28*

### **Córais bhainistithe' céannachta agus rochtana na mBallstát**

Bunóidh na Ballstáit córais bhainistíochta céannachta agus rochtana, nó úsáidfidh siad cinn atá ann cheana, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- (a) sonraí aitheantais dearbhóirí tuairiscithe agus daoine eile a chlárú agus a stóráil ar bhealach slán;
- (b) malartú slán sonraí aitheantais criptithe agus sínithe de chuid dearbhóirí tuairiscithe agus daoine eile.

## ROINN 3

**Feidhmiú na gcóras leictreonach agus oiliúint ina n-úsáid***Airteagal 29***Forbairt, tástáil, imscaradh agus bainistiú na gcóras leictreonach**

1. Déanfaidh an Coimisiún comhphárteanna coiteanna Chlárlann Idirthréimhseach SCCT a fhorbairt, a thástáil, a imscaradh agus a bhainistiú, agus féadfaidh na Ballstáit iad a thástáil. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát bunaíochta an dearbhóra tuairiscithe na cinntí faoi phionóis agus toradh faoi seach an phróisis sin in iúl don Choimisiún, trí chórais leictreonacha arna bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta, nastha le forfheidhmiú agus pionóis, nó ar mhodhanna eile.
2. Déanfaidh an Coimisiún sonraíochtaí coiteanna na gcomhéadan le comhphárteanna córais leictreonacha arna bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta a dhearadh agus a chothabháil i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.
3. I gcás inarb iomchuí, sainmhíneoidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla coiteanna i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus faoi réir athbhreithniú uathu, d'fhonn iad a chur in úsáid in am trátha. Beidh na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, an Coimisiún, rannpháirteach i bhforbairt agus cur in úsáid na gcóras. Rachaidh an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhar le dearbhóirí tuairiscithe agus le páirtithe leasmhara eile freisin.

*Airteagal 30***Cothabháil na gcóras leictreonach agus athruithe orthu**

1. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na comhphárteanna coiteanna a chothabháil agus is iad na Ballstáit a dhéanfaidh gcomhphárteanna náisiúnta a chothabháil.
2. Áiríteoidh an Coimisiún oibriú gan bhriseadh na gcóras leictreonach.
3. Féadfaidh an Coimisiún comhphárteanna coiteanna na gcóras leictreonach a athrú chun mífheidhmeanna a cheartú, chun feidhmiúlachtaí nua a chur leo nó chun athrú a dhéanamh ar na feidhmiúlachtaí atá ann cheana.
4. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi athruithe ar na comhphárteanna coiteanna agus faoi nuashonruithe orthu.
5. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis na hathruithe agus na nuashonruithe ar na córais leictreonacha a leagtar síos i míreanna 3 agus 4 ar fáil go poiblí.

*Airteagal 31***Cliseadh sealadach na gcóras leictreonach**

1. I gcás ina dteipeann go sealadach ar Chlárlann Idirthréimhseach SCCT, déanfaidh dearbhóirí tuairiscithe agus daoine eile an fhaisnéis a theastaíonn a thíolacadh chun na foirmiúlachtaí a theastaíonn a chomhlíonadh trí na modhanna a chinnfidh an Coimisiún, lena n-áirítear trí bhíthin modhanna seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha.
2. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit agus dearbhóirí tuairiscithe ar an eolas i gcás nach mbeidh fáil ar na córais leictreonacha mar thoradh ar theip shealadach.
3. Ullmhóidh an Coimisiún plean leanúnachais gnó SCCT le comhaontú idir na Ballstáit agus an Coimisiún. In cas ina dteipeann go sealadach ar Chlárlann Idirthréimhseach SCCT, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na coinníollacha chun í a ghníomhachtú.



*Airteagal 32***Tacaíocht oiliúna maidir le húsáid agus feidhmiú na gcomhphárteanna coiteanna**

Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit maidir le comhphárteanna coiteanna na gcóras leictreonach a úsáid agus a fheidhmiú tríd an ábhar oiliúna iomchuí a chur ar fáil.

## ROINN 4

**Cosaint sonraí, bainistiú sonraí agus úinéireacht agus slándáil na gcóras leictreonach***Airteagal 33***Sonraí pearsanta a chosaint**

1. Déanfar na sonraí pearsanta atá cláraithe i gClárlann Idirthréimhseach SCCT, agus comhphárteanna córais leictreonacha arna bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta a phróiseáil chun críocha Rialachán (AE) 2023/956 a chur chun feidhme, ag féachaint do chuspóirí sonracha na mbunachar sonraí sin mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Is iad seo a leanas na críocha dá bhféadfaí na sonraí pearsanta a phróiseáil:

- (a) Críocha fíordheimhnithe agus bainistiú rochtana;
- (b) Faireachán, seiceálacha agus athbhreithniú ar thuarascálacha SCCT;
- (c) Cumarsáid agus fógraí;
- (d) Comhlíontacht agus imeachtaí breithiúnacha;
- (e) Feidhmiú an bhonneagair TF, lena n-áirítear idir-inoibritheacht le córais dhílártha faoin Rialachán seo;
- (f) Staidreamh agus athbhreithniú ar fheidhmiú Rialachán (AE) 2023/956 agus an Rialachán seo.

2. Comhoibreoidh údaráis mhaoirseachta náisiúnta na mBallstát i réimse na cosanta sonraí pearsanta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725, chun maoirseacht chomhordaithe a áirithiú ar phróiseáil sonraí pearsanta atá cláraithe i gClárlann Idirthréimhseach SCCT agus ar chomhphárteanna córais leictreonacha arna bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta.

3. Beidh na forálacha atá san Airteagal seo gan dochar don cheart go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/679.

*Airteagal 34***Teorainn a chur le rochtain ar shonraí agus le próiseáil sonraí**

1. Féadfaidh dearbhóir tuairiscithe na sonraí atá cláraithe aige féin i gClárlann Idirthréimhseach SCCT a rochtain nó a phróiseáil ar bhealach eile. Féadfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla iad a rochtain agus a phróiseáil ar bhealach eile freisin.

2. I gcás ina n-aithnítear teagmhais agus fadhbanna sna próisis oibríochtúla maidir le soláthar seirbhísí na gcóras ina ngníomhaíonn an Coimisiún mar phróiseálaí, ní fhéadfaidh an Coimisiún rochtain a bheith aige ar na sonraí sna próisis sin ach amháin chun teagmhas cláraithe nó fadhb chlártha a réiteach. Áiritheoidh an Coimisiún rúndacht sonraí den sórt sin.

*Airteagal 35***Úinéireacht an chórais**

Is é an Coimisiún a bheidh ina úinéir córais ar Chlárlann Idirthréimhseach SCCT.

*Airteagal 36***Slándáil an chórais**

1. Áiritheoidh an Coimisiún slándáil Chlárlann Idirthréimhseach SCCT.
2. Chun na gcríoch sin, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na bearta is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - (a) cosc a chur ar rochtain aon duine neamhúdaraithe ar ghléasra a úsáidtear chun sonraí a phróiseáil;
  - (b) iontráil sonraí agus aon úsáid, modhnú nó scríosadh sonraí ag daoine neamhúdaraithe a chosc;
  - (c) aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a bhrath.
3. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a bhféadfadh sárú nó sárú amhrasta ar shlándáil Chlárlann Idirthréimhseach SCCT a bheith mar thoradh orthu.
4. Bunóidh an Coimisiún agus na Ballstáit pleananna slándála maidir le Clárlann Idirthréimhseach SCCT.

*Airteagal 37***Rialaitheoir do Chlárlann Idirthréimhseach SCCT**

Maidir le Clárlann Idirthréimhseach SCCT agus i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, gníomhóidh an Coimisiún agus na Ballstáit mar chomhrialaitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8) de Rialachán (AE) 2018/1725.

*Airteagal 38***Tréimhse choinneála sonraí**

1. Chun na cuspóirí a shaothraítear faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2023/956 a bhaint amach, go háirithe Airteagal 30 de, beidh an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh na sonraí i gClárlann Idirthréimhseach SCCT teoranta do 5 bliana ón tráth a gheofar an tuarascáil SCCT.
2. D'ainneoin mhír 1, i gcás inar taisceadh achomharc nó ina dtionscnaítear imeachtaí cúirte a bhaineann le sonraí a stóráiltear i gClárlann Idirthréimhseach SCCT, coinneofar na sonraí sin go dtí go bhfoirceannfar an nós imeachta achomhairc nó na himeachtaí cúirte agus ní úsáidfear iad ach amháin chun críche an nós imeachta achomhairc nó na n-imeachtaí cúirte thuasluaite.

*Airteagal 39***Measúnú ar na córais leictreonacha**

Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit measúnuithe ar na comhphárteanna a bhfuil siad freagrach astu agus déanfaidh siad anailís go háirithe ar shlándáil agus ar shláine na gcomhphárteanna sin agus ar rúndacht na sonraí arna bpróiseáil laistigh de na comhphárteanna sin.

Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit torthaí na measúnuithe sin in iúl dá chéile.

*Airteagal 40***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN I

## Faisnéis atá le cur isteach sna tuarascálacha SCCT

Leanfaidh an dearbhóir tuairiscithe struchtúr na tuarascála SCCT a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn seo agus a thugtar i gClárann Idirthréimhseach SCCT, agus cuirfidh sé san áireamh faisnéis a liostaítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn seo, agus an tuarascáil SCCT á chur isteach aige.

Tábla 1:

## Struchtúr na Tuarascála SCCT

Tuarascáil SCCT
Dáta eisiúna na tuarascála
Uimhir aitheantais na dréacht-tuarascála
Uimhir aitheantais na tuarascála
Tréimhse tuairiscithe
Bliain
—Dearbhóir tuairiscithe
—Seoladh
—Ionadaí (*)
—Seoladh
—Allmhaireoir (*)
—Seoladh
—Údarás inniúil
—Sínithe
—Deimhniú na tuarascála
—Cineál na modheolaíochta tuairiscithe is infheidhme
—Barúlacha
—Earraí SCCT arna n-allmhairiú
Uimhir míre earraí
—Ionadaí (*)
—Seoladh
—Allmhaireoir (*)
—Seoladh
—Cód an tráchtearra
Cód fo-cheannteidil an chórais chomhchuibhithe
Cód ainmníochta comhcheangailte
—Sonraí an tráchtearra
—An tír thionscnaimh
—Cainníocht arna hallmhairiú in aghaidh an nós imeachta custaim
—Nós imeachta

—————	Faisnéis próiseála isteach
—————	Réimse allmhairiúcháin
—————	Tomhas na n-earraí (in aghaidh an nós imeachta)
—————	Tomhas na n-earraí (próiseáil isteach)
—————	Tagairtí speisialta d'earraí
—————	Tomhas na n-earraí (allmhairithe)
—————	Astaíochtaí iomlána na n-earraí arna n-allmhairiú
—————	Doiciméid tacaíochta (le haghaidh earraí)
—————	Ceangaltáin
—————	Barúlacha
—————	Astaíochtaí na n-earraí SCCT
—————	Uimhir sheichimh astaíochtaí
—————	An tír tháirgthe
—————	Ainm cuideachta na suiteála
—————	Seoladh
—————	Sonraí teagmhála
—————	Suiteáil
—————	Seoladh
—————	Tomhas na n-earraí (táirgthe)
—————	Oibreoir na suiteála
—————	Astaíochtaí leabaithe díreacha
—————	Astaíochtaí leabaithe indíreacha
—————	Modh táirgthe & paraiméadair cháilitheacha
—————	Paraiméadair cháilitheacha na n-astaíochtaí díreacha
—————	Paraiméadair cháilitheacha na n-astaíochtaí indíreacha
—————	Doiciméid tacaíochta (i gcomhair sainmhíniú ar astaíochtaí)
—————	Ceangaltáin
—————	An praghas carbóin atá dlite
—————	Earraí atá cumhdaithe faoin bpraghas atá dlite
—————	Tomhas na n-earraí (cumhdaithe)
—————	Barúlacha

(\*) *Nóta:* Déanfar ionadaithe / allmhairíoirí a chlárú ar leibhéal na tuarascála SCCT nó ar leibhéal na n-earraí SCCT a allmhairítear, rud a bheidh ag brath ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na hionadaithe/na hallmhairíoirí céanna nó éagsúla leis na hearraí SCCT a allmhairítear.

Tábla 2:

## Ceanglais faisnéise shonraithe sa tuarascáil SCCT

Tuarascáil SCCT
Dáta eisiúna na tuarascála
Uimhir aitheantais na dréacht-tuarascála
Uimhir aitheantais na tuarascála
Tréimhse tuairiscithe
Bliain
Earraí iomlána arna n-allmhairiú
Astaíochtaí iomlána
–Dearbhóir tuairiscithe
Uimhir aitheantais
Ainm
Ról
—Seoladh
Ballstát bunaíochta
Foroinn
Cathair
Sráid
Sráid – líne bhreise
Uimhir
Cód Poist
Bosca poist
–Ionadaí (*)
Uimhir aitheantais
Ainm
—Seoladh
Ballstát bunaíochta
Foroinn
Cathair
Sráid
Sráid – líne bhreise
Uimhir
Cód Poist
Bosca poist
–Allmhaireoir (*)
Uimhir aitheantais
Ainm

## —Seoladh

Ballstát bunaíochta nó tír bhunaíochta

Foroinn

Cathair

Sráid

Sráid – líne bhreise

Uimhir

Cód Poist

Bosca poist

## –Údarás inniúil

Uimhir thagartha

## –Sínithe

## —Deimhniú na tuarascála

Deimhniú shonraí domhanda na tuarascála

Deimhniú sonraí a úsáid

Dáta an tsínithe

Áit an tsínithe

Síniú

Post an duine atá ag síniú

## —Cineál na modheolaíochta tuairiscithe is infheidhme

Modheolaíocht thuairiscithe eile is infheidhme

## –Barúlacha

Faisnéis bhreise

## –Earraí SCCT arna n-allmhairiú

Uimhir míre earraí

## —Ionadaí (\*)

Uimhir aitheantais

Ainm

## —Seoladh

Ballstát bunaíochta

Foroinn

Cathair

Sráid

Sráid – líne bhreise

Uimhir

Cód Poist

Bosca poist

—Allmhaireoir (*)
Uimhir aitheantais
Ainm
—Seoladh
Ballstát bunaíochta nó tír bhunaíochta
Foroinn
Cathair
Sráid
Sráid – líne bhreise
Uimhir
Cód Poist
Bosca poist
—Cód an tráchtearra
Cód fo-cheannteidil an chórais chomhchuibhithe
Cód ainmníochta comhcheangailte
—Sonraí an tráchtearra
Tuairisc ar na hearraí
—An tír thionscnaimh
Cód tíre
—Cainníocht arna hallmhairiú in aghaidh an nós imeachta custaim
Uimhir sheichimh
—Nós imeachta
Nós imeachta iarrtha
Nós imeachta roimhe seo
Faisnéis próiseála isteach
Ballstát an údaraithe próiseála isteach
Tarscaoileadh próiseála isteach le haghaidh bille urscaoilte
Údarú
Am tosaithe domhandaithe
Am deiridh domhandaithe
Spríoc-am maidir le cur isteach bille urscaoilte
—Réimse allmhairiúcháin
Réimse allmhairiúcháin
—Tomhas na n-earraí (in aghaidh an nós imeachta)
Glanmhais
Aonaid fhorlíontacha
Cineál an aonaid tomhais



---

——Tomhas na n-earraí (próiseáil isteach)

---

Glanmhais

---

Aonaid fhorlíontacha

---

Cineál an aonaid tomhais

---

——Tagairtí speisialta d'earraí

---

Faisnéis bhreise

---

——Tomhas na n-earraí (allmhairithe)

---

Glanmhais

---

Aonaid fhorlíontacha

---

Cineál an aonaid tomhais

---

——Astaíochtaí iomlána na n-earraí arna n-allmhairiú

---

Astaíochtaí na n-earraí in aghaidh an aonaid táirge

---

Astaíochtaí iomlána na n-earraí

---

Astaíochtaí díreacha na n-earraí

---

Astaíochtaí indéreacha na n-earraí

---

Cineál an aonaid tomhais le haghaidh astaíochtaí

---

——Doiciméid tacaíochta (le haghaidh earraí)

---

Uimhir sheichimh

---

Cineál

---

Tír eisiúna an doiciméid

---

Uimhir thagartha

---

Uimhir míre líne an doiciméid

---

Ainm an údaráis eisiúna

---

Dáta tosaithe na bailíochta

---

Dáta deiridh na bailíochta

---

Tuairisc

---

——Ceangaltáin

---

Ainm an chomhaid

---

Acmhainn Uilíoch Shainaitheanta

---

Iarmhíreanna do Phost Idirlín

---

Réad dénártha arna chur san áireamh

---

——Barúlacha

---

Faisnéis bhreise

---

——Astaíochtaí na n-earraí SCCT

---

Uimhir sheichimh astaíochtaí

---

An tír tháirgthe

---

—Ainm cuideachta na suiteála
Uimhir aitheantais an oibreora
Ainm an oibreora
—Seoladh
Cód tíre
Foroinn
Cathair
Sráid
Sráid – líne bhreise
Uimhir
Cód Poist
Bosca poist
—Sonraí teagmhála
Ainm
Uimhir theileafóin
Ríomhphost
—Suiteáil
Uimhir aitheantais na suiteála
Ainm na suiteála
Gníomhaíocht eacnamaíoch
—Seoladh
Tír bhunaíochta
Foroinn
Cathair
Sráid
Sráid – líne bhreise
Uimhir
Cód Poist
Bosca poist
Uimhir na ceapaí nó na dáileachta
NA/LOCODE
Domhanleithead
Domhanfhad
Cineál comhordanáidí
—Tomhas na n-earraí (táirgthe)
Glanmhais
Aonaid fhorlíontacha
Cineál an aonaid tomhais

—Oibreoir na suiteála
Astaíochtaí iomlána na suiteála
Astaíochtaí díreacha na suiteála
Astaíochtaí indíreacha na suiteála
Cineál an aonaid tomhais le haghaidh astaíochtaí
—Astaíochtaí leabaithe díreacha
Cineál an chinnidh
Cineál an chinnidh (leictreachas)
Cineál na modheolaíochta tuairiscithe is infheidhme
An mhodheolaíocht tuairiscithe is infheidhme
Sainastaíochtaí leabaithe (díreacha)
Tásc foinse eile
Foinse an fhachtóra astaíochta (i gcomhair leictreachais)
Fachtóir astaíochta
Leictreachas arna allmhairiú
Astaíochtaí leabaithe iomlána an leictreachais arna allmhairiú
Cineál an aonaid tomhais
Foinse luach an fhachtóra astaíochta
Réasúnú
Comhlíonadh na coinníollachta
—Astaíochtaí leabaithe indíreacha
Cineál an chinnidh
Foinse an fhachtóra astaíochta
Fachtóir astaíochta
Sainastaíochtaí leabaithe (indíreacha)
Cineál an aonaid tomhais
Leictreachas arna ídiú
Foinse leictreachais
Foinse luach an fhachtóra astaíochta
—Modh táirgthe & paraiméadair cháilitheacha
Uimhir sheichimh
Uimhir aitheantais an mhodha
Ainm an mhodha
Uimhir aitheantais an mhuilinn cruach shonraigh
Faisnéis Bhreise

Paraiméadair cháilitheacha na n-astaíochtaí díreacha
Uimhir sheichimh
Uimhir aitheantais an pharaiméadair
Ainm an pharaiméadair
Tuairisc
Cineál luach an pharaiméadair
Luach an pharaiméadair
Faisnéis bhreise
Paraiméadair cháilitheacha na n-astaíochtaí indíreacha
Uimhir sheichimh
Uimhir aitheantais an pharaiméadair
Ainm an pharaiméadair
Tuairisc
Cineál luach an pharaiméadair
Luach an pharaiméadair
Faisnéis bhreise
Doiciméid tacaíochta (i gcomhair sainmhíniú ar astaíochtaí)
Uimhir sheichimh
Cineál an doiciméid astaíochtaí
Tír eisiúna an doiciméid
Uimhir thagartha
Uimhir míre líne an doiciméid
Ainm an údaráis eisiúna
Dáta tosaithe na bailíochta
Dáta deiridh na bailíochta
Tuairisc
Ceangaltáin
Ainm an chomhaid
Acmhainn Uilíoch Shainaitheanta
Iarmhíreanna do Phost Idirlín
Réad dénártha arna chur san áireamh
An praghas carbóin atá dlite
Uimhir sheichimh
Cineál ionstraime
Tuairisc agus léiriú ar an ngníomh dlí
Méid an phraghais carbóin atá dlite
Airgeadra

---

Ráta malairte
Méid (EURO)
Cód tíre
————— Earraí atá cumhdaithe faoin bpraghas atá dlite
Uimhir sheichimh
Cineál na n-earraí a chumhdaítear
Cód Ainmníochta Comhcheangailte na n-earraí a chumhdaítear
Cainníocht na n-astaíochtaí a chumhdaítear
Cainníocht a chumhdaítear le leithdháiltí saor in aisce, le haon lacáiste nó le haon chineál eile cúitimh
Faisnéis fhorlíontach
Faisnéis bhreise
—————Tomhas na n-earraí (cumhdaithe)
Glanmhais
Aonaid fhorlíontacha
Cineál an aonaid tomhais
—————Barúlacha
Uimhir sheichimh
Faisnéis Bhreise

---

(\*) *Nóta:* Déanfar ionadaithe / allmhaireoirí a chlárú ar leibhéal na tuarascála SCCT nó ar leibhéal na n-earraí SCCT a allmhairítear, rud a bheidh ag brath ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na hionadaithe/na hallmhaireoirí céanna nó éagsúla leis na hearraí SCCT a allmhairítear.

---

## IARSCRÍBHINN II

**Sainmhínithe agus bealaí táirgthe le haghaidh earraí**

## 1. SAINMHÍNITHE

Chun críoch na hIarscríbhíne seo agus Iarscríbhínní III, IV agus VIII go IX, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (0) ciallaíonn ‘sonraí gníomhaíochta’ méid na mbreoslaí nó na n-ábhar a ídítear nó a tháirgtear trí phróiseas atá ábhartha don mhodheolaíocht ríomhbhunaithe, arna sloinneadh i dteirigiúil, i dtónaí maidir le mais nó (i gcás gáis) i ngnáthmhéadair chiúbacha maidir le toilleadh, de réir mar is iomchuí;
- (1) ciallaíonn ‘leibhéal gníomhaíochta’ cainníocht na n-earraí a tháirgtear (arna shloinneadh in MWh maidir le leictreachas, nó i dtónaí maidir le hearraí eile) laistigh de theorainneacha próisis táirgthe;
- (2) ciallaíonn ‘tréimhse tuairiscithe’ tréimhse a roghnaigh oibreoir suiteála a úsáid mar thagairt chun astaíochtaí leabaithe a chinneadh;
- (3) ciallaíonn ‘sruth foinse’ aon cheann díobh seo a leanas:
  - (a) cineál sonrach breosla, amhábhair nó táirge as a dtagann astaíochtaí gás ceaptha teasa ábhartha ag foinse astaíochtaí amháin nó níos mó mar thoradh ar a ídiú nó a tháirgeadh;
  - (b) cineál sonrach breosla, amhábhair nó táirge ina bhfuil carbón agus a áirítear i ríomh na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa trí úsáid a bhaint as modh maischothromaíochta;
- (4) ciallaíonn ‘foinse astaíochtaí’ cuid de shuiteáil nó próiseas laistigh de shuiteáil atá inaitheanta ar leithligh, óna n-astaítear gáis ceaptha teasa ábhartha;
- (5) ciallaíonn ‘neamhchinnteacht’ paraiméadar a bhaineann le toradh ar chainníocht a chinneadh arb é a phríomhthréith scaipeadh na luachanna a d’fhéadfaí a shannadh go réasúnach don chainníocht áirithe, lena n-áirítear éifeachtaí fachtóirí córasacha chomh maith le fachtóirí randamacha, arna shloinneadh mar chéatadán, agus léirítear leis eastramh muiníne timpeall an mheánluacha lena gcuimsítear 95 % de luachanna bunaithe ar thátal lena gcuirtear aon neamhshiméadracht i scaipeadh na luachanna san áireamh;
- (6) ciallaíonn ‘fachtóirí ríomha’ glanluach calrach, fachtóir astaíochta, réamh-fhachtóir astaíochta, fachtóir ocsaídiúcháin, fachtóir coinbhéartachta, cion carbóin nó codán bithmhaise;
- (7) ciallaíonn ‘astaíochtaí dócháin’ astaíochtaí gás ceaptha teasa a tharlaíonn le linn imoibriú eisiteirmeach breosla le hocsaigin;
- (8) ciallaíonn ‘fachtóir astaíochta’ meánráta astaíochta gáis cheaptha teasa i gcóimheas le sonraí gníomhaíochtaí maidir le sruth foinse ag glacadh leis go ndéantar ocsaídiú iomlán i gcás dócháin agus go ndéantar tiontú iomlán i gcás na n-imoibriúcháin cheimiceacha eile uile;
- (9) ciallaíonn ‘fachtóir ocsaídiúcháin’ an cóimheas idir carbón a ndéantar a ocsaídiú ina CO<sub>2</sub> mar thoradh ar dhóiteán agus an carbón iomlán atá sa bhreosla, arna shloinneadh mar chodán, agus aonocsaíd charbóin (CO) a astaítear san atmaisféar á mheas mar an méid coibhéise mólaráí de CO<sub>2</sub>;
- (10) ciallaíonn ‘fachtóir coinbhéartachta’ an cóimheas idir an carbón a astaítear mar CO<sub>2</sub> agus an carbón iomlán atá sa sruth foinse sula dtarlaíonn an próiseas astaithe, arna shloinneadh mar chodán, agus CO a astaítear san atmaisféar á mheas mar an méid coibhéiseach mólaráí CO<sub>2</sub>;
- (11) ciallaíonn ‘cruinneas’ cé chomh gar dá chéile is atá toradh tomhais agus fíorluach na cainníochta áirithe nó luach tagartha arna chinneadh go heimpireach agus úsáid á baint as ábhair chalabraithe atá inghlactha agus inrianaithe go hidirnáisiúnta agus as modhanna caighdeánacha, agus fachtóirí randamacha agus córasacha araon á gcur san áireamh;
- (12) ciallaíonn ‘calabré’ an tacar oibríochtaí lena suitear an gaol, faoi choinníollacha sonraithe, idir luachanna a léirítear le hionstraim tomhais nó le córas tomhais, nó luachanna a léirítear le tomhais ábhartha nó le hábhar tagartha agus na luachanna comhfhreagracha de chainníocht arna mbaint amach le caighdeán tagartha;
- (13) ciallaíonn ‘coimeádach’ go sainítear tacar toimhdí d’fhonn a áirithiú nach dtarlaíonn aon tearcmheastachán ar astaíochtaí tuairiscithe ná aon rómheastachán ar tháirgeadh teasa, leictreachais ná earraí;

- (14) ciallaíonn ‘bithmhais’ an codán in-bhithdhíghrádaithe de tháirgí, dramhaíl, agus iarmhair de thionscnamh bitheolaíoch ón talmhaíocht, lena n-áirítear substaintí cothaitheacha agus ainmhíocha, ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú, chomh maith leis an gcodán in-bhithdhíghrádaithe de dhramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl thionsclaíoch agus chathrach de thionscnamh bitheolaíoch;
- (15) ciallaíonn ‘dramhaíl’ aon substaint nó rud a aischiureann an sealbhóir, nó a bhfuil sé beartaithe aige nó a bhfuil sé de cheangal air a aiscur, seachas substaintí atá modhnaithe nó éillithe d’aon ghnó chun an sainmhíniú seo a chomhlíonadh;
- (16) ciallaíonn ‘iarmhar’ substaint nach é an táirge/na táirgí deiridh é a bhféachtar lena tháirgeadh/dtáirgeadh le próiseas táirgthe; ní príomhaidhm de chuid an phróisis táirgthe é agus níor modhnaíodh an próiseas d’aon ghnó ar mhaithe lena tháirgeadh;
- (17) ciallaíonn ‘iarmhair thalmhaíochta, dhobharshaothraithe, iascaigh agus foraoiseachta’ iarmhair a ghintear go díreach in earnáil na talmhaíochta, an dobharshaothraithe, an iascaigh agus na foraoiseachta, agus nach n-áirítear leo iarmhair a thagann ó thionscail ghaolmhara nó ó phróiseáil ghaolmhar;
- (18) ciallaíonn ‘rialú méadreolaíoch dlíthiúil’ rialú ag údarás poiblí nó ag rialtóir poiblí ar na cúraimí tomhais atá beartaithe do raon feidhme ionstraimhe tomhais, ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail, leis an tsláinte phoiblí, leis an tsábháilteacht phoiblí, leis an ord poiblí, le cosaint an chomhshaoil, le tobhach cánacha agus dleachtanna, le cosaint tomhaltóirí agus le trádáil chóir;
- (19) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí sreafa sonraí’ gníomhaíochtaí a bhaineann le sonraí a fháil, a phróiseáil agus a láimhseáil, ar sonraí iad a bhfuil gá leo chun tuarascáil astaíochtaí a dhréachtú ó shonraí príomhfhoinsé;
- (20) ciallaíonn ‘córas tomhais’ tacar iomlán ionstraimí tomhais agus trealamh eile, amhail trealamh samplála agus próiseála sonraí, a úsáidtear chun athróa a chinneadh amhail sonraí gníomhaíochta, cion carbóin, luach calrach nó factóir astaíochta na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa;
- (21) ciallaíonn ‘glanluach calrach’ (NCV) an méid sonracha fuinnimh a scaoiltear mar theas nuair a dhéantar dóchán iomlán le hocsáigin ar bhreosla nó ar ábhar faoi dhálaí caighdeánacha, lúide teas galaithe aon uisce a fhoirmítear;
- (22) ciallaíonn ‘astaíochtaí próisis’ astaíochtaí gás ceaptha teasa seachas astaíochtaí dócháin a tharlaíonn mar thoradh ar imoibrithe d’aon ghnó agus neamhbheartaithe idir substaintí nó mar thoradh ar chlaochlú na substaintí sin, chun críche príomhúla seachas teas a ghiniúint, lena n-áirítear ó na próisis seo a leanas:
- (a) dí-ocsaídiú ceimiceach, leictrealaíoch nó pirimiotalóireach de chomhdhúile miotail i mianta, i dtiúcháin agus in ábhair thánaisteacha;
  - (b) eisíontais a bhaint as miotail agus as comhdhúile miotail;
  - (c) dianscaoileadh carbónáití, lena n-áirítear carbónáití a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin;
  - (d) sintéisí ceimiceacha táirgí agus táirgí idirmheánacha i gcás ina nglacann an t-ábhar a bhfuil carbón ann páirt san imoibriú;
  - (e) úsáid breiseán nó amhábhar ina bhfuil carbón;
  - (f) dí-ocsaídiú ceimiceach nó leictrealaíoch d’ocsaídí miotalacha nó d’ocsaídí neamh-mhiotail amhail ocsaídí síleacain agus fosfáití;
- (23) ciallaíonn ‘baisc’ méid breosla nó ábhair a dhéantar a shampláil agus a shaintréithriú go hionadaíoch, agus a aistrítear mar lastas amháin nó go leanúnach thar thréimhse shonrach ama;
- (24) ciallaíonn ‘breosla measctha’ breosla ina bhfuil bithmhais agus carbón iontaise araon;
- (25) ciallaíonn ‘ábhar measctha’ ábhar ina bhfuil bithmhais agus carbón iontaise araon;
- (26) ciallaíonn ‘réamh-fhachtóir astaíochta’ an factóir astaíochta iomlán toimhdithe atá ag breosla nó ábhar, bunaithe ar chion carbóin a chodáin bithmhaise agus a chodáin iontaise sula ndéantar é a iolrú faoin gcodán iontaise chun an factóir astaíochta a tháirgeadh;
- (27) ciallaíonn ‘codán iontaise’ an cóimheas idir carbón iontaise agus neamhorgánach agus an cion carbóin iomlán i mbreosla nó in ábhar, arna shloinneadh mar chodán;

- (28) ciallaíonn ‘codán bithmhais’ an cóimheas idir an carbón a eascraíonn as bithmhais agus an cion carbóin iomlán i mbreosla nó in ábhar, arna shloinneadh mar chodán;
- (29) ciallaíonn ‘tomhas leanúnach astaíochtaí’ sraith oibríochtaí a bhfuil sé de chuspóir acu luach cainníochta a chinneadh trí bhíthin tomhais thréimhsiúla, agus tomhais á gcur i bhfeidhm sna nósanna imeachta cruach nó eastóscacha le hionstraim tomhais atá suite gar don chruach, ach gan modheolaíochtaí tomhais bunaithe ar bhailiú samplaí aonair ón gcruach a chur san áireamh;
- (30) ciallaíonn ‘CO<sub>2</sub> fréimhíochta’ CO<sub>2</sub> ar cuid de shruth foinse é;
- (31) ciallaíonn ‘carbón iontaise’ carbón neamhorgánach agus orgánach nach bithmhais é;
- (32) ciallaíonn ‘pointe tomhais’ an fhoinse astaíochtaí a n-úsáidtear córais tomhais leanúnaigh astaíochtaí (CEMS) ina leith chun astaíochtaí a thomhas, nó an trasghearradh de chóras píblíne a ndéantar sreabhadh CO<sub>2</sub> a chinneadh ina leith agus úsáid á baint as córais tomhais leanúnaigh;
- (33) ciallaíonn ‘astaíochtaí éalaitheacha’ astaíochtaí neamhrialta nó neamhbheartaithe ó fhoinsí nach bhfuil logánta, nó atá ró-éagsúil nó róbheag le faireachán a dhéanamh orthu ina n-aonar;
- (34) ciallaíonn ‘dálaí caighdeánacha’ teocht 273,15 K agus brúdhálaí 101 325 Pa lena sainmhíneáir gnáthmhéadair chiúbacha (Nm<sup>3</sup>);
- (35) ciallaíonn ‘seachshonraí’ luachanna bliantúla a bhfuil bunús eimpíreach leo nó atá díorthaithe ó fhoinsí a nglactar leo, agus a úsáideann oibreoir chun tacar sonraí a ionadú chun tuairiscíú iomlán a áirithiú nuair nach féidir na sonraí nó na fachtóirí riachtanacha uile a ghiniúint sa mhodheolaíocht faireacháin is infheidhme;
- (36) ciallaíonn ‘teas intomhaiste’ glansreabhadh teasa a iompraítear trí phíblíní nó ductanna inaitheanta agus a úsáideann meán aistrithe teasa, amhail, go háirithe, gal, aer te, uisce, ola, miotail leachtacha agus salainn, a bhfuil méadar teasa suiteáilte nó a bhféadfaí méadar teasa a shuiteáil ina leith;
- (37) ciallaíonn ‘méadar teasa’ méadar fuinnimh theirmigh nó aon ghaires eile lena dtomhaistear agus lena dtaifeadtar an méid fuinnimh theirmigh a tháirgtear bunaithe ar thoirteanna sreafa agus ar theochtaí sreafa;
- (38) ciallaíonn ‘teas nach teas intomhaiste é’ gach teas seachas teas intomhaiste;
- (39) ciallaíonn ‘dramhghás’ gás ina bhfuil carbón atá ocsaídithe go neamhiomlán i staid ghásach faoi choinníollacha caighdeánacha atá mar thoradh ar aon cheann de na próisis a liostaítear i bpointe (22);
- (40) ciallaíonn ‘próiseas táirgthe’ na próisis cheimiceacha nó fhisiceacha a dhéantar chun earraí a tháirgeadh faoi chatagóir earraí chomhiomlánaithe a shainmhíneáir i dTábla 1 de Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, agus a theorainneacha córais sonraíthe maidir le hionchuir, aschuir agus astaíochtaí comhfhreagracha;
- (41) ciallaíonn ‘bealach táirgthe’ teicneolaíocht shonrach a úsáidtear i bpróiseas táirgthe chun earraí a tháirgeadh faoi chatagóir earraí chomhiomlánaithe;
- (42) ciallaíonn ‘tacar sonraí’ cineál amháin sonraí, ar leibhéal na suiteála nó ar leibhéal an phróisis táirgthe de réir mar is ábhartha sna himthosca, mar aon cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) méid na mbreoslaí nó na n-ábhar a ídítear nó a tháirgtear trí phróiseas táirgthe mar atá ábhartha don mhodheolaíocht ríomhbhunaithe, arna sloinneadh i dteirigiúil, i dtónaí maidir le mais nó, i gcás gáis, i ngnáthmhéadair chiúbacha maidir le toilleadh, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh dramhghás;
- (b) fachtóir ríomha;
- (c) glanchainníocht teasa intomhaiste, agus na paraiméadair ábhartha is gá chun an chainníocht sin a chinneadh, go háirithe:
- sreabhadh maise an mheáin aistrithe teasa, agus
- eantapacht de mheán aistrithe teasa tarchurtha agus aiscurtha, mar a shonraítear le comhdhéanamh, teocht, brú agus sáithiú;
- (d) cainníochtaí teasa nach teas intomhaiste é, arna sonrú leis na cainníochtaí ábhartha breoslaí a úsáidtear chun teas a tháirgeadh, agus glanluach calrach (NCV) an mheascáin breosla;
- (e) cainníochtaí leictreachais;



- (f) cainníochtaí CO<sub>2</sub> arna n-aistriú idir suiteálacha;
- (g) cainníochtaí réamhtheachtaithe arna bhfáil ó lasmuigh den tsuiteáil, agus a bparaiméadair ábhartha, amhail tír thionscnaimh, an bealach táirgthe a úsáideadh, sainastaíochtaí díreacha agus indíreacha, an praghas carbóin atá dlite;
- (h) paraiméadair atá ábhartha maidir le praghas carbóin atá dlite;
- (43) ciallaíonn ‘íoscheanglais’ modhanna faireacháin ina n-úsáidtear na hiarrachtaí íosta atá ceadaithe chun sonraí a chinneadh ionas go mbeidh na sonraí astaíochtaí inghlactha chun críoch Rialachán (AE) 2023/956;
- (44) ciallaíonn ‘feabhsúcháin molta’ modhanna faireacháin ar meáin chruthaithe iad chun a áirithiú go bhfuil sonraí níos cruinne nó gur lú an seans go mbeadh botúin sna sonraí ná mar a dhéanfaí trí íoscheanglais a chur i bhfeidhm, agus a fhéadfadh a roghnú ar bhonn deonach;
- (45) ciallaíonn ‘míríteas’ easnamh, mífhaisnéis nó earráid i sonraí tuairiscithe an oibreora, gan an neamhchinnteacht is incheadaithe do thomhais agus d’anailísí saotharlainne a chur san áireamh;
- (46) ciallaíonn ‘míríteas ábhartha’ míráiteas a sháraíonn, i dtuairim an fhíoraitheora, ina aonar nó nuair a dhéantar é a chomhiomlánú le míráitis eile, an leibhéal ábharthachta, nó míráiteas a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do láimhseáil thuarascáil an oibreora ag an údarás inniúil;
- (47) ciallaíonn ‘dearbhu réasúnach’ leibhéal dearbhaithe atá ard ach gan bheith absalóideach, a chuirtear in iúl go dearfach sa tuairim fíorúcháin, i dtaobh an bhfuil tuarascáil an oibreora atá faoi réir fíoraithe saor ó mhíríteas ábhartha;
- (48) ciallaíonn ‘córas faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe’ na córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe i gcás ina mbunaítear an tsuiteáil chun críche scéime praghsála carbóin, nó scéimeanna faireacháin astaíochtaí éigeantacha, nó scéime faireacháin astaíochtaí ag an tsuiteáil a bhféadfadh fíoraitheoir creidiúnaithe a bheith san áireamh inti, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Rialachán seo.

## 2. CÓID AC A MHAPÁIL AR CHATAGÓIRÍ EARRAÍ COMHIOMLÁNAITHE

Sainítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn seo catagóirí earraí comhiomlánaithe le haghaidh gach cód AC a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956. Úsáidtear na catagóirí sin chun teorainneacha córais na bpróiseas táirgthe a shainiú chun astaíochtaí leabaithe a chomhfhreagraíonn do na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a chinneadh.

Tábla 1

### Cóid AC a mhapáil ar chatagóirí earraí comhiomlánaithe

Cód AC	Catagóir earraí comhiomlánaithe	Gás ceaptha teasa
<i>Stroighín</i>		
2507 00 80 – Créanna caoilíneacha eile	Cré chailcínithe	Dé-ocsaíd charbóin
2523 10 00 – Clincir stroighne	Clincear stroighne	Dé-ocsaíd charbóin
2523 21 00 – Stroighín bhán Portland, bíodh sí daite go saorga nó ná bíodh	Stroighín	Dé-ocsaíd charbóin
2523 29 00 – Cineálacha eile stroighne Portland		
2523 90 00 – Cineálacha eile stroighne hidrálai		
2523 30 00 – Stroighín alúmanach	Stroighín alúmanach	Dé-ocsaíd charbóin
<i>Leictreachas</i>		
2716 00 00 – Fuinneamh leictreach	Leictreachas	Dé-ocsaíd charbóin
<i>Leasachán</i>		
2808 00 00 – Aigéad nítreach; aigéid shulfainítreacha	Aigéad nítreach	Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil

3102 10 – Úiré, bíodh sí i dtuaslagán uiscí nó ná bíodh	Úiré	Dé-ocsaíd charbóin
2814 – Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí	Amóinia	Dé-ocsaíd charbóin
2834 21 00 - Níotráit photaisiam 3102 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha, iad nítrigineach seachas 3102 10 (Úiré) 3105 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil dhá cheann nó trí cinn de na dúile leasacháin nítrigin, fosfar agus potaisiam; leasacháin eile — Seachas: 3105 60 00 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil an dá dhúil leasacháin fosfar agus potaisiam	Leasacháin mheasctha	Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil
<i>Iarann agus Cruach</i>		
2601 12 00 – Iarnchlocha agus tiúchain cheirtleánaithe, seachas iarnphirítí rósta	Mian Shintéaraithe	Dé-ocsaíd charbóin
7201 – Muciarann agus speigeleisen ina mhuc-bharraí, ina bhloic nó i bhfoirmeacha príomhúla eile D'fhéadfadh roinnt táirgí faoi 7205 (Gráinníní agus púdair de mhuciarann, speigeleisen, iarann nó cruach) a bheith clúdaithe anseo	Muciarann	Dé-ocsaíd charbóin
7202 1 – Fearómangainéis	FeMn	Dé-ocsaíd charbóin
7202 4 – Fearócróimiam	FeCr	Dé-ocsaíd charbóin
7202 6 – Fearóinícil	FeNi	Dé-ocsaíd charbóin
7203 – Táirgí feiriúla a fhaightear trí dhí-ocsaídiú díreach a dhéanamh ar iarnchloch agus ar tháirgí feiriúla spúinseacha eile	DRI	Dé-ocsaíd charbóin
7206 – Iarann agus cruach neamh-chóimhiotal in uingí nó foirmeacha príomhúla eile (seachas iarann faoi cheannteideal 7203) 7207 – Táirgí leathchríochnaithe d'iarann agus de chruach neamh-chóimhiotail 7218 – Cruach dhosmálta in uingí nó foirmeacha príomhúla eile; táirgí leathchríochnaithe de chruach dhosmálta 7224 – Cruach chóimhiotail eile in uingí nó foirmeacha príomhúla eile; earraí leathchríochnaithe de chruach chóimhiotail eile	Amhchruach	Dé-ocsaíd charbóin
7205 – Gráinníní agus púdair de mhuciarann, speigeleisen, iarann nó cruach (mura gcumhdaítear iad faoin gcatagóir muciarainn) 7208 – Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm nó níos mó, teorollta, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe 7209 – Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm nó níos mó, fuarollta (fuarlaghdaithe), nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe 7210 – Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm nó níos mó, atá cumhdaithe, plátáilte nó brataithe	Táirgí iarainn nó cruach	Dé-ocsaíd charbóin

7211 – Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead níos lú ná 600 mm, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe

7212 – Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead níos lú ná 600 mm, atá cumhdaithe, plátáilte nó brataithe

7213 – Barraí agus slata, iad teorollta, iad ina gcornaí atá tochraiste go mírialta, iad déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail

7214 – Barraí agus slata eile déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail, iad gaibhnithe, teorollta, teo-tharraingthe nó teo-easbhruíte, agus gan aon saoirsiú thairis sin déanta orthu, lena n-áirítear an chuid a gcuirtear casadh iontu tar éis a rollta

7215 – Barraí agus slata eile déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail

7216 – Uillinneacha, cruthanna agus cónaisc déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail

7217 – Sreang iarainn nó sreang cruach neamh-chóimhiotail

7219 – Táirgí cothromrollta cruach dosmálta, ar leithead 600 mm nó níos mó

7220 – Táirgí cothromrollta cruach dosmálta, ar leithead níos lú ná 600 mm

7221 – Barraí agus slata, iad teorollta, iad ina gcornaí atá tochraiste go mírialta, iad déanta as cruach dhosmálta

7222 – Barraí agus slata eile déanta as cruach dhosmálta; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc déanta as cruach dhosmálta

7223 – Sreang cruach dosmálta

7225 – Táirgí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, ar leithead 600 mm nó níos mó

7226 – Táirgí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, ar leithead níos lú ná 600 mm

7227 – Barraí agus slata, iad teorollta, iad ina gcornaí atá tochraiste go mírialta, iad déanta as cruach chóimhiotail eile

7228 – Barraí agus slata eile déanta as cruach chóimhiotail eile; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, iad déanta as cruach chóimhiotail eile; barraí agus slata druilire tolla, iad déanta as cruach cóimhiotail agus neamh-chóimhiotail

7229 – Sreang déanta as cruach cóimhiotail eile

7301 – Bratphléaíl iarainn nó cruach, bíodh sí druileáilte nó ná bíodh, bíodh sí pollta nó ná bíodh, nó bíodh sí déanta as nithe cóimeáilte nó ná bíodh; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, iad táite, agus iad déanta as iarann nó as cruach

7302 – Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh iarnróid nó le haghaidh trambhealaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, froganna trasnála, slata pointe agus píosaí eile i gcomhair na trasnála, trasnáin (trascheangail), lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí (bunphlátaí), fáiscíní ráille, leabaphlátaí, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú

7303 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, déanta as iarann teilgthe

7304 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, gan uaim, iad déanta as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe)

7305 – Feadáin agus píobáin eile (iad táite, seamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla), trasghearradh ciorclach iontu, iad níos mó ná 406,4 mm ar an trastomhas seachtrach, agus iad déanta as iarann nó cruach

7306 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla eile (cinn séama oscailte nó cinn atá dúnta le táthú, seamú nó ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach

<p>7307 – Feistis feadáin nó píobáin (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach</p> <p>7308 – Struchtúir (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna de struchtúir (droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí, arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh iarainn nó chruach</p> <p>7309 – Taiscumair, umair, dabhcha agus coimeádáin chomhchosúla le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu</p> <p>7310 – Umair, bairillí, drumáí, cannaí, boscaí agus coimeádáin chomhchosúla, le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 l, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu</p> <p>7311 – Coimeádáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, iad déanta as iarann nó as cruach</p> <p>7318 – Scriúna, boltaí, cnónna, scriúna cóiste, crúcaí scriú, seamanna, leicníní, pionnaí leicnín, leicneáin (lena n-áirítear leicneáin ar sprionga) agus earraí den chineál céanna, iad déanta as iarann nó as cruach</p> <p>7326 – Earraí eile iarainn nó cruach</p>		
<p><i>Alúmanam</i></p>		
<p>7601 – Alúmanam neamhshaoirsithe</p>	<p>Alúmanam neamhshaoirsithe</p>	<p>Dé-ocsaíd charbóin agus sárfluoracarbóin</p>
<p>7603 – Púdair agus calóga alúmanaim</p> <p>7604 – Barra, slata agus próifílí alúmanaim</p> <p>7605 – Sreang alúmanaim</p> <p>7606 – Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús</p> <p>7607 – Scragall alúmanaim (bíodh sé priontáilte nó bíodh páipéar, cairtchlár, plaistigh nó ábhar taca comhchosúil ar a chúl nó ná bíodh), nach bhfuil níos mó ná 0,2 mm ar tiús (gan aon ábhar taca a áireamh)</p> <p>7608 – Feadáin agus píobáin alúmanaim</p> <p>7609 00 00 – Feistis feadáin nó píobáin alúmanaim (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla)</p> <p>7610 – Struchtúir alúmanaim (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna de struchtúir (mar shampla, droichid agus codanna droichid, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha dorais, balastráidí, piléir agus colúin); plátaí, slata, próifílí, feadáin agus a leithéid, déanta as alúmanam, arna n-ullmhú lena n-úsáid i struchtúir</p> <p>7611 00 00 – Taiscumair, umair, dabhcha agus coimeádáin chomhchosúla eile, as alúmanam, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh níos mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu</p>	<p>Táirgí alúmanaim</p>	<p>Dé-ocsaíd charbóin agus sárfluoracarbóin</p>

7612 – Umair, bairillí, drumáí, cannaí, boscaí agus coimeádáin chomhchosúla eile (lena n-áirítear taisceadáin fheadánacha righne nó intitimeacha), as alúmanam, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), nach bhfuil toilleadh níos mó ná 300 l iontu, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bídis, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu		
7613 00 00 – Coimeádáin alúmanaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe		
7614 – Sreang dhualach, cáblaí, bandaí trilseánaithe agus a leithéid de dhéantús alúmanaim, nach bhfuil inslithe go leictreach		
7616 – Earraí eile alúmanaim		
<i>Ceimiceáin</i>		
2804 10 000 – Hidrigin	Hidrigin	Dé-ocsaíd charbóin

### 3. BEALAÍ TÁIRGTHE, TEORAINNEACHA CÓRAIS AGUS RÉAMHTHEACHTAITHE ÁBHARHA

#### 3.1 Rialacha trasearnála

Chun leibhéal gníomhaíochta (cainníocht a tháirgtear) na n-earraí a chinneadh mar ainmneoir i gCothromóidí 50 agus 51 (Roinn F.1 d'Iarscríbhinn III), beidh feidhm ag rialacha faireacháin Roinn F.2 d'Iarscríbhinn III.

I gcás ina n-úsáidtear roinnt bealaí táirgthe sa tsuiteáil chéanna chun earraí a tháirgeadh a thagann faoin gcód AC céanna, agus i gcás ina sanntar próisis táirgthe ar leithligh do na bealaí táirgthe sin, déanfar astaíochtaí leabaithe na n-earraí sin a ríomh ar leithligh do gach bealach táirgthe.

Maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí díreacha, déanfar faireachán ar gach foinse astaíochtaí agus sruthanna foinse a bhaineann leis an bpróiseas táirgthe, agus na ceanglais shonracha a leagtar síos i Ranna 3.2 go 3.19 den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb ábhartha, agus na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn III á gcur san áireamh.

I gcás ina n-úsáidtear gabháil CO<sub>2</sub>, beidh feidhm ag rialacha Roinn B.8.2 d'Iarscríbhinn III.

Maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí indíreacha, déanfar idiú iomlán leictreachais gach próisis táirgthe a chinneadh, laistigh de na teorainneacha córais a shainítear i gcomhréir le Ranna 3.2 go 3.19 den Iarscríbhinn seo agus i gcomhréir le Roinn A.4 d'Iarscríbhinn III, i gcás inarb ábhartha. Déanfar an fachtóir astaíochta ábhartha leictreachais a chinneadh i gcomhréir le Roinn D.2 d'Iarscríbhinn III.

Má shonraítear réamhtheachtaithe ábhartha, tagraíonn siad do na catagóirí earraí comhiomlánaithe comhfhreagracha.

#### 3.2 Cré chailcínithe

##### 3.2.1. Forálacha speisialta

Maidir le créanna a thagann faoi chód AC 2507 00 80 nach bhfuil cailcínithe, sanntar astaíochtaí leabaithe nialasach dóibh. Beidh siad san áireamh sa tuarascáil SCCT, ach ní cheanglaítear aon fhaisnéis bhreise ó tháirgeoir na cré. Ní bhaineann na forálacha seo a leanas ach le créanna a thagann faoin gcód AC sin agus atá cailcínithe.

##### 3.2.2. Bealach táirgthe

I gcás cré chailcínithe, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis na próisis táirgthe, amhail amhábhair a ullmhú, a mheascadh, a thriomú agus a chailcíniú, agus glanadh gáis múcháin.
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó dhóchán breoslaí agus ó amhábhair, i gcás inarb ábhartha.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

### 3.3 **Clincear stroighne**

#### 3.3.1 *Forálacha speisialta*

Ní dhéanfar aon idirdhealú idir clincear stroighne liath agus clincear stroighne bán.

#### 3.3.2 *Bealach táirgthe*

I gcás clincear stroighne, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Cailcíníú aolchloiche agus carbónáití eile sna hamhábhair, i ngnáthbhreoslaí iontaise le haghaidh áithe, i mbreoslaí malartacha iontaise le haghaidh áithe agus in amhábhair malartacha iontaise, i mbreoslaí bithmhaise le haghaidh áithe (amhail breoslaí dramhaíola díorthaithe), i mbreoslaí nach n-úsáidtear san áith, i gcion carbóin neamhcharbónáite aolchloiche agus scealla, nó in amhábhair mhalartacha amhail luaith mhionaithe bhreosla a úsáidtear sa mhín amh san áith agus sna hamhábhair a úsáidtear le haghaidh sciúradh gáis múcháin.
- Beidh feidhm ag forálacha breise Roinn B.9.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

### 3.4 **Stroighin**

#### 3.4.1 *Forálacha speisialta*

Dada.

#### 3.4.2 *Bealach táirgthe*

I gcás stroighne, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> uile ó dhóchán breosla, i gcás inarb ábhartha chun ábhair a thriomú.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- Clincear stroighne;
- Cré chailcínithe, má úsáidtear sa phróiseas í.

### 3.5 **Stroighin alúmanach**

#### 3.5.1 *Forálacha speisialta*

Dada.

#### 3.5.2 *Bealach táirgthe*

I gcás stroighin alúmanach, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> uile ó dhóchán breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bpróiseas.
- Astaíochtaí próisis ó charbónáití in amhábhair, más infheidhme, agus glanadh gáis múcháin.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

### 3.6 **Hidrigin**

#### 3.6.1 *Forálacha speisialta*

Ní bhreithneofar ach táirgeadh hidrigin íon nó táirgeadh meascán de hidrigin le nítrigin atá inúsáidte i dtáirgeadh amóinia. Ní chumhdaítear táirgeadh gáis sintéise nó hidrigine laistigh de scaglanna nó de shuiteálacha ceimiceacha orgánacha, i gcás ina n-úsáidtear hidrigin go heisiach laistigh de na gléasraí sin agus nach n-úsáidtear í chun earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a tháirgeadh.

#### 3.6.2 *Bealach táirgthe*

##### 3.6.2.1 *Athfhoirmiú gaile agus ocsaídiú páirteach*

I gcás na mbealaí táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Gach próiseas atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh hidrigine, agus glanadh gáis múcháin.

— Na breoslaí uile a úsáidtear sa phróiseas táirgthe hidrigine gan beann ar a n-úsáid fuinnimh nó neamhfuinnimh, agus breoslaí a úsáidtear le haghaidh próisis dócháin eile lena n-áirítear chun uisce te nó gal a tháirgeadh.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

### 3.6.2.2 Leictriú uisce

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha, más ábhartha:

— Na hastaíochtaí uile ó úsáid breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bpróiseas táirgthe hidrigine agus ó ghlanadh gáis múcháin.

Astaíochtaí indíreacha: I gcás inar deimhníodh go gcomhlíonann an hidrigin tháirgthe Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>, féadfar fachtóir astaíochta nialasach a úsáid don leictreachas. I ngach cás eile, beidh feidhm ag na rialacha maidir le hastaíochtaí leabaithe indíreacha (Roinn D d'Iarscríbhinn III).

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

Astaíochtaí a shannadh do tháirgí: I gcás ina scaoiltear an ocsaigin chomhtháirgthe, déanfar astaíochtaí uile an phróisis táirgthe a shannadh do hidrigin. I gcás ina n-úsáidtear ocsaigin sheachtháirge i bpróisis táirgthe eile ag an tsuiteáil nó i gcás ina ndíoltar í, agus i gcás nach bhfuil na hastaíochtaí díreacha nó indíreacha cothrom le nialas, déanfar astaíochtaí an phróisis táirgthe a shannadh do hidrigin bunaithe ar chionmhaireachtaí mólaracha agus úsáid á baint as an gcothromóid seo a leanas:

$$Em_{H_2} = Em_{total} \left( 1 - \frac{\frac{m_{O_2,sold}}{M_{O_2}}}{\frac{m_{H_2,prod}}{M_{H_2}} + \frac{m_{O_2,prod}}{M_{O_2}}} \right) \quad (\text{Cothromóid 1})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $Em_{H_2}$  na hastaíochtaí díreacha nó na hastaíochtaí indíreacha atá sannta do hidrigin a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>;

Is é  $Em_{total}$  astaíochtaí díreacha nó astaíochtaí indíreacha an phróisis táirgthe iomlán le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>;

Is é  $m_{O_2,sold}$  mais na hocsaigne a dhíoltar nó a úsáidtear sa tsuiteáil le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí;

Is é  $m_{O_2,prod}$  mais na hocsaigne a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí;

Is é  $m_{H_2,prod}$  mais na hidrigine a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí;

Is é  $M_{O_2}$  an mhais mhólarach de O<sub>2</sub> (31,998 kg/kmol), agus

Is é  $M_{H_2}$  an mhais mhólarach de H<sub>2</sub> (2,016 kg/kmol).

### 3.6.2.3 Leictrealú Clór-Alcaile agus táirgeadh clóráití

I gcás na mbealaí táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha, más ábhartha:

— Na hastaíochtaí uile ó úsáid breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bpróiseas táirgthe hidrigine agus ó ghlanadh gáis múcháin.

Astaíochtaí indíreacha: I gcás inar deimhníodh go gcomhlíonann an hidrigin tháirgthe Rialachán Tharmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún, féadfar fachtóir astaíochta nialasach a úsáid don leictreachas. I ngach cás eile, beidh feidhm ag na rialacha maidir le hastaíochtaí leabaithe indíreacha (Roinn D d'Iarscríbhinn III).

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

Astaíochtaí a shannadh do tháirgí: Ós rud é go meastar gur seachtháirge í hidrigin sa phróiseas táirgthe sin, ní dhéanfar ach cionmhaireachtaí mólaracha den phróiseas foriomlán a shannadh don chodán den hidrigin a dhíoltar nó a úsáidtear mar réamhtheachtaí laistigh den tsuiteáil. Ar choinníoll nach bhfuil astaíochtaí díreacha nó indíreacha cothrom le nialas, déanfar astaíochtaí an phróisis táirgthe a shannadh do hidrigin a úsáidtear nó a dhíoltar trí úsáid a bhaint as na cothromóidí seo a leanas:

<sup>(1)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaithe iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (IO L 157, 20.6.2023, lch. 11).

Leictrealú Clór-Alcaile:

$$Em_{H_2,sold} = Em_{total} \left( \frac{\frac{m_{H_2,sold}}{M_{H_2}}}{\frac{m_{H_2,prod}}{M_{H_2}} + \frac{m_{Cl_2,prod}}{M_{Cl_2}} + \frac{m_{NaOH,prod}}{M_{NaOH}}} \right) \quad (\text{Cothromóid 2})$$

Táirgeadh Clóráite Sóidiam:

$$Em_{H_2,sold} = Em_{total} \left( \frac{\frac{m_{H_2,sold}}{M_{H_2}}}{\frac{m_{H_2,prod}}{M_{H_2}} + \frac{m_{NaClO_3,prod}}{M_{NaClO_3}}} \right) \quad (\text{Cothromóid 3})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $Em_{H_2,sold}$  na hastaíochtaí díreacha nó na hastaíochtaí indíreacha atá sannta do hidrigin a dhíoltar nó a úsáidtear mar réamhtheachtaí le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>;
- Is é  $Em_{total}$  astaíochtaí díreacha nó astaíochtaí indíreacha an phróisis táirgthe le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>;
- Is é  $m_{H_2,sold}$  mais na hidrigine a dhíoltar nó a úsáidtear mar réamhtheachtaí le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí;
- Is é  $m_{H_2,prod}$  mais na hidrigine a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí;
- Is é  $m_{Cl_2,prod}$  mais an chlóirín a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí;
- Is é  $m_{NaOH,prod}$  mais na hidroscaíde sóidiam (sóid loiscneach) a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí, arna ríomh mar 100 % NaOH;
- Is é  $m_{NaClO_3,prod}$  mais na clóráite sóidiam a tháirgtear le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtonaí, arna ríomh mar 100 % NaClO<sub>3</sub>;
- Is é  $M_{H_2}$  an mhais mhólarach de H<sub>2</sub> (2,016 kg/kmol);
- Is é  $M_{Cl_2}$  an mhais mhólarach de Cl<sub>2</sub> (70,902 kg/kmol);
- Is é  $M_{NaOH}$  an mhais mhólarach de NaOH (39,997 kg/kmol), agus
- Is é  $M_{NaClO_3}$  an mhais mhólarach de NaClO<sub>3</sub> (106,438 kg/kmol).

### 3.7 Amóinia

#### 3.7.1 Forálacha speisialta

Déanfar amóinia hidriúil agus amóinia ainhidriúil araon a thuairisciú go comhpháirteach mar amóinia 100 %.

I gcás ina n-úsáidtear CO<sub>2</sub> ó tháirgeadh amóinia mar bhunábhar chun úiré nó ceimiceáin eile a tháirgeadh, beidh feidhm ag pointe (b) de Roinn B.8.2 d'Iarscríbhinn III. I gcás ina gceadaítear asbhaint CO<sub>2</sub> de réir na roinne sin agus i gcás ina mbeadh sainastaíochtaí leabaithe díreacha diúltacha amóinia mar thoradh uirthi, nialas a bheidh i sainastaíochtaí leabaithe díreacha amóinia.

#### 3.7.2 Bealaí táirgthe

##### 3.7.2.1 Próiseas Haber-Bosch le hathchóiriú gaile ar ghás nádúrtha nó ar bhithghás

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Gach breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh amóinia, agus ábhair a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- Déanfar faireachán ar gach breosla, gan beann ar é a úsáid mar ionchur fuinnimh nó neamhfuinnimh.
- I gcás ina n-úsáidtear bithghás, beidh feidhm ag forálacha Roinn B.3.3 d'Iarscríbhinn III.
- I gcás ina gcuirfeadh hidrigin ó bhealaí táirgthe eile leis an bpróiseas, caithfeadh léi amhail réamhtheachtaí lena ngabhann a hastaíochtaí leabaithe féin.

Réamhtheachtaithe ábhartha: hidrigin arna táirgeadh ar leithligh, má úsáidtear sa phróiseas í.



### 3.7.2.2 Próiseas Haber-Bosch le gású guail nó breoslaí eile

Beidh feidhm ag an mbealach sin i gcás ina dtáirgtear hidrigin trí ghual, breoslaí scaglainne troma nó bunábhar iontaise eile a ghású. Féadfar bithmhais a áireamh sna hábhair ionchuir, agus cuirfear forálacha Roinn B.3.3 d'Iarscríbhinn III san áireamh ina leith.

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Gach breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh amóinia, agus ábhair a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- Déanfar faireachán ar gach ionchur breosla mar shruth breosla amháin, gan beann ar é a úsáid mar ionchur fuinnimh nó neamhfuinnimh.
- I gcás ina gcuirfear hidrigin ó bhealaí táirgthe eile leis an bpróiseas, caithfear léi amhail réamhtheachtaí lena ngabhann a hastaíochtaí leabaithe féin.

Réamhtheachtaithe ábhartha: hidrigin arna táirgeadh ar leithligh, má úsáidtear sa phróiseas í.

## 3.8 Aigéad nítreach

### 3.8.1 Forálacha speisialta

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar na méideanna aigéid nítrigh a tháirgtear mar aigéad nítreach 100 %.

### 3.8.2 Bealach táirgthe

I gcás aigéad nítreach, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó gach breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh aigéid nítrigh, agus ábhair a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin;
- Astaíochtaí N<sub>2</sub>O ó gach foinse a astaíonn N<sub>2</sub>O ón bpróiseas táirgthe, lena n-áirítear astaíochtaí neamhlaghdaithe agus laghdaithe. Déantar aon astaíocht N<sub>2</sub>O ó dhóchán breoslaí a eisiamh ón bhfaireachán.

Réamhtheachtaithe ábhartha: Amóinia (mar amóinia 100 %).

## 3.9 Úiré

### 3.9.1 Forálacha speisialta

I gcás ina n-eascaíonn an CO<sub>2</sub> a úsáidtear chun úiré a tháirgeadh ó tháirgeadh amóinia, cuirtear san áireamh gur dealú é in astaíochtaí leabaithe amóinia mar réamhtheachtaí úiré, má cheadaítear an asbhaint sin faoi fhorálacha Roinn 3.7 den Iarscríbhinn seo. Mar sin féin, i gcás ina n-úsáidtear amóinia a tháirgtear gan astaíochtaí CO<sub>2</sub> iontaise díreacha mar réamhtheachtaí, féadfar an CO<sub>2</sub> a úsáidtear a bhaint as astaíochtaí díreacha na suiteála ina dtáirgtear an CO<sub>2</sub>, ar choinníoll go sainmhínítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE táirgeadh úiré mar chás ina bhfuil CO<sub>2</sub> ceangailte go ceimiceach go buan ionas nach rachaidh sé isteach san atmaisféar faoi ghnáthúsáid, lena n-áirítear aon ghnáthghníomhaíocht a tharlaíonn tar éis dheireadh shaolré an táirge. I gcás ina mbeadh sainastaíochtaí leabaithe díreacha diúltacha úiré mar thoradh ar asbhaint den sórt sin, is é nialas a bheidh sna sainastaíochtaí leabaithe díreacha úiré.

### 3.9.2 Bealach táirgthe

I gcás úiré, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó gach breosla atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh úiré, agus ábhair a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- I gcás ina bhfaightear CO<sub>2</sub> ó shuiteáil eile mar ionchur próisis, measfar gur astaíocht é an CO<sub>2</sub> a fhaightear agus nach bhfuil ceangailte in úiré, mura ndéantar é a áireamh cheana mar astú na suiteála ina ndearnadh an CO<sub>2</sub> a tháirgeadh, faoi chóras incháilithe faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe.

Réamhtheachtaithe ábhartha: Amóinia (mar amóinia 100 %).

### 3.10 Leasacháin mheasctha

#### 3.10.1 Forálacha speisialta

Baineann an roinn seo le táirgeadh gach cineál leasachán ina bhfuil nítrigin, lena n-áirítear níotráit amóiniam, níotráit chailciam amóiniam, sulfáit amóiniam, fosfáití amóiniam, tuaslagáin níotráite amóiniam úiré, chomh maith le leasacháin fosfair nítrigine (NP), leasacháin potaisiam nítrigine (NK) agus leasacháin potaisiam fosfair nítrigine (NPK). Áirítear gach cineál oibríochtaí amhail meascadh, neodrú, gránú, priollú, is cuma cé acu a tharlaíonn meascadh fisiceach amháin nó imoibrithe ceimiceacha amháin.

Déanfar méideanna na gcomhdhúl nítrigine éagsúil atá sa táirge deiridh a thairgeadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>:

- cion N mar amóiniam ( $\text{NH}_4^+$ );
- cion N mar níotráit ( $\text{NO}_3^-$ );
- cion N mar Úiré;
- cion N i bhfoirmeacha (orgánacha) eile.

Féadfar astaíochtaí díreacha agus indíreacha na bpróiseas táirgthe a thagann faoin gcatagóir earraí chomhiomlánaithe seo a chinneadh don tréimhse tuairiscithe iomlán agus féadfar iad a shannadh do na leasacháin mheasctha uile ar bhonn *pro rata* in aghaidh an tona den táirge deiridh. I gcás gach gráid leasacháin, déanfar astaíochtaí leabaithe a ríomh ar leithligh agus mais ábhartha na réamhtheachtaithe a úsáidtear á cur san áireamh agus meánastaíochtaí leabaithe á gcur i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe do gach ceann de na réamhtheachtaithe.

#### 3.10.2 Bealach táirgthe

I gcás leasacháin mheasctha, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- $\text{CO}_2$  ó na breoslaí go léir atá nasctha go díreach nó go hindíreach le táirgeadh leasacháin, amhail breoslaí a úsáidtear i dtriomadóirí agus chun ábhair ionchuir a théamh, agus ábhair a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- amóinia (mar amóinia 100 %), má úsáidtear sa phróiseas í;
- Aigéad nítreach (mar aigéad nítreach 100 %), má úsáidtear sa phróiseas é;
- úiré, má úsáidtear sa phróiseas í;
- leasacháin mheasctha (go háirithe salainn ina bhfuil amóiniam nó níotráit), má úsáidtear sa phróiseas iad.

### 3.11 Mian shintéaraithe

#### 3.11.1 Forálacha speisialta

Áirítear sa chatagóir earraí chomhiomlánaithe seo gach cineál táirgthe millíní amhiarainn (le haghaidh díol millíní agus lena n-úsáid go díreach sa tsuiteáil chéanna) agus táirgeadh sintéir. A mhéid a chumhdaítear le cód AC 2601 12 00, féadfar mianta iarainn a úsáidtear mar réamhtheachtaithe le haghaidh fearócrómiam (FeCr), fearómangainéis (FeMn) nó fearóinícil (FeNi) a chumhdach freisin.

#### 3.11.2 Bealach táirgthe

I gcás mian shintéaraithe, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- $\text{CO}_2$  ó ábhair phróisis amhail aolchloch agus carbónáití eile nó mianta carbónáiteacha;
- $\text{CO}_2$  ó gach breosla lena n-áirítear cóc, dramhgháis amhail gás oighinn cóic, gás foirnéise soinneáin nó gás tiontaire; atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bpróiseas táirgthe, agus ábhair a úsáidtear le haghaidh glanadh gáis múcháin.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1).

### 3.12 **FeMn (Fearómangainéis), FeCr (Fearócróimiam) agus FeNi (Fearóiníicil)**

#### 3.12.1 *Forálacha speisialta*

Ní chumhdaítear leis an bpróiseas seo ach táirgeadh na gcóimhiotal a shaináithnítear faoi chóid AC 7202 1, 7202 4 agus 7202 6. Ní chumhdaítear ábhair iarainn eile a bhfuil ábhar suntasach cóimhiotail iontu amhail spiegeleisen. Áirítear NPI (muciarann nicile) má tá an cion nicile níos mó ná 10 %.

I gcás ina n-astaítear dramhgháis nó gáis mhúcháin eile gan laghdú, measfar gurb ionann an CO atá sa dramhghás agus coibhéis mhólarach na n-astaíochtaí CO<sub>2</sub>.

#### 3.12.2 *Bealach táirgthe*

I gcás FeMn, FeCr agus FeNi, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> arb iad ionchuir bhreosla is cúis leo, is cuma cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear iad le haghaidh úsáide fuinnimh nó neamhfhuinnimh;
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó ionchuir phróisis amhail aolchloch agus ó ghlanadh gáis múcháin;
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó ídiú leictreoidí nó taos leictreoidí;
- Cuirtear carbón atá fágtha sa táirge nó i slaigeanna nó i ndramhaíl san áireamh trí mhodh maischothromaíochta a úsáid i gcomhréir le Roinn B.3.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha: Mian shintéaraithe, má úsáidtear sa phróiseas í.

### 3.13 **Muciarann**

#### 3.13.1 *Forálacha speisialta*

Áirítear sa chatagóir earraí chomhiomlánaithe seo muciarann neamh-chóimhiotail ó fhoirnéisí soinneáin chomh maith le muciarann ina bhfuil cóimhiotal (e.g. spiegeleisen), gan beann ar an bhfoirm fhisiceach (e.g. uingí, gráinníní). Áirítear NPI (muciarann nicile) má tá an cion nicile níos lú ná 10 %. I ngléasraí cruach comhtháite, is é muciarann leachtach ('miotál te') a ghearttar go díreach ar an tiontaire ocsaigine an táirge a scarann an próiseas táirgthe le haghaidh muciarainn ón bpróiseas táirgthe le haghaidh muciarann amhchruach. I gcás nach ndíolann an tsuiteáil muciarann nó nach n-aistríonn sé é chuig suiteálacha eile, ní gá monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí ó tháirgeadh muciarann ar leithligh. Féadfar próiseas táirgthe comhchoiteann lena n-áirítear déanamh amhchruach agus, faoi réir rialacha Roinn A.4 d'Iarscríbhinn III, tuilleadh táirgthe iartheachacha a shainiú.

#### 3.13.2 *Bealaí táirgthe*

##### 3.13.2.1 *Bealach foirnéise soinneáin*

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó bhreoslaí agus ó oibreáin dí-ocsaídithe amhail cóc, deannach cóic, gual, olaí breosla, dramhaíl phlaisteach, gás nádúrtha, dramhaíl adhmaid, fioghual, chomh maith le dramhgháis amhail gás oighinn cóic, gás foirnéise soinneáin nó gás tiontaire.
- I gcás ina n-úsáidtear bithmhais, cuirfead forálacha Roinn B.3.3 d'Iarscríbhinn III san áireamh.
- CO<sub>2</sub> ó ábhair phróisis amhail aolchloch, maignéisít, agus carbónáití eile, mianta carbónáiteacha; ábhair le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- Cuirtear carbón atá fágtha sa táirge nó i slaigeanna nó i ndramhaíl san áireamh trí mhodh maischothromaíochta a úsáid i gcomhréir le Roinn B.3.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- Mian shintéaraithe;
- muciarann nó iarann atá laghdaithe go díreach (DRI) ó shuiteálacha eile nó ó phróisis táirgthe eile, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- FeMn, FeCr, FeNi má úsáidtear sa phróiseas iad;
- hidrigin, má úsáidtear sa phróiseas í.

##### 3.13.2.2 *Dí-ocsaídiú bruithnithe*

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó bhreoslaí agus ó oibreáin dí-ocsaídithe amhail cóc, deannach cóic, gual, olaí breosla, dramhaíl phlaisteach, gás nádúrtha, dramhaíl adhmaid, fioghual, dramhgháis ón bpróiseas nó gás tiontaire, etc.

- I gcás ina n-úsáidtear bithmhais, cuirfear forálacha Roinn B.3.3 d'Iarscríbhinn III san áireamh.
- CO<sub>2</sub> ó ábhair phróisis amhail aolchloch, maignéisít, agus carbónáití eile, mianta carbónáiteacha; ábhair le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- Cuirtear carbón atá fágtha sa táirge nó i slaigeanna nó i ndramhaíl san áireamh trí mhodh maischothromaíochta a úsáid i gcomhréir le Roinn B.3.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- Mian shintéaraithe;
- muciarann nó DRI ó shuiteálacha eile nó ó phróisis táirgthe eile, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- FeMn, FeCr, FeNi má úsáidtear sa phróiseas iad;
- hidrigin, má úsáidtear sa phróiseas í.

### 3.14 DRI (Iarann atá Laghdaithe go Díreach)

#### 3.14.1 Forálacha speisialta

Ní shainítear ach bealach táirgthe amháin, cé go bhféadfadh teicneolaíochtaí difriúla cáilíochtaí éagsúla mianta a úsáid, a bhféadfadh millíníú nó sintéarú a bheith ag teastáil ina leith, agus oibreáin laghdaithe éagsúla a úsáid (gás nádúrtha, breoslaí iontaise éagsúla nó bithmhais, hidrigin). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh réamhtheachtaithe áirithe, is é sin mian shintéaraithe nó hidrigin, a bheith ábhartha. Mar tháirgí, d'fhéadfadh spúinse iarainn, iarann teofháiscthe nó foirmeacha eile d'iarann atá laghdaithe go díreach a bheith ábhartha, lena n-áirítear DRI a chothaítear láithreach le stuafhoirnéisí leictreacha nó le próisis iartheachtacha eile.

I gcás nach ndíolann an tsuiteáil DRI nó nach n-aistríonn sé é chuig suiteálacha eile, ní gá monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí ó tháirgeadh DRI ar leithligh. Féadfar próiseas táirgthe comhchoiteann lena n-áirítear déanamh cruach agus, faoi réir rialacha Roinn A.4 d'Iarscríbhinn III, tuilleadh táirgthe iartheachtacha a úsáid.

#### 3.14.2 Bealach táirgthe

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó bhreoslaí agus ó oibreáin dí-ocsaídithe amhail gás nádúrtha, olaí breosla, dramhgháis ón bpróiseas nó gás tiontaire, etc.;
- I gcás ina n-úsáidtear bithghás nó cineálacha eile bithmhaise, cuirfear forálacha Roinn B.3.3 d'Iarscríbhinn III san áireamh;
- CO<sub>2</sub> ó ábhair phróisis amhail aolchloch, maignéisít, agus carbónáití eile, mianta carbónáiteacha; ábhair le haghaidh glanadh gáis múcháin;
- Cuirtear carbón atá fágtha sa táirge nó i slaigeanna nó i ndramhaíl san áireamh trí mhodh maischothromaíochta a úsáid i gcomhréir le Roinn B.3.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- mian shintéaraithe, má úsáidtear sa phróiseas í;
- hidrigin, má úsáidtear sa phróiseas í;
- muciarann nó DRI ó shuiteálacha eile nó ó phróisis táirgthe eile, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- FeMn, FeCr, FeNi má úsáidtear sa phróiseas iad.

### 3.15 Amhchruach

#### 3.15.1 Forálacha speisialta

Cumhdóidh na teorainneacha córais gach gníomhaíocht agus gach aonad is gá chun amhchruach a fháil:

- Má thosaíonn an próiseas le miotal te (muciarann leachtach), áireofar le teorainneacha an chórais an tiontaire bunúsach ocsaigine, díghású folúis, miotalóireacht thánaisteach, dícharbónú ocsaigine argóin/dícharbónú ocsaigine folúis, teilgean leanúnach nó teilgean uingí, agus i gcás inarb ábhartha, teo-rolladh nó gaibhniú, agus gach gníomhaíocht chúnta is gá amhail aistrithe, aththéamh, agus glanadh gáis múcháin;

- Má úsáidtear stuafhoirnéis leictreach sa phróiseas, áireofar le teorainneacha an chórais gach gníomhaíocht agus aonad ábhartha amhail an stuafhoirnéis leictreach féin, miotalóireacht thánaisteach, díghású folúis, dícharbónú ocsaigine argóin/dícharbónú ocsaigine folúis, teilgean leanúnach nó teilgean uingí, agus i gcás inarb ábhartha, teorolladh nó gaibhniú, agus gach gníomhaíocht chúnta is gá amhail aistrithe, téamh amhábhar agus trealaimh, aththéamh, agus glanadh gáis múcháin.
- Ní áirítear sa chatagóir earraí chomhiomlánaithe seo ach teorolladh príomhúil agus garbhmhúnú trí ghaibhniú chun na táirgí leathchríochnaithe faoi chóid AC 7207, 7218 agus 7224 a fháil. Áirítear gach próiseas rollta agus gaibhniú eile sa chatagóir earraí chomhiomlánaithe 'táirgí iarainn nó cruach'.

### 3.15.2 Bealaí táirgthe

#### 3.15.2.1 Déanamh cruach bunata le hocsagain

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó bhreoslaí amhail gual, gás nádúrtha, olaí breosla, dramhgháis amhail gás foirnéise soinneáin, gás oighinn cóic nó gás tiontaire, etc
- CO<sub>2</sub> ó ábhair phróisis amhail aolchloch, maignéisít, agus carbónáití eile, mianta carbónáiteacha; ábhair le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- Cuirtear carbóin a théann isteach sa phróiseas i bhfuíoll, cóimhiotail, graifít etc. agus carbón atá fágtha sa táirge nó i slaigeanna nó i ndramhaíl san áireamh trí mhodh maischothromaíochta a úsáid i gcomhréir le Roinn B.3.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- muciarann, DRI, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- FeMn, FeCr, FeNi má úsáidtear sa phróiseas iad;
- amhchruach ó shuiteálacha eile nó ó phróisis táirgthe eile, má úsáidtear sa phróiseas í.

#### 3.15.2.2 Stuafhoirnéis leictreach

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- CO<sub>2</sub> ó bhreoslaí amhail gual, gás nádúrtha, olaí breosla, chomh maith le CO<sub>2</sub> ó dhramhgháis amhail gás foirnéise soinneáin, gás oighinn cóic nó gás tiontaire, etc.
- CO<sub>2</sub> ó ídiú leictreoidí agus taos leictreoidí.
- CO<sub>2</sub> ó ábhair phróisis amhail aolchloch, maignéisít, agus carbónáití eile, mianta carbónáiteacha; ábhair le haghaidh glanadh gáis múcháin.
- Cuirtear carbóin a théann isteach sa phróiseas, e.g. i bhfoirm fuíll, cóimhiotal agus graifíte, agus carbón atá fágtha sa táirge nó i slaigeanna nó i ndramhaíl san áireamh trí mhodh maischothromaíochta a úsáid i gcomhréir le Roinn B.3.2 d'Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- muciarann, DRI, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- FeMn, FeCr, FeNi má úsáidtear sa phróiseas iad;
- amhchruach ó shuiteálacha eile nó ó phróisis táirgthe eile, má úsáidtear sa phróiseas í.

### 3.16 Táirgí iarainn nó cruach

#### 3.16.1 Forálacha speisialta

Faoi réir rialacha Roinn A.4 d'Iarscríbhinn III agus Ranna 3.11 go 3.15 den Iarscríbhinn seo, féadfaidh feidhm a bheith ag an bpróiseas táirgthe le haghaidh táirgí iarainn nó cruach maidir leis na cásanna seo a leanas:

- Cumhdaíonn teorainneacha córais mar phróiseas amháin gach céim de ghléasra cruach comhtháite ó tháirgeadh muciarann nó DRI, amhchruach, táirgí leathchríochnaithe chomh maith le táirgí cruach deiridh faoi na cóid AC a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo.

- Cumhdaíonn teorainneacha córais táirgeadh amhchruach, táirgí leathchríochnaithe agus táirgí cruach deiridh faoi na cóid AC a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo.
- Cumhdaíonn teorainneacha córais táirgeadh táirgí cruach deiridh faoi na cóid AC a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo ag tosú ó amhchruach, ó tháirgí leathchríochnaithe nó ó tháirgí cruach deiridh eile faoi na cóid AC atá liostaithe i Roinn 2 a fhaightear ó shuiteálacha eile nó a tháirgtear laistigh den tsuiteáil chéanna ach faoi phróiseas táirgthe ar leithligh.

Seachnófar áireamh dúbailte nó bearnaí san fhaireachán ar na próisis táirgthe de chuid suiteála. Cumhdófar na céimeanna táirgthe seo a leanas leis an bpróiseas táirgthe ‘táirgí iarainn nó cruach’:

- Na céimeanna táirgthe uile chun earraí a tháirgeadh a chumhdaítear leis na cóid AC a thugtar i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo le haghaidh na catagóire earraí comhiomlánaithe ‘táirgí iarainn nó cruach’, céimeanna táirgthe nach gcumhdaítear cheana le próisis táirgthe ar leithligh do mhuciarann, DRI nó amhchruach, mar a cheanglaítear le Ranna 3.11 go 3.15 den Iarscríbhinn seo agus mar a chuirtear i bhfeidhm nuair a shuiteáiltear iad.
- Na céimeanna táirgthe uile a chuirtear i bhfeidhm ag an tsuiteáil, ag tosú ó amhchruach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: ath-théamh, athleá, teilgean, teorolladh, fuar-rolladh, gaibhniú, picilt, ainéaladh, plátáil, bratú, galbhánú, sreangtharraingt, gearradh, tathú, bailchríochnú.

I gcás táirgí ina bhfuil níos mó ná 5 % d’ábhair eile de réir maise, e.g. ábhair inslithe i gcód AC 7309 00 30, ní thuairisceofar ach mais an iarainn nó na cruach mar mhais na n-earraí arna dtáirgeadh.

### 3.16.2 *Bealach táirgthe*

I gcás táirgí iarainn nó cruach, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> uile ó dhóchán breoslaí agus na hastaíochtaí próisis uile ó chóireáil gáis múcháin, astaíochtaí a bhaineann le céimeanna táirgthe a chuirtear i bhfeidhm ag an tsuiteáil, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: ath-théamh, athleá, teilgean, teorolladh, fuar-rolladh, gaibhniú, picilt, ainéaladh, plátáil, bratú, galbhánú, sreangtharraingt, gearradh, tathú agus bailchríochnú táirgí iarainn nó cruach.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- amhchruach, má úsáidtear sa phróiseas í;
- muciarann, DRI, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- FeMn, FeCr, FeNi, má úsáidtear sa phróiseas iad;
- táirgí iarainn nó cruach, má úsáidtear sa phróiseas iad.

## 3.17 – **Alúmanam neamhshaoirsithe**

### 3.17.1 *Forálacha speisialta*

Áirítear sa chatagóir earraí chomhiomlánaithe seo alúmanam neamh-chóimhiotail chomh maith le halúmanam cóimhiotail, i bhfoirm fhisiceach atá tipiciúil do mhiotail neamhshaoirsithe, amhail uingí, leaca, billéid nó gráinníní. I ngléasraí alúmanaim comhtháite, áirítear alúmanam leachtach a ghearrtar go díreach ar tháirgeadh táirgí alúmanaim freisin. I gcás nach ndíolann an tsuiteáil alúmanam neamhshaoirsithe nó nach n-aistríonn sé é chuig suiteálacha eile, ní gá monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí ó tháirgeadh alúmanaim neamhshaoirsithe ar leithligh. Féadfar próiseas táirgthe comhchoiteann lena n-áirítear alúmanam neamhshaoirsithe agus, faoi réir rialacha Roinn A.4 d’Iarscríbhinn III, tuilleadh próiseas chun táirgí alúmanaim neamhshaoirsithe a tháirgeadh a shainiú.

### 3.17.2 *Bealaí táirgthe*

#### 3.17.2.1 Bruithniú (leictrealaíoch) príomhúil

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó ídiú leictreoidí nó taos leictreoidí.
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó aon bhreosla a úsáidtear (e.g. chun amhábhair a thriomú agus a réamhthéamh, chun cealla leictrealaithe a théamh, le haghaidh an téimh a theastaíonn le haghaidh teilgthe).
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó aon chóireáil gáis múcháin, ó luaith shóide nó aolchloch más ábhartha.
- Astaíochtaí sárflhuaracarbóin arb iad éifeachtaí anóide is cúis leo a ndéantar faireachán orthu i gcomhréir le Roinn B.7 d’Iarscríbhinn III.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

### 3.17.2.2 Leá tánaisteach (athchúrsáil)

Le leá tánaisteach (athchúrsáil) alúmanaim, úsáidtear fuíoll alúmanaim mar phríomh-ionchur. Mar sin féin, i gcás ina gcuirtear alúmanam neamhshaoirsithe ó fhoinsí eile leis, caitear leis amhail réamhtheachtaí. Thairis sin, i gcás ina bhfuil níos mó ná 5 % eilimintí cóimhiotalaithe i dtáirge an phróisis sin, déanfar astaíochtaí leabaithe an táirge a ríomh amhail is dá mba alúmanam neamhshaoirsithe ó bhruithniú príomhúil mais na n-eilimintí cóimhiotalaithe.

I gcás an bhealaigh táirgthe sin, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó aon bhreosla a úsáidtear chun amhábhair a thriomú agus a réamhthéamh, breoslaí a úsáidtear i bhfoirneáil leáite, i réamhchóireáil fuíll amhail díbhratú agus dí-olú, agus dóchán na n-iarmhar gaolmhar, agus breoslaí is gá chun uingí, billéid nó leaca a theilgean;
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó aon bhreosla a úsáidtear i ngníomhaíochtaí gaolmhara amhail cóireáil bearrthaí agus aisghabháil slaige;
- Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó aon chóireáil gáis múcháin, ó luaith shóide nó aolchloch más ábhartha.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- Alúmanam neamhshaoirsithe ó fhoinsí eile, má úsáidtear sa phróiseas é.

## 3.18 Táirgí alúmanaim

### 3.18.1 Forálacha speisialta

Faoi réir rialacha Roinn A.4 d'Iarscríbhinn III agus Roinn 3.17 den Iarscríbhinn seo, féadfaidh feidhm a bheith ag an bpróiseas táirgthe le haghaidh táirgí alúmanaim maidir leis na cásanna seo a leanas:

- Cumhdaíonn teorainneacha córais mar phróiseas amháin gach céim de ghléasra alúmanaim comhtháite ó tháirgeadh alúmanaim neamhshaoirsithe go táirgí leathchríochnaithe chomh maith le táirgí alúmanaim faoi na cóid AC a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo.
- Cumhdaíonn teorainneacha córais táirgeadh táirgí alúmanaim faoi na cóid AC a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo ag tosú ó tháirgí leathchríochnaithe nó ó tháirgí alúmanaim eile faoi na cóid AC atá liostaithe i Roinn 2 a fhaightear ó shuiteálacha eile nó a tháirgtear laistigh den tsuiteáil chéanna ach faoi phróiseas táirgthe ar leithligh.

Seachnófar áireamh dúbailte nó bearnaí san fhaireachán ar na próisis táirgthe de chuid suiteála. Cumhdófar na céimeanna táirgthe seo a leanas leis an bpróiseas táirgthe 'táirgí alúmanaim':

- Na céimeanna táirgthe uile chun earraí a tháirgeadh a chumhdaítear leis na cóid AC a thugtar i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo le haghaidh na catagóire earraí comhiomlánaithe 'táirgí alúmanaim', céimeanna táirgthe nach gcumhdaítear cheana le próisis táirgthe ar leithligh d'alúmanam neamhshaoirsithe, mar a cheanglaítear le Roinn 3.17 den Iarscríbhinn seo agus mar a chuirtear i bhfeidhm nuair a shuiteáiltear iad.
- Na céimeanna táirgthe uile a chuirtear i bhfeidhm ag an tsuiteáil, ag tosú ó alúmanam neamhshaoirsithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: ath-théamh, athleá, teilgean, rolladh, easbhrú, gaibhniú, bratú, galbhánú, sreangtharraingt, gearradh, tathú, bailchríochnú.

I gcás ina bhfuil níos mó ná 5 % eilimintí cóimhiotalaithe sa táirge de réir maise, déanfar astaíochtaí leabaithe an táirge a ríomh amhail is dá mba alúmanam neamhshaoirsithe ó bhruithniú príomhúil mais na n-eilimintí cóimhiotalaithe.

I gcás táirgí ina bhfuil níos mó ná 5 % d'ábhair eile de réir maise, e.g. ábhair inslithe i gcód AC 7611 00 00, ní thuairisceofar ach mais an alúmanaim mar mhais na n-earraí arna dtáirgeadh.

### 3.18.2 Bealach táirgthe

I gcás táirgí alúmanaim, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

- Na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> uile ó idiú breosla i bpróisis lena bhfoirmítear táirgí alúmanaim, agus glanadh gáis múcháin.

Réamhtheachtaithe ábhartha:

- alúmanam neamhshaoirsithe, má úsáidtear é sa phróiseas táirgthe (caith le halúmanam príomhúil agus alúmanam tánaisteach ar leithligh, más eol na sonraí);
- táirgí alúmanaim, má úsáidtear sa phróiseas táirgthe iad.

### 3.19 **Leictreachas**

#### 3.19.1 *Forálacha speisialta*

Maidir le leictreachas, ní dhéanfar faireachán agus tuairisciú ach ar astaíochtaí díreacha. Déanfar an fachtóir astaíochta le haghaidh leictreachais a chinneadh i gcomhréir le Roinn D.2 d'larscríbhinn III.

#### 3.19.2 *Bealaí táirgthe*

I gcás leictreachais, cuimseofar an méid seo a leanas le faireachán ar astaíochtaí díreacha:

— Aon astaíocht dócháin agus astaíocht phróisis ó chóireáil gáis múcháin.

Réamhtheachtaithe ábhartha: dada.

\_\_\_\_\_



## IARSCRÍBHINN III

**Rialacha maidir le sonraí a chinneadh, lena n-áirítear sonraí maidir le hastaíochtaí ar leibhéal na suiteála, maidir le hastaíochtaí a shanntar do phróisis táirgthe, agus maidir le hastaíochtaí leabaithe earraí**

## A. PRIONSABAIL

## A.1. Cur chuige foriomlán

1. Chun críche astaíochtaí leabaithe earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a chinneadh, déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas:
  - (a) Sainaitheofar na próisis táirgthe a bhaineann le hearraí a tháirgtear sa tsuiteáil trí úsáid a bhaint as na catagóirí earraí comhiomlánaithe mar a shainítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II, chomh maith leis na bealaí táirgthe ábhartha a liostaítear i Roinn 3 d'Iarscríbhinn II, agus na rialacha maidir le teorainneacha córais na bpróiseas táirgthe a shocrú i gcomhréir le Roinn A.4 den Iarscríbhinn seo á gcur san áireamh.
  - (b) Ar leibhéal na suiteála ina dtáirgtear na hearraí, déanfar faireachán ar astaíochtaí díreacha na ngás ceaptha teasa a shonraítear in Iarscríbhinn II le haghaidh na n-earraí sin i gcomhréir leis na modhanna a thugtar i Roinn B den Iarscríbhinn seo.
  - (c) I gcás ina ndéantar teas intomhaiste a allmhairiú chuig an tsuiteáil, a tháirgeadh sa tsuiteáil, a ídiú sa tsuiteáil nó a onnmhairiú ón tsuiteáil, déanfar faireachán ar ghlanshreabha teasa agus ar na hastaíochtaí a bhaineann le táirgeadh an teasa sin i gcomhréir leis na modhanna a thugtar i Roinn C den Iarscríbhinn seo.
  - (d) Chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí indíreacha atá leabaithe sna hearraí a tháirgtear, déanfar faireachán ar an ídiú leictreachais sna próisis táirgthe ábhartha i gcomhréir leis na modhanna a thugtar i Roinn D.1 den Iarscríbhinn seo. I gcás ina dtáirgtear leictreachas laistigh den tsuiteáil nó ó fhoinse a bhfuil nasc teicniúil díreach aici, déanfar faireachán ar na hastaíochtaí a bhaineann leis an táirgeadh leictreachais sin chun an fachtóir astaíochta don leictreachas sin a chinneadh. I gcás ina bhfaighidh an tsuiteáil leictreachas ón eangach, déanfar fachtóir astaíochta an leictreachais sin a chinneadh de réir Roinn D.2.3 den Iarscríbhinn seo. Déanfar faireachán freisin ar aon chainníocht leictreachais a aistrítear idir próisis táirgthe nó a onnmhairítear ón tsuiteáil.
  - (e) Ní mór na hastaíochtaí díreacha ag na suiteálacha, mar aon le táirgeadh agus ídiú teasa, táirgeadh agus ídiú leictreachais, agus aon sruth dramhgháis ábhartha, a shannadh do na próisis táirgthe a bhaineann leis na hearraí arna dtáirgeadh trí na rialacha a thugtar i Roinn F den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm. Úsáidfean na hastaíochtaí sin arna sannadh chun sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha na n-earraí a tháirgtear a ríomh, agus Roinn F den Iarscríbhinn seo á cur i bhfeidhm.
  - (f) I gcás ina sainmhínítear réamhtheachtaithe ábhartha le haghaidh earraí a tháirgtear sna suiteálacha i Roinn 3 d'Iarscríbhinn II, lena ndéantar 'earraí coimpléascacha' de na hearraí sin, cinnfean astaíochtaí leabaithe an réamhtheachtaí ábhartha i gcomhréir le Roinn E den Iarscríbhinn seo, agus cuirfean le hastaíochtaí leabaithe na n-earraí coimpléascacha a tháirgtear iad, trí na rialacha a thugtar i Roinn G den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm. I gcás inar earraí coimpléascacha iad na réamhtheachtaithe féin, déanfar an próiseas sin arís go hathchúrsach go dtí nach mbeidh aon réamhtheachtaithe i gceist.
2. I gcás nach féidir le hoibreoir sonraí iarbhir a chinneadh go leordhóthanach le haghaidh tacar sonraí amháin nó níos mó, trí mhodhanna a thugtar i Roinn A.3 den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, agus i gcás nach bhfuil aon mhodh eile ar fáil chun bearnaí sonraí a dhúnadh, féadfar na luachanna réamhshocraithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse a úsáid faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán seo. Sa chás sin, cuirfean isteach míniú gearr ar na cúiseanna nár úsáideadh sonraí iarbhir.
3. Leis an bhfaireachán, cumhdófar tréimhse tuairiscithe lena n-áirithítear go seachnófar, a mhéid is féidir, sonraí neamh-ionadaíoch mar gheall ar luaineachtaí gearr-ama sna próisis táirgthe agus bearnaí sna sonraí. Is bliain féilire í an tréimhse tuairiscithe réamhshocraithe. Mar sin féin, féadfaidh an t-oibreoir an méid seo a leanas a roghnú mar rogha mhalartach:
  - (a) Má tá oibleagáid comhlíonta ar an tsuiteáil faoi chóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe, féadfar tréimhse tuairiscithe an chórais sin a úsáid, má chumhdaíonn sé 3 mhí ar a laghad.

- (b) Bliain fhioscach an oibreora ar choinníoll go n-áiríonn an tréimhse sin cáilíocht sonraí níos airde ná úsáid na bliana féilire.

Déanfar astaíochtaí leabaithe earraí a ríomh mar mheán na tréimhse tuairiscithe arna roghnú.

4. Maidir le hastaíochtaí a tharlaíonn lasmuigh de na teorainneacha suiteála atá ábhartha chun astaíochtaí leabaithe a ríomh, úsáidfead na sonraí don tréimhse tuairiscithe is déanaí atá ar fáil, mar a fhaightear ó sholáthróir an ionchuir (e.g. leictreachas, teas, réamhtheachtaí). Áirítear ar na hastaíochtaí a tharlaíonn lasmuigh de na teorainneacha suiteála an méid seo a leanas:

- (a) astaíochtaí indíreacha i gcás ina bhfaightear leictreachas ón eangach;
- (b) astaíochtaí ó leictreachas agus teas a allmhairtear ó shuiteálacha eile;
- (c) astaíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha réamhtheachtaithe a fhaightear ó shuiteálacha eile.

5. Sloinnfead sonraí astaíochtaí thar thréimhse iomlán tuairiscithe i dtوناí CO<sub>2</sub>e, arna slánú go tonnaí iomlána.

Déanfar gach paraiméadar a úsáidfead chun na hastaíochtaí a ríomh a shlánú chun gach digit shuntasach a chur san áireamh chun astaíochtaí a ríomh agus a thuairisciú.

Sloinnfead sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha i dtوناí CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona earraí, arna slánú chun gach digit shuntasach a chur san áireamh, agus cúig dhigit ar a mhéad tar éis na camóige.

## A.2. Prionsabail faireacháin

Chun faireachán a dhéanamh ar shonraí iarbhir ar leibhéal na suiteála, agus maidir leis na tacair sonraí is gá chun astaíochtaí a shannadh d'earraí, beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

1. Iomláine: Cumhdófar leis an modheolaíocht faireacháin gach paraiméadar is gá chun astaíochtaí leabaithe na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a chinneadh i gcomhréir leis na modhanna agus na foirmlí atá san Iarscríbhinn seo.
- (a) Áirítear le hastaíochtaí díreacha ar leibhéal na suiteála astaíochtaí dócháin agus astaíochtaí próisis.
- (b) Áirítear le hastaíochtaí leabaithe díreacha astaíochtaí sannta an phróisis táirgthe ábhartha i gcomhréir le Roinn F den Iarscríbhinn seo, bunaithe ar astaíochtaí díreacha ag an tsuiteáil, astaíochtaí a bhaineann le sreafaí ábhartha teasa agus le sreafaí ábhair idir teorainneacha córais próisis, lena n-áirítear dramhgháis, más ábhartha. Ina theannta sin, áirítear astaíochtaí leabaithe díreacha réamhtheachtaithe ábhartha ar astaíochtaí leabaithe díreacha.
- (c) Cumhdaítear leis na hastaíochtaí indíreacha ar leibhéal na suiteála na hastaíochtaí a bhaineann le hídiú leictreachais laistigh den tsuiteáil.
- (d) Áirítear le hastaíochtaí leabaithe indíreacha astaíochtaí indíreacha na n-earraí a tháirgtear laistigh den tsuiteáil, agus astaíochtaí leabaithe indíreacha réamhtheachtaithe ábhartha.
- (e) Maidir le gach paraiméadar, roghnófar modh ionchuí i gcomhréir le Roinn A.3 den Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear nach mbeidh áireamh dúbailte ná bearnaí sonraí ann.
2. Comhsheasmhacht agus inchomparáideacht: Beidh an faireachán agus an tuairisciú comhsheasmhach agus inchomparáide le himeacht ama. Chuige sin, leagfar síos na modhanna roghnaithe i ndoiciméadacht modheolaíochta faireacháin i scríbhinn ionas go n-úsáidfead na modhanna go comhsheasmhach. Ní athrófar an mhodheolaíocht ach amháin má tá údar oibiachtúil leis. Áirítear an méid seo a leanas ar na cúiseanna ábhartha atá leis sin:
- (a) athruithe ar chumraíocht na suiteála maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear, na hábhair ionchuir agus na breoslaí, nó na hearraí a tháirgtear;
- (b) ní mór foinsí nua sonraí nó modhanna nua faireacháin a thabhairt isteach mar gheall ar athruithe ar chomhpháirtithe trádála atá freagrach as na sonraí a úsáidtear sa mhodheolaíocht faireacháin;
- (c) is féidir cruinneas na sonraí a fheabhsú, is féidir sreafaí sonraí a shimpliú nó is féidir an córas rialaithe a fheabhsú.

- Trédhearcacht: Déanfar sonraí faireacháin a fháil, a thairfeadh, a thiomsú, a anailísiú agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, sonraí gníomhaíochta, fachtóirí astaíochta, fachtóirí ríomha, sonraí maidir le hastaíochtaí leabaithe réamhtheachtaithe ceannaithe, teas agus leictreachas intomhaiste, luachanna mainneachtana astaíochtaí leabaithe, faisnéis maidir le praghas carbóin dlite, agus aon sonraí eile atá ábhartha chun críoch na hlarscríbhíne seo, ar bhealach trédhearcach lena féidir cinneadh na sonraí astaíochtaí a atáirgeadh, lena n-áirítear ag trú páirtithe neamhspleácha, amháil fíoraitheoirí creidiúnaithe. Áireofar sa doiciméadacht taifead de gach athrú ar an modheolaíocht.

Coinneofar taifid iomlána agus thrédhearcacha ag suiteáil na sonraí uile is ábhartha chun astaíochtaí leabaithe na n-earraí a tháirgtear a chinneadh, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta riachtanacha, ar feadh 4 bliana ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe. Féadfar na taifid sin a nochtadh do dhearbhoir tuairiscithe.

- Cruinneas: Áiríteofar leis an modheolaíocht faireacháin a roghnófar nach mbeidh cinneadh na n-astaíochtaí míchruinn go córasach ná go feasach. Déanfar aon fhoinsé míchruinnis a aithint agus a laghdú a mhéid is féidir. Déanfar dícheall cuí a fheidhmiú chun a áirithiú go léiríonn ríomh agus tomhas na n-astaíochtaí an cruinneas is airde is féidir a bhaint amach.

I gcás inar tharla bearnaí sna sonraí nó ina bhfuil coinne leis go mbeidh siad dosheachanta, is meastacháin choimeádacha a bheidh sna sonraí ionadacha. I measc na gcásanna eile ina mbeidh sonraí astaíochtaí bunaithe ar mheastacháin choimeádacha tá na nithe seo a leanas:

- déanfar aonocsaíd charbóin (CO) a astaítear isteach san atmaisféir a ríomh mar an méid coibhéise mólaráí de CO<sub>2</sub>;
  - measfar gur as carbón iontaise na hastaíochtaí bithmhaise uile i maischothromaíocht agus i gcás CO<sub>2</sub> arna n-aistriú, i gcás nach féidir an cion bithmhaise in ábhair nó i mbreoslaí a chinneadh.
- Sláine na modheolaíochta: Leis an modheolaíocht faireacháin arna roghnú, beifear in ann dearbhú réasúnach a thabhairt maidir le sláine na sonraí astaíochtaí atá le tuairisciú. Cinnfear astaíochtaí trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí faireacháin iomchuí a leagtar amach san Iarscríbhinn seo. Beidh sonraí astaíochtaí tuairiscithe saor ó mhíríteas ábhartha, seachnóidh siad claontacht i roghnú agus i gcur i láthair na faisnéise, agus soláthróidh siad cuntas inchreidte agus cothrom ar astaíochtaí leabaithe earraí táirgthe na suiteála.
  - Féadfar bearta roghnacha chun cáilíocht na sonraí atá le tuairisciú a mhéadú a chur i bhfeidhm, go háirithe an sreabhadh sonraí agus na gníomhaíochtaí rialaithe i gcomhréir le Roinn H den Iarscríbhinn seo.
  - Cost-éifeachtacht: Agus modheolaíocht faireacháin á roghnú, tabharfar aird ar chothromaíocht idir an feabhas a eascraíonn as beachtas níos fearr agus na costais bhreise. Le faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí, féachfar leis an gcruinneas is airde is féidir a bhaint amach, mura rud é nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil nó go dtabhaíonn sé costais mhírreasúnta.
  - Feabhas leanúnach: Seiceálfar go rialta an féidir na modheolaíochtaí faireacháin a fheabhsú. Má dhéantar fíorú ar shonraí astaíochtaí, déanfar aon mholadh maidir le feabhsúcháin a áirítear sna tuarascálacha fíorúcháin a mheas lena gcur chun feidhme laistigh de thréimhse ama réasúnta, mura rud é go dtabhódh an feabhsú costais mhírreasúnta nó nach mbeadh sé indéanta go teicniúil.

### A.3. Modhanna a léiríonn an fhoinsé sonraí is fearr atá ar fáil

- Maidir le hastaíochtaí leabaithe earraí a chinneadh, agus maidir le tacaí sonraí fholuiteacha, amháil astaíochtaí a bhaineann le sruthanna foinsé aonair nó foinsí astaíochtaí, cainníochtaí teasa intomhaiste, is é an prionsabal uileghabhálach an fhoinsé sonraí is fearr atá ar fáil a roghnú i gcónaí. Chun na críche sin, beidh feidhm ag na treoirphrionsabail seo a leanas:
  - Is fearr na modhanna faireacháin a bhfuil tuairisc orthu san Iarscríbhinn seo a úsáid. Más rud é, i gcás tacar sonraí ar leith, nach ann do mhodh faireacháin a bhfuil tuairisc air san Iarscríbhinn seo, nó go dtabhódh sé costais mhírreasúnta nó nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, féadfar modhanna faireacháin ó chóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe eile a úsáid faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán seo, má chumhdaíonn siad an tacar sonraí is gá. I gcás nach bhfuil modhanna den sórt sin ar fáil, nach

bhfuil siad indéanta go teicniúil, nó ina dtabhóidh siad costais mhírreasúnta, féadfar modhanna indíreacha a úsáid chun an tacar sonraí a chinneadh i gcomhréir le pointe 2. I gcás nach bhfuil modhanna den sórt sin ar fáil, nach bhfuil siad indéanta go teicniúil, nó ina dtabhóidh siad costais mhírreasúnta, féadfar luachanna réamhshocráithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthrímhse a úsáid faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán seo.

- (b) Maidir le modhanna cinnidh díreacha nó indíreacha, meastar modh a bheith oiriúnach i gcás ina n-áiríthítear go ndéanfar aon mhéadrú, anailís, sampláil, calabrú agus bailíochtú chun an tacar sonraí sonracha a chinneadh trí mhodhanna a shainmhíneáir sna caighdeáin ábhartha EN nó ISO a chur i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil caighdeáin den sórt sin ar fáil, féadfar caighdeáin náisiúnta a úsáid. I gcás nach ann do chaighdeáin fhoilsithe is infheidhme, úsáidfeadh dréachtchaighdeáin oiriúnacha, treoirlínte maidir le dea-chleachtas tionscail nó modheolaíochtaí eile a bhfuil cruthúnas eolaíoch acu, agus cuirfeadh teorainn leis an gclaonadh samplála agus tomhais.
  - (c) Laistigh de mhodh amháin a luaitear i bpointe (a), tabharfar tosaíocht d'ionstraimí tomhais nó anailísí saotharlainne faoi rialú an oibreora thar ionstraimí tomhais nó anailísí atá faoi rialú eintitis dhlíthiúil eile, amhail an soláthróir breosla nó ábhar nó na compháirteithe trádála maidir le hearraí a tháirgtear.
  - (d) Roghnófar ionstraimí tomhais sa chaoi is go léiríonn siad an neamhchinnteacht úsáide is lú gan costais mhírreasúnta a thabhtú. Is fearr ionstraimí atá faoi rialú méadreolaíoch dlíthiúil, ach amháin i gcás ina bhfuil ionstraimí eile ar lú i bhfad a neamhchinnteacht úsáide ar fáil. Ní úsáidfeadh ionstraimí ach amháin i dtimpeallachtaí iomchuí de réir a sonraíochta úsáide.
  - (e) I gcás ina n-úsáidfeadh anailísí saotharlainne, nó i gcás ina ndéanann saotharlanna cóireáil shamplach, calabrúcháin, bailíochtú modha, nó gníomhaíochtaí a bhaineann le tomhais leanúnacha astaíochtaí, beidh feidhm ag ceanglais Roinn B.5.4.3 den Iarscríbhinn seo.
2. Modhanna cinnidh indíreacha: I gcás nach bhfuil aon mhodh cinnidh díreach ar fáil le haghaidh tacar sonraí is gá, go háirithe i gcásanna inar gá an glanteas intomhaiste a théann isteach i bpróisis táirgthe éagsúla a chinneadh, féadfar modh cinnidh indíreach a úsáid, amhail an méid seo a leanas:
- (a) ríomh bunaithe ar phróiseas ceimiceach nó fisiceach aitheanta, agus úsáid á baint as luachanna litríochta a nglactar leo mar is iomchuí le haghaidh airíonna ceimiceacha agus airíonna fisiceacha na substaintí lena mbaineann, tosa cuí stócaiméadracha agus airíonna teirmidinimiciúla amhail eantalpachtaí imoibriúcháin, de réir mar is iomchuí;
  - (b) ríomh bunaithe ar shonraí deartha na suiteála amhail éifeachtúlachtaí fuinnimh na n-aonad teicniúil nó idiú fuinnimh ríomha in aghaidh an aonaid táirge;
  - (c) comhghaolta bunaithe ar thástálacha eimpíreacha chun luachanna meastacháin a chinneadh le haghaidh an tacair sonraí is gá ó threalamh neamhchalabraithe nó sonraí arna ndoiciméadú i bprótacaíl táirgthe. Chun na críche sin, áirítheofar go gcomhlíonann an comhghaol ceanglais an dea-chleachtas innealtóireachta agus nach gcuirtear i bhfeidhm é ach amháin chun na luachanna a thagann faoin raon dár bunaíodh é a chinneadh. Déanfar bailíocht na gcomhghaolta sin a mheas uair amháin sa bhliain ar a laghad.
3. Chun na foinsí sonraí is fearr atá ar fáil a chinneadh, roghnófar an fhoinsé sonraí is airde sa rangú a chuirtear i láthair faoi phointe 1 agus atá ar fáil cheana féin ag an tsuiteáil. Mar sin féin, i gcás go bhfuil sé indéanta go teicniúil foinsé sonraí níos airde sa rangú a chur i bhfeidhm gan costais mhírreasúnta a thabhtú, cuirfeadh foinsé sonraí níos fearr den sórt sin i bhfeidhm gan moill mhíchuí. I gcás go bhfuil foinsí éagsúla sonraí ar fáil don tacar sonraí céanna ar an leibhéal céanna sa rangú a chuirtear i láthair faoi phointe 1, roghnófar an fhoinsé sonraí lena n-áiríthítear an sreabhadh sonraí is soiléire leis an riosca bunúsach is ísle agus leis an riosca rialaithe is ísle maidir le míráitis.
4. Úsáidfeadh na foinsí sonraí a roghnófar faoi phointe 3 chun astaíochtaí leabaithe a chinneadh agus a thuairisciú.
5. A mhéid is féidir gan costais mhírreasúnta a thabhtú, chun críche an chórais rialaithe i gcomhréir le Roinn H den Iarscríbhinn seo, sainaitheofar foinsí sonraí breise, nó modhanna breise chun tacair sonraí a chinneadh, lena bhféadfar foinsí sonraí faoi phointe (3) a chomhthacú. Déanfar na foinsí sonraí a roghnófar, más ann dóibh, a leagan síos sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin.

6. Feabhsúcháin mholta: Seiceálfar go rialta, ach uair sa bhliain ar a laghad, an bhfuil foinsí nua sonraí ar fáil, d'fhonn na modhanna faireacháin a fheabhsú. I gcás ina measfar foinsí sonraí nua den sórt sin a bheith níos cruinne i gcomhréir leis an rangú a chuirtear i láthair faoi phointe 1, leagfar síos iad sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin agus cuirfear i bhfeidhm iad ón dáta is luaithe is féidir.
7. Indéantacht theicniúil: I gcás ina maítear nach bhfuil cur i bhfeidhm modheolaíochta cinnidh sonraí indéanta go teicniúil, leagfar síos bonn cirt leis an bhfíoras sin sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin. Déanfar é a athmheasúnú le linn na seiceálacha rialta i gcomhréir le pointe 6. Beidh an bonn cirt sin bunaithe ar acmhainní teicniúla a bheith ag an tsuiteáil atá in ann freastal ar riachtanais foinse sonraí atá beartaithe nó modh faireacháin is féidir a chur chun feidhme sa tréimhse ama is gá chun críocha na hIarscríbhíne seo. Áireofar ar na hacmhainní teicniúla sin infhaighteacht na dteicnící agus na teicneolaíochta atá ag teastáil.
8. Costais mhírreasúnta: I gcás ina maítear go dtabhaíonn cur i bhfeidhm modheolaíochta cinnidh sonraí le haghaidh tacar sonraí costais mhírreasúnta, leagfar síos bonn cirt leis an bhfíoras sin sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin. Déanfar é a athmheasúnú le linn na seiceálacha rialta i gcomhréir le pointe 6. Is mar a leanas a chinnfear cineál mírreasúnach na gcostas.

Meastar go bhfuil na costais a bhaineann le tacar sonraí sonracha a chinneadh mírreasúnta i gcás ina sáraíonn meastachán costais an oibreora an tairbhe a bhaineann le modheolaíocht chinnidh shonrach. Chuipe sin, déanfar an sochar a ríomh trí fhachtóir feabhsúcháin a iolrú faoi phraghas tagartha EUR 20 in aghaidh an tona CO<sub>2</sub>e agus áireofar sna costais tréimhse dímhéasa iomchuí bunaithe ar shaolré eacnamaíoch an trealaimh, i gcás inarb infheidhme.

An méid seo a leanas a bheidh san fhachtóir feabhsúcháin:

- (a) feabhas a chur ar neamhchinnteacht mheasta i dtomhas, arna shloinneadh mar chéatadán, arna iolrú faoi na hastaíochtaí measta gaolmhara thar an tréimhse tuairiscithe. Ciallaíonn astaíochtaí gaolmhara an méid seo a leanas:
  - (1) na hastaíochtaí díreacha arb é an sruth foinse nó an fhoinse astaíochtaí lena mbaineann is cúis leo;
  - (2) astaíochtaí atá sannta do chainníocht teasa intomhaiste;
  - (3) na hastaíochtaí indéreacha a bhaineann leis an gcainníocht leictreachais lena mbaineann;
  - (4) astaíochtaí leabaithe ó ábhar a tháirgtear nó ó réamhtheachtaí a idítear.
- (b) 1 % de na hastaíochtaí gaolmhara, i gcás nach bhfuil aon fheabhsú ar neamhchinnteacht tomhais i gceist.

Bearta a bhaineann le feabhas a chur ar mhodheolaíocht faireacháin suiteála, ní mheasfar go dtabhaíonn siad costais mhírreasúnta suas le méid carntha EUR 2 000 in aghaidh na bliana.

#### A.4. **Suiteálacha a roinnt ina bpróisis táirgthe**

Roinnfear suiteálacha ina bpróisis táirgthe le ngabhann teorainneacha córais lena n-áirithítear gur féidir faireachán a dhéanamh ar ionchuir, aschuir agus astaíochtaí ábhartha i gcomhréir le Ranna B go E den Iarscríbhinn seo agus gur féidir astaíochtaí díreacha agus indéreacha a shannadh do ghrúpaí earraí a shainmhíneáil i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II, trí rialacha Roinn F den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

Roinnfear suiteálacha ina bpróisis táirgthe mar a leanas:

- (a) Saineofar próiseas táirgthe aonair le haghaidh gach ceann de na catagóirí earraí comhiomlánaithe a shainítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II atá ábhartha ag an tsuiteáil.
- (b) De mhaolú ar phointe (a),aineofar próisis táirgthe ar leithligh do gach bealach táirgthe ina gcuirtear bealaí éagsúla táirgthe i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 3 d'Iarscríbhinn II don chatagóir earraí chomhiomlánaithe céanna sa tsuiteáil chéanna, nó i gcás ina roghnaíonn an t-oibreoir earraí éagsúla nó grúpaí earraí éagsúla dá ndeoin féin le haghaidh faireacháin ar leithligh. Féadfar sainmhíniú níos imdhealaithe ar phróisis táirgthe a úsáid freisin i gcás ina mbeidh sé i gcomhréir le córas faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe is infheidhme ag an tsuiteáil.

- (c) De mhaolú ar phointe (a), i gcás ina dtáirgtear ar a laghad cuid de na réamhtheachtaithe atá ábhartha d'earraí coimpléascacha sa tsuiteáil chéanna leis na hearraí coimpléascacha féin, agus i gcás nach n-aistrítear na réamhtheachtaithe faoi seach amach as an tsuiteáil lena ndíol nó lena n-úsáid i suiteálacha eile, féadfar táirgeadh na réamhtheachtaithe agus na n-earraí coimpléascacha a chumhdach le próiseas táirgthe comhpháirteach. Fágfar ríomh leithleach astaíochtaí leabaithe na réamhtheachtaithe ar lár sa chás sin.
- (d) Féadfar na maoluithe earnála seo a leanas ar phointe (a) a chur i bhfeidhm:
- (1) I gcás ina dtáirgtear dhá earra nó níos mó ó catagóirí earraí comhiomlánaithe áirithe, is é sin mian shintéaraithe, muciarann, FeMn, FeCr, FeNi, DRI, amhchruach, nó táirgí iarainn nó cruach, sa tsuiteáil chéanna, féadfar faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na hastaíochtaí leabaithe trí phróiseas comhtháirgthe amháin a shainiú le haghaidh na n-earraí sin go léir.
  - (2) I gcás ina dtáirgtear dhá earra nó níos mó ó na grúpaí 'alúmanam neamhshaoirsithe' nó 'táirgí alúmanaim' sa tsuiteáil chéanna, féadfar faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na hastaíochtaí leabaithe trí phróiseas comhtháirgthe amháin a shainiú le haghaidh na n-earraí sin go léir.
  - (3) Chun leasacháin mheascha a tháirgeadh, féadfar an faireachán agus an tuairisciú don phróiseas táirgthe faoi seach a shimpliú trí luach aonfhoirmeach amháin a chinneadh d'astaíochtaí leabaithe in aghaidh an tona nítrigine atá sna leasacháin mheascha, gan beann ar fhoirm cheimiceach na nítrigine (foirmeacha amóiniam, níotráite nó úiré).
- (e) I gcás ina bhfónann cuid den tsuiteáil do tháirgeadh earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, feabhsúchán a mholtar is ea faireachán a dhéanamh ar an gcuid sin mar phróiseas táirgthe breise amháin chun críche iomláine shonraí iomlána astaíochtaí na suiteála a chomhthacú.

## B. FAIREACHÁN AR ASTAÍOCHTAÍ DÍREACHA AR LEIBHÉAL NA SUITEÁLA

### B.1 Iomláine sruthanna foinse agus foinsí astaíochtaí

Beidh eolas soiléir ag an oibreoir maidir le teorainneacha na suiteála agus lena próisis táirgthe agus saineofar iad sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin, agus na ceanglais earnáilsonracha a leagtar síos i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II agus i Roinn B.9 den Iarscríbhinn seo á gcur san áireamh. Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

1. Ar a laghad, cumhdófar gach foinse ábhartha agus gach sruth foinse ábhartha astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann go díreach nó go hindíreach le táirgeadh na n-earraí a liostaítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II.
2. Feabhsúchán a mholtar is ea foinsí astaíochtaí agus sruthanna foinse uile na suiteála iomláine a chumhdach, chun seiceálacha sochreidteachta a dhéanamh agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht astaíochtaí na suiteála ina hiomláine a rialú.
3. Áireofar na hastaíochtaí uile ó oibríochtaí rialta, chomh maith le hastaíochtaí ó theagmhais neamhghnácha, lena n-áirítear cásanna tosaithe, múchta agus éigeandála, le linn na tréimhse tuairiscithe.
4. Déanfar astaíochtaí ó innealra soghluaiste chun críocha iompair a eisiamh.

### B.2 Modheolaíocht faireacháin a roghnú

Is é seo a leanas an mhodheolaíocht is infheidhme:

1. An mhodheolaíocht ríomhbhunaithe, arb é atá i gceist léi astaíochtaí ó shruthanna foinse a chinneadh ar bhonn sonraí gníomhaíochta a fhaightear trí bhíthin córais tomhais agus paraiméadair bhreise ó anailísí saotharlainne nó luachanna caighdeánacha. Féadfar an mhodheolaíocht ríomhbhunaithe a chur chun feidhme i gcomhréir leis an modh caighdeánach nó leis an modh maischothromaíochta.
2. An mhodheolaíocht thomhasbhunaithe, arb é atá i gceist léi astaíochtaí ó fhoinsí astaíochtaí a chinneadh trí thomhas leanúnach a dhéanamh ar thiúchan an gháis cheaptha teasa ábhartha sa ghás múcháin agus ar an sreabhadh gáis múcháin.

De mhaolú air sin, féadfar modheolaíochtaí eile a úsáid faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 4(2), in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 5 den Rialachán seo.

Roghnófar an mhodheolaíocht faireacháin lena dtugtar na torthaí is cruinne agus is iontaoifa, ach amháin i gcás ina n-éilíonn ceanglais earnáilsonracha i gcomhréir le Roinn B.9 modheolaíocht amháin ar leith. D'fhéadfadh teaghlaim de mhodheolaíochtaí a bheith sa mhodheolaíocht faireacháin a chuirtear i bhfeidhm sa chaoi is go ndéantar faireachán ar chodanna éagsúla d'astaíochtaí na suiteála le ceachtar de na modheolaíochtaí is infheidhme.

Déanfaidh an doiciméadacht modheolaíochta faireacháin an méid seo a leanas a shainnint go soiléir:

- cén sruth foinse a n-úsáidtear an modh caighdeánach ríomhbhunaithe nó an modh maischothromaíochta ina leith, lena n-áirítear tuairisc mhionsonraithe ar chinneadh gach paraiméadair ábhartha a thugtar i Roinn B.3.4 den Iarscríbhinn seo;
- cén fhoinse astaíochtaí a n-úsáidtear modheolaíocht thomhasbhunaithe ina leith, lena n-áirítear an tuairisc ar na heilimintí ábhartha uile a thugtar i Roinn B.6 den Iarscríbhinn seo;
- trí bhíthin léaráid oiriúnach agus tuairisc ar phróiseas oiriúnach ar an tsuiteáil, fianaise nach bhfuil áireamh dúbailte ná bearnaí sonraí in astaíochtaí na suiteála.

Déanfar astaíochtaí na suiteála a chinneadh tríd an méid seo a leanas

$$Em_{inst} = \sum_{i=1}^n Em_{calc,i} + \sum_{j=1}^m Em_{meas,j} + \sum_{k=1}^l Em_{other,k} \quad (\text{Cothromóid 4})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $Em_{inst}$  astaíochtaí (díreacha) na suiteála arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>e;

Is é  $Em_{calc,i}$  na hastaíochtaí ón sruth foinse  $i$  arna chinneadh trí mhodheolaíocht ríomhbhunaithe a úsáid, arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>e;

Is é  $Em_{meas,j}$  na hastaíochtaí ó fhoinse astaíochtaí  $j$  arna chinneadh trí mhodheolaíocht thomhasbhunaithe a úsáid, arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>e, agus

Is é  $Em_{other,k}$  na hastaíochtaí arna gcinneadh le modh eile, innéacs  $k$ , arna sloinneadh i dtonaí CO<sub>2</sub>e.

### B.3 Foirmle agus paraiméadair don mhodheolaíocht ríomhbhunaithe le haghaidh CO<sub>2</sub>

#### B.3.1 Modh caighdeánach

Déanfar astaíochtaí a ríomh ar leithligh do gach sruth foinse mar a leanas:

##### B.3.1.1 Astaíochtaí dócháin:

Déanfar astaíochtaí dócháin a ríomh trí úsáid a bhaint as an modh caighdeánach mar a leanas:

$$Em_i = AD_i \cdot EF_i \cdot OF_i \quad (\text{Cothromóid 5})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $Em_i$  na hastaíochtaí [t CO<sub>2</sub>] arb é breosla  $i$  is cúis leo;

Is é  $EF_i$  fachtóir astaíochta [t CO<sub>2</sub> / TJ] breosla  $i$ ;

Is é  $AD_i$  sonraí gníomhaíochta [TJ] breosla  $i$ , arna ríomh mar:

$$AD_i = FQ_i \cdot NCV_i \quad (\text{Cothromóid 6})$$

Is é  $FQ_i$  cainníocht an bhreosla a ídítear [t nó m<sup>3</sup>] de bhreosla  $i$ ;

Is é  $NCV_i$  glanluach calrach (luach calrach íochtarach) [TJ/t nó TJ/m<sup>3</sup>] breosla  $i$ ;

Is é  $OF_i$  toisc ocsaídiúcháin (gan toise) breosla  $i$ , arna ríomh mar :

$$OF = 1 - C_{ash}/C_{total} \quad (\text{Cothromóid 7})$$

Is é  $C_{ash}$  an carbón atá i luaith agus i ndeannach glanta gáis múcháin, agus

Is é  $C_{total}$  an carbón iomlán atá sa bhreosla a dhóitear.

Féadfar an toimhde coimeádach gurb ionann  $OF$  agus 1 a úsáid i gcónaí chun iarrachtaí faireacháin a laghdú.

Ar choinníoll go mbeidh cruinneas níos airde mar thoradh air, féadfar an modh caighdeánach d'astaíochtaí dócháin a mhodhnú mar a leanas:

- (a) sloinntear na sonraí gníomhaíochta mar chainníocht bhreosla (i.e. in t nó m<sup>3</sup>);
- (b) sloinntear  $EF$  in t CO<sub>2</sub>/t breosla nó t CO<sub>2</sub>/m<sup>3</sup> breosla, de réir mar is infheidhme, agus
- (c) féadfar NCV a fhágáil ar lár ón ríomh. Mar sin féin, feabhsúchán a mholtar is ea NCV a thuairisciú chun seiceáil agus faireachán comhsheasmhachta a cheadú ar éifeachtúlacht fuinnimh an phróisis táirgthe ina iomláine.

Má tá fachtóir astaíochta an bhreosla  $i$  le ríomh ó na hanailísí ar an gcion carbóin agus ar NCV, úsáidfean an chothromóid seo a leanas:

$$EF_i = CC_i \cdot f / NCV_i \quad (\text{Cothromóid 8})$$

Má tá fachtóir astaíochta ábhair nó breosla arna shloinneadh in t Co<sub>2</sub>/t<sub>2</sub>/t le ríomh ó chion carbóin a ndearnadh anailís air, úsáidfean an chothromóid seo a leanas:

$$EF_i = CC_i \cdot f \quad (\text{Cothromóid 9})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $f$  an cóimheas idir maiseanna mólaracha CO<sub>2</sub> agus C:  $f = 3,664 \text{ t CO}_2/\text{t C}$ .

Ós rud é go mbeidh fachtóir astaíochta na bithmhaise cothrom le nialas, ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir a thugtar i Roinn B.3.3, féadfar an fíoras sin a chur san áireamh i gcás breoslaí measctha (i.e. breoslaí ina bhfuil comhpháirteanna iontaise agus bithmhaise araon) mar a leanas:

$$EF_i = EF_{pre,i} \cdot (1 - BF_i) \quad (\text{Cothromóid 10})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $EF_{pre,i}$  réamhfachtóir astaíochta an bhreosla  $i$  (i.e. fachtóir astaíochta, ag glacadh leis gur breosla iontaise atá sa bhreosla iomlán) agus

Is é  $BF_i$  an cion bithmhaise (gan toise) den bhreosla  $i$ .

I gcás breoslaí iontaise agus i gcás nach eol an codán bithmhaise, socrófar  $BF_i$  ag luach coimeádach nialas.

### B.3.1.2 Astaíochtaí próisis:

Déanfar astaíochtaí próisis a ríomh trí úsáid a bhaint as an modh caighdeánach mar a leanas:

$$Em_j = AD_j \cdot EF_j \cdot CF_j \quad (\text{Cothromóid 11})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $AD_j$  sonraí gníomhaíochta [t an ábhair] ábhar  $j$ ;

Is é  $EF_j$  fachtóir astaíochta [t CO<sub>2</sub> / t] ábhar  $j$ , agus

Is é  $CF_j$  fachtóir coinbhéartachta (gan toisí) ábhar  $j$ .

Féadfar an toimhde coimeádach gurb ionann  $CF_j$  agus 1 a úsáid i gcónaí chun iarrachtaí faireacháin a laghdú.

I gcás ábhair ionchuir ó phróisis mheasctha ina bhfuil foirmeacha neamhorgánacha agus orgánacha carbóin, féadfaidh an t-oibreoir ceachtar den dá rud seo a leanas a dhéanamh:

1. réamhfachtóir astaíochta iomlán don ábhar measctha a chinneadh trí anailís a dhéanamh ar an gcion carbóin iomlán ( $CC_j$ ), agus úsáid á baint as fachtóir coinbhéartachta agus, más infheidhme, codán bithmhaise agus glanluach caltrach a bhaineann leis an gcion carbóin iomlán sin; nó
2. ábhair orgánacha agus neamhorgánacha a chinneadh ar leithligh agus caitheamh leo mar dhá shruth foinse ar leith.



I bhfianaise na gcóras tomhais atá ar fáil le haghaidh sonraí gníomhaíochta agus le haghaidh modhanna chun an fachtóir astaíochta a chinneadh, maidir le hastaíochtaí ó dhianscaoileadh carbónáití, roghnófar an modh lena dtugtar na torthaí níos cruinne do gach sruth foinse ón dá mhodh seo a leanas:

- Modh A (Bunaithe ar ionchur): Bainfidh an fachtóir astaíochta, an fachtóir coinbhéartachta agus na sonraí gníomhaíochta le méid an ionchuir ábhair a chuirtear isteach sa phróiseas. Úsáidfeadh na fachtóirí astaíochta caighdeánacha do charbónáití íona dá bhforáiltear i dTábla 3 in Iarscríbhinn VIII, agus comhdhéanamh an ábhair arna chinneadh i gcomhréir le Roinn B.5 den Iarscríbhinn seo á chur san áireamh.
- Modh B (Bunaithe ar aschur): Bainfidh an fachtóir astaíochta, an fachtóir coinbhéartachta agus na sonraí gníomhaíochta le méid an aschuir ón bpróiseas. Úsáidfeadh na fachtóirí astaíochta caighdeánacha d'ocsaídí miotail tar éis dícharbónaithe dá bhforáiltear i dTábla 4 in Iarscríbhinn VIII, agus comhdhéanamh an ábhair ábhartha arna chinneadh i gcomhréir le Roinn B.5 den Iarscríbhinn seo á chur san áireamh.

I gcás astaíochtaí próisis CO<sub>2</sub> seachas na hastaíochtaí sin ó charbónáití, cuirfeadh modh A i bhfeidhm.

### B.3.2 Modh maiscothromaíochta

Déanfar na cainníochtaí CO<sub>2</sub> is ábhartha do gach sruth foinse a ríomh bunaithe ar an gcion carbóin i ngach ábhar, gan idirdhealú a dhéanamh idir breoslaí agus ábhair phróisis. Carbón a fhágann an tsuiteáil i dtáirgí seachas a bheith astaithe, cuirtear san áireamh le sruthanna foinse é, agus dá bhrí sin tá sonraí gníomhaíochta diúltacha acu.

Déanfar na hastaíochtaí a chomhfhreagraíonn do gach sruth foinse a ríomh mar a leanas:

$$Em_k = f \cdot AD_k \cdot CC_k \quad (\text{Cothromóid 12})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $AD_k$  sonraí gníomhaíochta [t] ábhar  $k$ ; maidir le haschuir, bíonn  $AD_k$  diúltach;

Is é  $f$  an cóimheas idir maiseanna mólaracha CO<sub>2</sub> agus C:  $f = 3.664 \text{ t CO}_2/\text{t C}$ , agus

Is é  $CC_k$  an cion carbóin d'ábhar  $k$  (gan toise agus dearfach).

Má tá an cion carbóin de bhreosla  $k$  le ríomh ó fhachtóir astaíochta arna shloinneadh in t CO<sub>2</sub>/TJ, úsáidfeadh an chothromóid seo a leanas:

$$CC_k = EF_k \cdot NCV_k / f \quad (\text{Cothromóid 13})$$

Má tá an cion carbóin d'ábhar nó de bhreosla  $k$  le ríomh ó fhachtóir astaíochta arna shloinneadh in t CO<sub>2</sub>/t, úsáidfeadh an chothromóid seo a leanas:

$$CC_k = EF_k / f \quad (\text{Cothromóid 14})$$

I gcás breoslaí measctha, is é sin le rá breoslaí ina bhfuil comhpháirteanna iontaise agus bithmhaise araon nó ábhair mheasctha, féadfar an codán bithmhaise a chur san áireamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir a thugtar i Roinn B.3.3 mar a leanas:

$$CC_k = CC_{pre,k} \cdot (1 - BF_k) \quad (\text{Cothromóid 15})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $CC_{pre,k}$  an réamhchion carbóin de bhreosla  $k$  (i.e. fachtóir astaíochta, ag glacadh leis gur breosla iontaise atá sa bhreosla iomlán) agus

Is é  $BF_k$  an cion bithmhaise (gan toisí) de bhreosla  $k$  (gan toise).

I gcás breoslaí nó ábhair iontaise agus i gcás nach eol an codán bithmhaise, socrófar  $BF$  ag luach coimeádach nialas. I gcás ina n-úsáidtear bithmhais mar ábhar ionchuir nó mar bhreosla, agus i gcás ina bhfuil carbón in ábhair aschuir, caithfeadh leis an gcodán bithmhaise go coimeádach sa mhaischothromú foriomlán, is é sin le rá nach sáróidh an codán den bhithmhais i gcarbón aschuir iomlán an codán iomlán bithmhaise atá in ábhair ionchuir agus i mbreoslaí, ach amháin má sholáthraíonn an t-oibreoir fianaise ar chodán bithmhaise níos airde sna hábhair aschuir le modh 'rianaigh an adaimh' (stócaiméadrach) nó le hanailís <sup>14</sup>C.

### B.3.3 Critéir maidir le rátáil nialasach a thabhairt d'astaíochtaí bithmhaise

I gcás ina n-úsáidtear bithmhais mar bhreosla le haghaidh dócháin, comhlíonfaidh sí critéir na roinne seo. I gcás nach gcomhlíonann an bhithmhais a úsáidtear le haghaidh dócháin na critéir sin, measfar gur carbón iontaise a cion carbóin.

1. Comhlíonfaidh an bhithmhais na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.
2. De mhaolú ar an bpointe roimhe seo, maidir le bithmhais atá i ndramhaíl agus iarmhair, nó a tháirgtear astu, seachas iarmhair talmhaíochta, dhobharshaothraithe, iascaigh agus foraoiseachta, ní chomhlíonfaidh sí ach na critéir a leagtar síos in Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001. Beidh feidhm ag an bpointe seo freisin maidir le dramhaíl agus le hiarmhair a ndéantar iad a phróiseáil ar dtús chun táirge a dhéanamh díobh sula ndéantar tuilleadh próiseála orthu chun breoslaí a dhéanamh díobh.
3. Ní bheidh leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgtear ó dhramhaíl sholadach chathrach faoi réir na gcritéir a leagtar síos i mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.
4. Beidh feidhm ag na critéir a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 gan beann ar thionscnamh geografach na bithmhaise.
5. Déanfar comhlíonadh na gcritéir a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31(1) den Treoir sin.

### B.3.4 Paraiméadair ábhartha

I gcomhréir leis na foirmlí a thugtar i Ranna B.3.1 go B.3.3 den Iarscríbhinn seo, cinnfear na paraiméadair seo a leanas do gach sruth foinsé:

1. Modh caighdeánach, dóchán:
  - Íoscheanglas: Cainníocht bhreosla (t nó m<sup>3</sup>), Fachtóir astaíochta (t CO<sub>2</sub> /t nó t CO<sub>2</sub>/m<sup>3</sup>).
  - Feabhsúchán molta: Cainníocht bhreosla (t nó m<sup>3</sup>), NCV (TJ/t nó TJ/m<sup>3</sup>), Fachtóir astaíochta (t CO<sub>2</sub> /TJ), Fachtóir ocsaídiúcháin, Codán bithmhaise, fianaise maidir le comhlíonadh chritéir Roinn B.3.3.
2. Modh caighdeánach, astaíochtaí próisis:
  - Íoscheanglas: Sonraí gníomhaíochta (t nó m<sup>3</sup>), Fachtóir astaíochta (t CO<sub>2</sub> /t nó t CO<sub>2</sub>/m<sup>3</sup>).
  - Feabhsúchán molta: Sonraí gníomhaíochta (t nó m<sup>3</sup>), Fachtóir astaíochta (t CO<sub>2</sub> /t nó t Co<sub>2</sub>/m<sup>3</sup>),<sub>2</sub>/m<sup>3</sup>), fachtóir coinbhéartachta.
3. Maiscothromaíocht:
  - Íoscheanglas: Cainníocht ábhair (t), Cion carbóin (t C/t ábhar).
  - Feabhsúchán molta: Cainníocht ábhair (t), Cion carbóin (t C/t ábhar), NCV (TJ/t), codán bithmhaise, fianaise maidir le comhlíonadh chritéir Roinn B.3.3.

## B.4 Ceanglais maidir le sonraí gníomhaíochta

### B.4.1 Méadrú leanúnach nó neamhleanúnach

I gcás nach mór cainníochtaí breoslaí nó ábhar, lena n-áirítear earraí nó táirgí idirmheánacha, a chinneadh le haghaidh tréimhse tuairiscithe, féadfar ceann de na modhanna seo a leanas a roghnú agus a leagan síos sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin:

1. modh atá bunaithe ar mhéadrú leanúnach le linn an phróisis ina n-úsáidtear nó ina dtáirgtear an t-ábhar;
2. modh atá bunaithe ar chomhiomlánú an mhéadraithe ar chainníochtaí a sheachadtar nó a tháirgtear ar leithligh (go neamhleanúnach), agus athruithe ábhartha ar an stoc á gcur san áireamh. Chun na críche sin, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
  - (a) déanfar cainníocht an bhreosla nó an ábhair a ídtear le linn na tréimhse tuairiscithe a ríomh mar chainníocht an bhreosla nó an ábhair a allmhairíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, lúide cainníocht an bhreosla nó an ábhair a onnmhairíodh, móide cainníocht an bhreosla nó an ábhair sa stoc ag tús na tréimhse tuairiscithe, lúide cainníocht an bhreosla nó an ábhair sa stoc ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;

- (b) déanfar leibhéal táirgthe na n-earraí nó na dtáirgí idirmheánacha a ríomh mar an chainníocht a onnmhairíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, lúide an chainníocht a allmhairíodh, lúide cainníocht an táirge nó an ábhair sa stoc ag tús na tréimhse tuairiscithe, móide cainníocht an táirge nó an ábhair sa stoc ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Chun aon áireamh dúbailte a sheachaint, déantar táirgí de phróiseas táirgthe a chuirtear ar ais sa phróiseas táirgthe céanna a asbhaint ó na leibhéal táirgthe.

I gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil nó ina dtabhódh sé costais mhírreasúnta cainníochtaí i stoc a chinneadh trí thomhas díreach, féadfar na cainníochtaí sin a mheas bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

1. sonraí ó na blianta roimhe sin agus iad i gcomhchoibhneas le leibhéal ghníomhaíochta iomchuí don tréimhse tuairiscithe;
2. nósanna imeachta doiciméadaithe agus sonraí faoi seach i ráitis airgeadais iniúchta don tréimhse tuairiscithe.

I gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil cainníochtaí táirgí, ábhar nó breoslaí a chinneadh don tréimhse tuairiscithe ar fad nó i gcás ina dtabhódh sé sin costais mhírreasúnta, féadfar an chéad lá eile is iomchuí a roghnú chun tréimhse tuairiscithe a dheighilt ón tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin. Déanfar é a réiteach dá réir sin leis an tréimhse tuairiscithe is gá. Déanfar na diallais lena mbaineann le haghaidh gach táirge, ábhair nó breosla a thaifeadadh go soiléir chun bheith ina mbonn le haghaidh luach atá ionadaíoch don tréimhse tuairiscithe agus chun go measfar iad go comhsheasmhach i ndáil leis an mbliain dár gcionn.

#### B.4.2 *Rialú an oibreora ar chórais tomhais*

Is é an modh tosaíochta chun cainníochtaí táirgí, ábhar nó breoslaí a chinneadh ná go n-úsáidfidh oibreoir na suiteála córais tomhais atá faoina rialú féin. Féadfar córais tomhais nach bhfuil faoi rialú an oibreora féin a úsáid sna cásanna seo a leanas, go háirithe má tá siad faoi rialú sholáthróir an ábhair nó an bhreosla:

1. i gcás nach bhfuil córas tomhais féin ag an oibreoir chun an tacar sonraí faoi seach a chinneadh;
2. i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil an tacar sonraí a chinneadh le córas tomhais féin an oibreora nó go dtabhódh sé costais mhírreasúnta;
3. i gcás ina bhfuil fianaise ag an oibreoir go dtugann an córas tomhais atá lasmuigh de rialú an oibreora torthaí níos iontaofa agus gur lú an baol go mbeadh míráiteas ann dá bharr.

I gcás ina n-úsáidtear córais tomhais atá lasmuigh de rialú an oibreora féin, is iad seo a leanas na foinsí sonraí is infheidhme:

- (1) méideanna ó shonraisc arna n-eisiúint ag comhpháirtí trádála, ar choinníoll go ndéantar idirbheart tráchtála idir dhá chomhpháirtí trádála neamhspleácha;
- (2) léamha díreacha ó na córais tomhais.

#### B.4.3 *Ceanglais maidir le córais tomhais*

Beidh tuiscint chríochnúil ar fáil ar an éiginnteacht a bhaineann le cainníochtaí méadráithe breoslaí agus ábhar, lena n-áirítear tionchar na timpeallachta oibriúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, an éiginnteacht maidir le cinneadh an stoic. Roghnófar ionstraimí tomhais lena n-áiríteofar an éiginnteacht is lú atá ar fáil gan costais mhírreasúnta a thabhu agus atá oiriúnach don chomhshaol ina n-úsáidtear iad, i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla agus na ceanglais theicniúla is infheidhme. Má tá siad ar fáil, tabharfar tosaíocht d'ionstraimí atá faoi réir rialú méadreolaíoch dlíthiúil. Sa chás sin, féadfar an uasarráid incheadaithe i seirbhís a cheadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le rialú dlíthiúil méadreolaíoch don tasc tomhais ábhartha a úsáid mar luach na héiginnteachta.

I gcás inar gá ionstraim tomhais a athsholáthar mar gheall ar mhífheidhm nó toisc go léiríonn an calabrú nach gcomhlíontar na ceanglais a thuilleadh, cuirfear ionstraimí eile ina hionad lena n-áiríteofar go mbainfear amach an leibhéal céanna neamhchinnteachta nó leibhéal neamhchinnteachta níos fearr i gcomparáid leis an ionstraim atá ann cheana.

#### B.4.4 Feabhsúchán molta

Meastar gur feabhsúchán molta é neamhchinnteacht tomhais a bhaint amach atá i gcomhréir le hastaíochtaí iomlána an tsrutha foinse nó na foinse astaíochtaí, agus an neamhchinnteacht is lú ann do na codanna is mó de na hastaíochtaí. Chun críoch treoshuímh, i gcás astaíochtaí ar mó iad ná 500 000 t CO<sub>2</sub> in aghaidh na bliana, is 1.5 % nó níos fearr a bheidh sa neamhchinnteacht le linn na tréimhse tuairiscithe iomláine, agus athruithe ar an stoc á gcur san áireamh, más infheidhme. I gcás astaíochtaí faoi bhun 10 000 t CO<sub>2</sub> in aghaidh na bliana, beidh neamhchinnteacht níos lú ná 7.5 % inghlactha.

### B.5 Ceanglais maidir le fachtóirí ríomha le haghaidh CO<sub>2</sub>

#### B.5.1 Modhanna chun fachtóirí ríomha a chinneadh

Chun na fachtóirí ríomha is gá don mhodheolaíocht ríomhbhunaithe a chinneadh, féadfar ceann de na modhanna seo a leanas a roghnú:

1. úsáid luachanna caighdeánacha;
2. úsáid sonraí ionadacha bunaithe ar chomhghaolta eimpíreacha idir an fachtóir ríomha ábhartha agus airíonna eile ar féidir iad a thomhas ar bhealach níos fearr;
3. úsáid luachanna bunaithe ar anailís saotharlainne.

Cinnfear fachtóirí ríomha go comhsheasmhach i gcomhréir leis an staid a úsáidtear le haghaidh sonraí gníomhaíochta gaolmhara, ag tagairt do staid an bhreosla nó an ábhair ina gceannaítear nó ina n-úsáidtear an breosla nó an t-ábhar sa phróiseas is cúis le hastaíochtaí, sula ndéantar é a thriomú nó a chóireáil ar bhealach eile le haghaidh anailís saotharlainne. I gcás ina dtabhaíonn sé sin costais mhíreasúnta nó inar féidir cruinneas níos airde a bhaint amach, féadfar sonraí gníomhaíochta agus fachtóirí ríomha a thuairisciú go comhsheasmhach, ag tagairt don staid ina ndéantar anailís saotharlainne.

#### B.5.2 Luachanna caighdeánacha is infheidhme

Ní bheidh luachanna caighdeánacha de chineál I infheidhme ach amháin mura bhfuil aon luach caighdeánach de chineál II ar fáil don pharaiméadar céanna agus don ábhar céanna nó don bhreosla céanna.

Is iad seo a leanas na luachanna caighdeánacha de chineál I:

- (a) fachtóirí caighdeánacha a thugtar in Iarscríbhinn VIII;
- (b) fachtóirí caighdeánacha atá sna treoirlínte IPCC is déanaí d'fhardail GCT<sup>(1)</sup>;
- (c) luachanna bunaithe ar anailís saotharlainne a rinneadh roimhe seo, nach sine ná 5 bliana agus a mheastar a bheith ionadaíoch don bhreosla nó don ábhar.

Is iad seo a leanas na luachanna caighdeánacha de chineál II:

- (a) fachtóirí caighdeánacha arna n-úsáid ag an tír ina bhfuil an tsuiteáil lonnaithe chun an fardal náisiúnta is déanaí uaithe a chur faoi bhráid Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide;
- (b) luachanna arna bhfoilsíú ag institiúidí náisiúnta taighde, ag údaráis phoiblí, ag comhlachtaí um chaighdeánú, ag oifigí staidrimh etc. chun críche tuairiscithe astaíochtaí níos imdhealaithe ná mar a bhí ann faoin bpointe roimhe seo;
- (c) luachanna arna sonrú agus arna ráthú ag soláthróir breosla nó ábhair i gcás ina bhfuil fianaise ann go léiríonn an cion carbóin eatramh muiníne 95 % nach mó ná 1 %;
- (d) luachanna stócaiméadracha don chion carbóin agus do luachanna gaolmhara litríochta le haghaidh ghlanluach calrach (NCV) substainte íne;
- (e) luachanna bunaithe ar anailís saotharlainne a rinneadh roimhe seo, nach sine ná 2 bhliain agus a mheastar a bheith ionadaíoch don bhreosla nó don ábhar.

<sup>(1)</sup> Painéal Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (IPCC): Treoirlínte IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

Chun comhsheasmhacht a áirithiú le himeacht ama, déanfar aon luach caighdeánach a úsáidtear a leagan síos sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin, agus ní athrófar é ach amháin má tá fianaise ann go bhfuil an luach nua níos leordhóthanaí agus níos ionadaíche don bhreosla nó don ábhar arna úsáid ná an breosla nó an t-ábhar roimhe sin. I gcás ina n-athraíonn na luachanna caighdeánacha ar bhonn bliantúil, leagfar síos foinse údarásach is infheidhme an luacha sin sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin in ionad an luacha féin.

#### B.5.3 *Comhghaolta a bhunú chun seachshonraí a chinneadh*

Féadfar athróg ionadach don chion carbóin nó don fhachtóir astaíochta a dhíorthú ó na paraiméadair seo a leanas, in éineacht le comhghaol eimpíreach arna chinneadh uair amháin sa bhliain ar a laghad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le hanailísí saotharlainne a thugtar i Roinn B.5.4 den Iarscríbhinn seo mar a leanas:

- (a) tomhas dlúis olaí sonracha nó gás sonrach, lena n-áirítear na holaí agus na gáis sin is coiteann don tionscal scaglainne nó cruach;
- (b) glanluach calrach le haghaidh cineálacha sonracha guail.

Caithfidh an comhghaol ceanglais an dea-chleachtas thionsclaíoch a chomhlíonadh agus ní fhéadfar é a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le luachanna na hathróige ionadaí a thagann faoin raon dár bunaíodh é.

#### B.5.4 *Ceanglais maidir le hanailísí saotharlainne*

I gcás ina bhfuil gá le hanailísí saotharlainne chun airíonna táirgí, ábhar, breoslaí nó dramhghás a chinneadh (lena n-áirítear taise, íonacht, tiúchan, cion carbóin, codán bithmhaise, glanluach calrach, dlús), nó chun comhghaolta a bhunú idir paraiméadair chun na sonraí is gá a chinneadh go hindíreach, comhlíonfaidh na hanailísí ceanglais na roinne seo.

Ní úsáidfeadh toradh aon anailíse ach amháin le haghaidh na tréimhse seachadta nó na baise breosla nó na baise ábhair ar tógadh na samplaí ina leith, agus a raibh sé beartaithe go mbeadh na samplaí ionadaíoch ina leith. Agus paraiméadar sonracha á chinneadh, úsáidfeadh torthaí na n-anailísí uile arna ndéanamh i ndáil leis an bparaiméadar sin.

##### B.5.4.1 *Caighdeáin a úsáid*

Aon anailís, sampláil, calabrá agus bailíochtú chun fachtóirí ríomha a chinneadh, déanfar é nó í trí mhodhanna atá bunaithe ar chaighdeáin chomhfhreagracha ISO a chur i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil fáil ar chaighdeáin den sórt sin, beidh na modhanna bunaithe ar chaighdeáin nó ceanglais oiriúnacha EN nó náisiúnta a leagtar síos i gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe. I gcás nach ann do chaighdeáin fhoilsithe is infheidhme, féadfar dréachtchaighdeáin oiriúnacha, treoirlínte maidir le dea-chleachtas tionscail nó modheolaíochtaí eile a bhfuil cruthúnas eolaíoch acu a úsáid, agus cuirfeadh teorainn leis an gclaonadh samplála agus tomhais.

##### B.5.4.2 *Moltaí maidir le plean samplála agus íosmhinicíocht na n-anailísí*

Úsáidfeadh na híosmhinicíochtaí maidir le hanailísí le haghaidh breoslaí agus ábhair ábhartha a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn seo. Féadfar minicíocht anailíse eile a úsáid sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás nach bhfuil íosmhinicíocht is infheidhme sa tábla;
- (b) i gcás ina bhforáiltear le córas faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe d'íosmhinicíocht anailíse eile don chineál céanna ábhair nó breosla;
- (c) i gcás ina dtabhódh an íosmhinicíocht a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn seo costais mhírreasúnta;
- (d) i gcás inar féidir a léiriú, bunaithe ar shonraí stairiúla, lena n-áirítear luachanna anailíseacha le haghaidh na mbreoslaí nó na n-ábhar faoi seach sa tréimhse tuairiscithe díreach roimh an tréimhse tuairiscithe reatha, nach mó aon éagsúlacht sna luachanna anailíseacha don bhreosla nó don ábhar faoi seach ná 1/3 den neamhchinnteacht a bhaineann le sonraí gníomhaíochta an bhreosla nó an ábhair ábhartha a chinneadh.

I gcás nach n-oibríonn suiteáil ach ar feadh cuid den bhliain, nó i gcás ina seachadtar breoslaí nó ábhair i mbaisceanna a thomhlaítear thar níos mó ná tréimhse tuairiscithe amháin, féadfar sceideal níos iomchuí le haghaidh anailísí a roghnú, ar choinníoll go mbeidh neamhchinnteacht inchomparáide mar thoradh air, amhail faoin bpointe deireanach den fhomhír roimhe seo.

Tábla 1:

## Íosmhiniúcháin anailísí

Breosla/ábhar	Íosmhiniúchtaí anailísí
Gás nádúrtha	Uair sa tseachtain ar a laghad
Gáis eile, go háirithe gás sintéise agus gáis phróisis amhail gás measctha scaglainne, gás oighinn cóic, gás foirnéise soinneáin, gás tiontaire, gás olacheantair agus gás gáscheantair	Gach lá ar a laghad — agus úsáid á baint as nósanna imeachta cuí ag amanna éagsúla den lá
Olaí breosla (mar shampla ola bhreosla éadrom, ola bhreosla mheánach, ola bhreosla throm, biotúman)	Gach 20 000 tona breosla agus sé huair sa bhliain ar a laghad
Gual, gual cóic, cóc, cóc peitriam, móin	Gach 20 000 tona breosla/ábhair agus sé huair sa bhliain ar a laghad
Breoslaí eile	Gach 10 000 tona breosla agus ceithre huair sa bhliain ar a laghad
Dramhaíl sholadach neamhchóireáilte (dramhaíl iontaise nó dramhaíl mheasctha bhithmhaise/iontaise)	Gach 5 000 tona dramhaíola agus ceithre huair sa bhliain ar a laghad
Dramhaíl leachtach, dramhaíl sholadach réamhchóireáilte	Gach 10 000 tona dramhaíola agus ceithre huair sa bhliain ar a laghad
Mianraí carbónáite (lena n-áirítear aolchloch agus dolaimít)	Gach 50 000 tona ábhair agus ceithre huair sa bhliain ar a laghad
Créanna agus scealla	Méideanna ábhair a chomhfhreagraíonn d'astaíochtaí 50 000 tona CO <sub>2</sub> agus ceithre huair sa bhliain ar a laghad
Ábhair eile (táirge príomhúil, idirmheánach agus deiridh)	Ag brath ar chineál an ábhair agus ar an éagsúlacht, méideanna ábhair a chomhfhreagraíonn d'astaíochtaí 50 000 tona CO <sub>2</sub> agus ceithre huair sa bhliain ar a laghad

Beidh samplaí ionadaíoch do bhaisc iomlán nó do thréimhse ama iomlán na seachadtaí dá dtógfar iad. Chun a áirithiú go mbeidh na samplaí ionadaíoch, ní mór ilchineálacht an ábhair a chur san áireamh, chomh maith le gach gné ábhartha eile amhail an trealamh samplála atá ar fáil, deighilt céimeanna fhéideartha nó dáileadh áitiúil féideartha ar mhéideanna na gcáithníní, cobhsaíocht samplaí, etc. Leagfar síos an cur chuige samplála sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin.

Meastar gur feabhsúchán molta é plean samplála tiomnaithe a úsáid le haghaidh gach ábhar nó breosla ábhartha, de réir na gcaighdeán is infheidhme, plean ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir le modheolaíochtaí chun samplaí a ullmhú, lena n-áirítear faisnéis maidir le freagrachtaí, suíomhanna, minicíochtaí agus cainníochtaí, agus modheolaíochtaí chun samplaí a stóráil agus a iompar.

#### B.5.4.3 Moltaí le haghaidh saotharlanna

Saotharlanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh chun fachtóirí ríomha a chinneadh, déanfar iad a chreidiúnú i gcomhréir le ISO/IEC 17025, le haghaidh na modhanna anailíse ábhartha. Ní fhéadfar saotharlanna nach bhfuil creidiúnaithe a úsáid chun fachtóirí ríomha a chinneadh ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise ann nach bhfuil sé indéanta go teicniúil rochtain a fháil ar shaotharlanna creidiúnaithe nó go dtabhódh sé costais mhíreasúnta, agus go bhfuil an tsaotharlann neamhchreidiúnaithe inniúil go leordhóthanach. Measfar saotharlann a bheith inniúil go leordhóthanach má chomhlíonann sí gach ceann díobh seo a leanas:

1. go bhfuil sí neamhspleách ó thaobh an gheilleagair de ar an oibreoir, nó go bhfuil sí cosanta ó thaobh eagrúcháin de ar a laghad ó thionchar fhoireann bhainistíochta an ghléasra;
2. cuireann sí na caighdeán is infheidhme i bhfeidhm maidir leis na hanailísí arna n-iarraidh;

3. fostaíonn sí pearsanra atá iniúil maidir leis na cúraimí sonracha arna sannadh;
4. déanann sí bainistiú iomchuí ar an tsampláil agus ar ullmhú na samplaí, lena n-áirítear sláine na samplaí a rialú;
5. déanann sí dearbhú cáilíochta go rialta ar chalabhrúcháin, ar shampláil agus ar mhodhanna anailíse, trí mhodhanna oiriúnacha a úsáid, lena n-áirítear rannpháirtíocht rialta i scéimeanna tástála inniúlachta, modhanna anailíse a chur i bhfeidhm maidir le hábhair thagartha dheimhnicthe, nó idirchomparáid le saotharlann chreidiúnaithe;
6. bainistíonn sí trealamh go hiomchuí, lena n-áirítear trí nósanna imeachta a chothabháil agus a chur chun feidhme maidir le trealamh a chalabhrú, a choigeartú, a chothabháil agus a dheisiú, agus trí thaifead a choinneáil air sin.

#### B.5.5 Modhanna molta chun fachtóirí ríomha a chinneadh

Meastar gur feabhsúchán molta é gan luachanna caighdeánacha a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le sruthanna foinsé a chomhfhreagraíonn do mhionchanníochtaí astaíochtaí, agus anailísí saotharlainne a chur i bhfeidhm maidir le gach príomhshruth foinsé. Cuirtear i láthair sa liosta seo a leanas na modhanna is infheidhme in ord de réir cáilíocht sonraí mhéadaitheach:

1. luachanna caighdeánacha de chineál I;
2. luachanna caighdeánacha de chineál II;
3. comhghaolta chun seachshonraí a chinneadh;
4. anailísí a dhéantar lasmuigh de rialú an oibreora, e.g. ag soláthróir an bhreosla nó an ábhair, atá i ndoiciméid cheannaigh, gan tuilleadh faisnéise faoi na modhanna a cuireadh i bhfeidhm;
5. anailísí a dhéantar i saotharlanna neamhchreidiúnaithe, nó anailísí a dhéantar i saotharlanna creidiúnaithe ach le modhanna samplála simplithe;
6. anailísí a dhéantar i saotharlanna creidiúnaithe, agus an dea-chleachtas maidir le sampláil á chur i bhfeidhm.

### B.6 Ceanglais maidir le modheolaíocht thomhasbhunaithe le haghaidh CO<sub>2</sub> agus N<sub>2</sub>O

#### B.6.1 Forálacha ginearálta

Éilíonn modheolaíocht thomhasbhunaithe go n-úsáidfean Córas Tomhais Astaíochtaí Leanúnach (CEMS) a shuiteáiltear ag pointe tomhais oiriúnach.

Chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí N<sub>2</sub>O, tá sé éigeantach an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe a úsáid. I gcás CO<sub>2</sub>, ní úsáidfean é ach amháin má tá fianaise ann go n-eascaíonn sonraí níos cruinne as ná as an modheolaíocht ríomhbhunaithe. Beidh feidhm ag na ceanglais maidir le neamhchinnteacht córas tomhais de bhun Roinn B.4.3 den larscríbhinn seo.

Caithfean le CO a astaítear isteach san atmaisféir mar an méid coibhése mólarai de CO<sub>2</sub>.

I gcás ina bhfuil roinnt foinsí astaíochtaí ann i suiteáil amháin agus nach féidir iad a thomhas mar fhoinsé astaíochtaí amháin, déanfaidh an t-oibreoir astaíochtaí ó na foinsí sin a thomhas ar leithligh agus cuirfidh sé na torthaí le chéile chun astaíochtaí iomlána an gháis atá i gceist thar an tréimhse tuairiscithe a fháil.

#### B.6.2 Modh agus ríomh

##### B.6.2.1 Astaíochtaí tréimhse tuairiscithe (astaíochtaí bliantúla)

Déanfar na hastaíochtaí iomlána ó fhoinsé astaíochtaí thar an tréimhse tuairiscithe a chinneadh trí luachanna uile in aghaidh na huairé den tíuchan tomhaiste gás ceaptha teasa arna iolrú faoi luachanna in aghaidh na huairé an tsreafa gáis múcháin a shuimiú le linn na tréimhse tuairiscithe, i gcás inarb é atá sna luachanna in aghaidh na huairé meánluachanna gach toraidh tomhais aonair den uair oibriúcháin faoi seach, agus an fhoirmle seo a leanas á cur i bhfeidhm:

$$GHGEM_{total}[t] = \sum_{i=1}^{HoursOp} (GHGconC_{hourly,i} \cdot V_{hourly,i}) \cdot 10^{-6}[t/g] \quad (\text{Cothromóid 16})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $GHG Em_{total}$  iomlán na n-astaíochtaí GCT bliantúla i dtonaí;

Is é  $GHG conc_{hourly,i}$  na tiúchain in aghaidh na huaire d'astaíochtaí GCT in  $g/Nm^3$  sa sreabhadh gáis múcháin arna dtomhas le linn oibríochta ar feadh uair an chloig nó ar feadh tréimhse thagartha níos giorra  $i$ ;

Is é  $V_{hourly,i}$  an toirt gáis múcháin in  $Nm^3$  ar feadh uair an chloig amháin nó tréimhse thagartha is giorra  $i$ , arna cinneadh tríd an sreabhráta thar an tréimhse thagartha a chomhtháthú, agus

$HoursOp$  líon iomlán na n-uaireanta (nó tréimhsí tagartha níos giorra) a gcuirtear an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm ina leith, lena n-áirítear na huaireanta a ndearnadh sonraí a ionadú ina leith i gcomhréir le Roinn B.6.2.6 den Iarscríbhinn seo.

Tagraíonn an t-innéacs  $i$  don uair oibríúcháin aonair (nó do thréimhsí tagartha).

Déanfar na meáin in aghaidh na huaire do gach paraiméadar tomhaiste a ríomh sula ndéanfar tuilleadh próiseála, trí úsáid a bhaint as na pointí sonraí go léir atá ar fáil don uair shonrach sin. I gcás inar féidir sonraí le haghaidh tréimhsí tagartha níos giorra a ghiniúint gan costas breise, úsáidfear na tréimhsí sin chun na hastaíochtaí bliantúla a chinneadh.

#### B.6.2.2 Tiúchan GCT a chinneadh

Déanfar an tiúchan den GCT atá á bhreithniú sa ghás múcháin a chinneadh trí bhíthin tomhas leanúnach ag pointe ionadaíoch trí cheann amháin díobh seo a leanas:

- tomhas díreach ar thiúchan an GCT;
- tomhas indíreach: i gcás tiúchan ard sa ghás múcháin, féadfar an tiúchan den GCT a ríomh trí úsáid a bhaint as tomhas indíreach tiúchana agus luachanna tiúchana tomhaiste gach comhpháirte eile  $i$  den sruth gáis á gcur san áireamh, agus an fhoirmle seo a leanas á húsáid:

$$GHGconc[\%] = 100\% - \sum_i Conc_i[\%] \quad (\text{Cothromóid 17})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $conc_i$  an tiúchan den chomhpháirt gáis  $i$ .

#### B.6.2.3 Astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó bhithmhais

I gcás inarb ábhartha, féadfar aon mhéid CO<sub>2</sub> a eascraíonn as bithmhais agus a chomhlíonann na critéir a thugtar i Roinn B.3.3 den Iarscríbhinn seo a dhealú ó iomlán na n-astaíochtaí tomhaiste CO<sub>2</sub>, ar choinníoll go n-úsáidtear ceann de na modhanna seo a leanas le haghaidh mhéid na n-astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó bhithmhais:

1. modheolaíocht ríomhbhunaithe, lena n-áirítear modheolaíochtaí ina n-úsáidtear anailís agus sampláil bunaithe ar ISO 13833 (Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — An cóimheas idir dé-ocsaíd charbóin bhithmhais-dhíorthaithe (bhithghineach) agus dé-ocsaíd charbóin iontaise-dhíorthaithe a chinneadh — Sampláil agus cinneadh radacarbóin);
2. modh eile atá bunaithe ar chaighdeán ábhartha, lena n-áirítear ISO 18466 (Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — An codán bithghineach in CO<sub>2</sub> i ngás múcháin a chinneadh agus úsáid á baint as an modh comhardaithe);
3. modh eile a cheadaítear le córas faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe.

#### B.6.2.4 Astaíochtaí CO<sub>2</sub>e ó N<sub>2</sub>O a chinneadh

I gcás tomhais N<sub>2</sub>O, déanfar astaíochtaí iomlána bliantúla N<sub>2</sub>O ó gach foinse astaíochtaí, arna dtomhas i dtonaí go dtí an tríú deachúil, a thiontú go CO<sub>2</sub>e bliantúil i dtonaí slánaithe, trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas agus as na luachanna GWP a thugtar in Iarscríbhinn VIII:

$$CO_{2e} [t] = N_{2O_{annual}} [t] \times GWP_{N_{2O}} \quad (\text{Cothromóid 18})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $N_{2O_{annual}}$  na hastaíochtaí iomlána bliantúla N<sub>2</sub>O, arna ríomh i gcomhréir le Roinn B.6.2.1 den Iarscríbhinn seo.



### B.6.2.5 An sreabhadh gáis múcháin a chinneadh

Is féidir an sreabhadh gáis múcháin a chinneadh trí cheann de na modhanna seo a leanas:

- ríomh trí bhíthin maischothromaíocht oiriúnach, agus na paraiméadair shuntasacha uile ar thaobh an ionchuir á gcur san áireamh, lena n-áirítear ar a laghad, i gcás astaíochtaí CO<sub>2</sub>, lóid ábhair ionchuir, aershreabh ionchuir agus éifeachtúlacht próisis, agus ar thaobh an aschuir, lena n-áirítear ar a laghad aschur an tairge agus na tíuchain ocsaigine (O<sub>2</sub>), dé-ocsaíde sulfair (SO<sub>2</sub>) agus ocsaídí nítrigine (NO<sub>x</sub>);
- cinneadh trí shreabhadh leanúnach a thomhas ag pointe ionadaíoch.

### B.6.2.6 Bearnaí tomhais a láimhseáil

I gcás ina bhfuil an trealamh tomhais leanúnaigh le haghaidh paraiméadair as rialú, as raon nó as feidhmiú ar feadh cuid den uair nó den tréimhse thagartha, déanfar an meán gaolmhar in aghaidh na huaire a ríomh *pro rata* de réir na bpointí sonraí atá fágtha don uair shonrach sin nó don tréimhse thagartha níos giorra sin, ar choinníoll go mbeidh 80 % ar a laghad de líon uasta na bpointí sonraí le haghaidh paraiméadair ar fáil.

I gcás ina bhfuil níos lú ná 80 % d'uaslíon na bpointí sonraí le haghaidh paraiméadair ar fáil, úsáidfeadh na modhanna seo a leanas.

- I gcás paraiméadar arna thomhas go díreach mar thiúchan, úsáidtear luach ionadaíochta mar shuim meántiúchana agus dhá oiread an diallais chaighdeánaigh a bhaineann leis an meán sin, agus an chothromóid seo a leanas á cur i bhfeidhm:

$$C_{subst}^* = \bar{C} + 2 \sigma_c \quad (\text{Cothromóid 19})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $\bar{C}$  meán uimhríochtúil thiúchan an pharaiméadair shonraigh thar an tréimhse tuairiscithe ar fad nó, i gcás ina raibh feidhm ag imthosca sonracha nuair a tharla caillteanas sonraí, thar thréimhse iomchuí lena léirítear na himthosca sonracha agus
- Is é  $\sigma_c$  an meastachán is fearr ar dhiallas caighdeánach thiúchan an pharaiméadair shonraigh thar an tréimhse tuairiscithe ar fad nó, i gcás ina raibh feidhm ag imthosca sonracha nuair a tharla caillteanas sonraí, thar thréimhse iomchuí lena léirítear na himthosca sonracha.

I gcás nach bhfuil an tréimhse tuairiscithe infheidhme maidir leis na luachanna ionadaíochta sin a chinneadh i ngeall ar athruithe teicniúla suntasacha ag an tsuiteáil, roghnófar creat ama eile atá ionadaíoch go leordhóthanach chun an meándiallas agus an diallas caighdeánach a chinneadh, agus fad 6 mhí ar a laghad aige i gcás inar féidir.

- I gcás paraiméadar nach tiúchan é, déanfar luachanna ionadaíochta a chinneadh trí shamhail oiriúnach maischothromaíochta nó trí chothromaíocht fuinnimh an phróisis. Déanfar an tsamhail sin a bhailíochtú trí úsáid a bhaint as na paraiméadair thomhaiste den mhodheolaíocht thomhasbhunaithe atá fágtha agus as sonraí ag gnáthdhálaí oibre, agus tréimhse ama den fhad céanna leis an mbearna sonraí á mheas.

### B.6.3 Ceanglais cháilíochta

Déanfar na tomhais uile trí mhodhanna atá bunaithe ar na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

1. ISO 20181:2023 Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — Dearbhú cáilíochta ar chórais tomhais uathoibrithe
2. ISO 14164:1999 Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — Sreabhadh toirte na sruthanna gáis i nduchtanna a chinneadh — Modh uathoibrithe
3. ISO 14385-1:2014 Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — Gáis cheaptha teasa — Cuid 1: Córais tomhais uathoibrithe a chalabrú
4. ISO 14385-2:2014 Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — Gáis cheaptha teasa — Cuid 2: Rialú cáilíochta leanúnach ar chórais tomhais uathoibrithe
5. caighdeáin ISO ábhartha eile, go háirithe ISO 16911-2 (Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe — Treoluais agus sreabhráta toirte i nduchtanna a chinneadh de láimh agus go huathoibríoch).

I gcás nach ann do chaighdeán fhoilsithe is infheidhme, úsáidfeadh dréachtchaighdeán oiriúnacha, treoirlínte maidir le deachleachtas tionscail nó modheolaíochtaí eile a bhfuil cruthúnas eolaíoch acu, agus cuirfeadh teorainn leis an gclaonadh samplála agus tomhais.

Breithneofar gach gné ábhartha den chóras tomhais leanúnaigh, lena n-áirítear suíomh an trealamh, calabrú, tomhas, dearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta.

Saotharlanna a dhéanann tomhais, calabrúcháin agus measúnuithe ábhartha ar threalamh do chórais tomhais leanúnaigh, déanfar iad a chreidiúnú i gcomhréir le ISO/IEC 17025 le haghaidh na modhanna anailíse ábhartha nó na ngníomhaíochtaí calabrúcháin ábhartha. I gcás nach bhfuil creidiúnú den sórt sin ag an tsaotharlann, áiríteofar inniúlacht leordhóthanach i gcomhréir le Roinn B.5.4.3 den Iarscríbhinn seo.

#### B.6.4 Comhthacaíocht a thabhairt do ríomhanna

Comhthacófar le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> arna gcinneadh le modheolaíocht thomhasbhunaithe trí astaíochtaí bliantúla gach gáis ceaptha teasa atá i gceist a ríomh do na foinsí astaíochtaí céanna agus do na sruthanna foinsé céanna. Chun na críche sin, féadfar na ceanglais a leagtar síos i Ranna B.4 go B.6 den Iarscríbhinn seo a shimpliú de réir mar is iomchuí.

#### B.6.5 Na híoscheanglais maidir le tomhais astaíochtaí leanúnacha

Mar íoscheanglas, bainfeadh amach neamhchinnteacht 7.5 % d'astaíochtaí GCT d'fhoinsé astaíochtaí thar an tréimhse tuairiscithe iomlán. I gcás mionfhoinsí astaíochtaí, nó in imthosca eisceachtúla, féadfar neamhchinnteacht 10 % a cheadú. Is feabhsúchán molta é neamhchinnteacht 2.5 % ar a laghad a bhaint amach le haghaidh foinsí astaíochtaí a astaíonn níos mó ná 100 000 tona CO<sub>2</sub>e iontaise in aghaidh na tréimhse tuairiscithe.

### B.7 Ceanglais chun astaíochtaí sárflhuaracarbóin a chinneadh

Cumhdófar leis an bhfaireachán astaíochtaí sárflhuaracarbón (PFCanna) a eascraíonn as éifeachtaí anóideacha, lena n-áirítear astaíochtaí éalaitheacha sárflhuaracarbón. Déanfar astaíochtaí nach mbaineann le héifeachtaí anóideacha a chinneadh bunaithe ar mhodhanna meastacháin i gcomhréir le deachleachtas tionscail, go háirithe treoirlínte arna soláthar ag an Institiúid Idirnáisiúnta um Alúmanam.

Déanfar astaíochtaí PFC a ríomh ó na hastaíochtaí intomhaiste i nducht nó i simléar ('astaíochtaí poncfoinsé') agus ó astaíochtaí éalaitheacha trí úsáid a bhaint as éifeachtúlacht bhailiúcháin an ducht:

$$\text{Astaíochtaí PFC (iomlán)} = \text{astaíochtaí PFC (ducht)} / \text{éifeachtúlacht bhailiúcháin} \quad \text{Cothromóid 20}$$

Déanfar éifeachtúlacht an bhailiúcháin a thomhas nuair a chinneadh na fachtóirí astaíochta suiteáil-sonracha.

Déanfar astaíochtaí CF<sub>4</sub> agus C<sub>2</sub>F<sub>6</sub> a astaítear trí dhucht nó trí shimléar a ríomh trí úsáid a bhaint as ceann amháin de na modhanna seo a leanas:

1. modh A ina ndéantar na nóiméid d'éifeacht anóideach in aghaidh an chill-lae a thairgeadh;
2. modh B ina ndéantar an róvoltas éifeachta anóidí a thairgeadh.

#### B.7.1 Modh Ríomha A — Modh an Chlaonta

Úsáidfeadh na cothromóidí seo a leanas chun astaíochtaí PFC a chinneadh:

$$CF_4 \text{ emissions [t]} = AEM \times (SEF_{CF_4}/1\,000) \times Pr_{Al} \quad \text{(Cothromóid 21)}$$

$$C_2F_6 \text{ emissions [t]} = CF_4 \text{ emissions} \times F_{C_2F_6} \quad \text{(Cothromóid 22)}$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é AEM na nóiméid d'éifeacht anóideach / cill-lá;

Is é SEF<sub>CF<sub>4</sub></sub> fachtóir astaíochta an chlaonta arna shloinneadh in (kg CF<sub>4</sub>-/t Al arna thairgeadh)-/ (nóiméid d'éifeacht anóideach / cill-lá)]. I gcás ina n-úsáidfeadh cineálacha éagsúla ceall, féadfar SEF éagsúil a chur i bhfeidhm de réir mar is iomchuí;

Is é Pr<sub>Al</sub> tairgeadh alúmanaim phríomhúil [t] le linn na tréimhse tuairiscithe, agus

Is é F<sub>C<sub>2</sub>F<sub>6</sub></sub> an codán meáchain de C<sub>2</sub>F<sub>6</sub> [t C<sub>2</sub>F<sub>6</sub> /t CF<sub>4</sub>].

Léirítear leis na nóiméid d'éifeacht anóideach in aghaidh an chill-lae minicíocht na n-éifeachtaí anóideacha (líon na n-éifeachtaí anóideacha / cill-lá) arna iolrú faoi mheánfhad na n-éifeachtaí anóideacha (nóiméad d'éifeacht anóideach / tarlú éifeachta anóidí):

$$AEM = \text{minicíocht} \times \text{meánfhad} \quad (\text{Cothromóid 23})$$

Fachtóirí astaíochta: Leis an bhfachtóir astaíochta le haghaidh  $CF_4$  (fachtóir astaíochta an chlaonta,  $SEF_{CF_4}$ ), léirítear an méid [kg] de  $CF_4$  a astaítear in aghaidh an tona alúmanaim a tháirgtear in aghaidh an nóiméid d'éifeacht anóideach in aghaidh an chill-lá. Leis an bhfachtóir astaíochta (codán meáchain  $F_{C_2F_6}$ ) de  $C_2F_6$ , léirítear an méid [kg] de  $C_2F_6$  a astaítear i gcomhréir leis an méid [kg] de  $CF_4$  a astaítear.

Íoscheanglas: Úsáidtear fachtóirí astaíochta teicneolaíocht-sonracha ó Thábla 2 den Iarscríbhinn seo.

Feabhsúchán molta: Bunaítear fachtóirí astaíochta suiteáil-sonracha le haghaidh  $CF_4$  agus  $C_2F_6$  trí thomhais allamuigh leanúnacha nó uaineacha. Chun na fachtóirí astaíochta sin a chinneadh, cuirfear dea-chleachtas tionscail i bhfeidhm, go háirithe na treoirilnte is déanaí arna soláthar ag an Institiúid Idirnáisiúnta um Alúmanam. Cuirfear san áireamh freisin san fhachtóir astaíochta astaíochtaí a bhaineann le héifeachtaí neamh-anóideacha. Déanfar gach fachtóir astaíochta a chinneadh le héiginnteacht uasta  $\pm 15\%$ . Déanfar na fachtóirí astaíochta a chinneadh gach trí bliana ar a laghad nó níos luaithe nuair is gá de bharr athruithe ábhartha ag an tsuiteáil. Áireofar sna hathruithe ábhartha athrú ar dháileadh na ré éifeachta anóidí, nó athrú ar an algartam rialaithe a dhéanann dífead do mheascán na gcineálacha éifeachtaí anóideacha nó do chineál an ghnáthaimh foirceanta éifeachta anóidí.

Tábla 2:

**Fachtóirí astaíochta teicneolaíocht-sonracha a bhaineann le sonraí gníomhaíochta le haghaidh mhodh an chlaonta.**

Teicneolaíocht	Fachtóir astaíochta le haghaidh $CF_4$ ( $SEF_{CF_4}$ ) [(kg $CF_4$ /t Al)-/-(nóiméid d'éifeacht anóideach/cill-lá)]	Fachtóir astaíochta le haghaidh $C_2F_6$ ( $F_{C_2F_6}$ ) [t $C_2F_6$ / t $CF_4$ ]
Réamhbhácáil Phoncbheathaithe Leagáide (PFPB L)	0,122	0,097
Réamhbhácáil Phoncbheathaithe Nua-aimseartha (PFPB M)	0,104	0,057
Réamhbhácáil Phoncbheathaithe Nua-aimseartha gan straitéisí idirghabhála lán-uathobrithe éifeachta anóidí le haghaidh astaíochtaí PFC (PFPB MW)	– (*)	– (*)
Réamhbhácáil Lárshaoirsithe (CWPB)	0,143	0,121
Réamhbhácáil Taobhsaoirsithe (SWPB)	0,233	0,280
Teicneolaíocht Søderberg Stodaí Ingearacha (VSS)	0,058	0,086
Teicneolaíocht Søderberg Stodaí Cothrománacha (HSS)	0,165	0,077

(\*) Ní mór don tsuiteáil an fachtóir a chinneadh de réir a tomhas féin. Mura bhfuil sé sin indéanta go teicniúil nó má bhaineann costais mhíréasúnta leis, úsáidtear na luachanna do mhodheolaíocht CWPB.

**B.7.2 Modh Ríomha B — Modh an Róvoltais**

Maidir le modh an róvoltais, úsáidtear na cothromóidí seo a leanas:

$$CF_4 \text{ emissions [t]} = OVC \times (AEO/CE) \times Pr_{Al} \times 0,001 \quad (\text{Cothromóid 24})$$

$$C_2F_6 \text{ emissions [t]} = CF_4 \text{ emissions} \times F_{C_2F_6} \quad (\text{Cothromóid 25})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é OVC an chomhéifeacht róvoltais ('fachtóir astaíochta') arna sloinneadh in kg  $CF_4$  in aghaidh an tona alúmanaim a tháirgtear in aghaidh an róvoltais mV;

Is é AEO an róvoltas éifeachta anóidí in aghaidh na cille [mV] a chinntear mar an suimeálaí de (am  $\times$  voltas os cionn an spriocvoltais) arna roinnt faoi am (fad) an bhailithe sonraí;

Is é CE meánéifeachtúlacht reatha an táirgthe alúmanaim [%];

Is é  $PR_{Al}$  an táirgeadh bliantúil alúmanaim phríomhúil [t], agus

Is é  $F_{C_2F_6}$  an codán meáchain de  $C_2F_6$  [t  $C_2F_6$  / t  $CF_4$ ].

léirítear leis an téarma AEO/CE (róvoltas éifeachta anóidí / éifeachtúlacht reatha) an meán-róvoltas éifeachta anóidí atá comhtháite ó thaobh ama [róvoltas mV] in aghaidh na meánéifeachtúlachta reatha [%].

Íoscheanglas: Úsáidfeadh fachtóirí astaíochta teicneolaíocht-sonracha ó Thábla 3 den Iarscríbhinn seo.

Feabhsúchán molta: Úsáidfeadh fachtóirí astaíochta suiteáil-sonracha le haghaidh  $CF_4$  [(kg  $CF_4$  / t Al) / (mV)] agus  $C_2F_6$  [t  $C_2F_6$  / t  $CF_4$ ] a bhunaítear trí thomhais allamuigh leanúnacha nó uaineacha. Chun na fachtóirí astaíochta sin a chinneadh, cuirfeadh dea-chleachtas tionscail i bhfeidhm, go háirithe na treoirlínte is déanaí arna soláthar ag an Institiúid Idirnáisiúnta um Alúmanam. Déanfar gach fachtóir astaíochta a chinneadh le héiginnteacht uasta  $\pm 15$  %. Déanfar na fachtóirí astaíochta a chinneadh gach trí bliana ar a laghad nó níos luaithe nuair is gá de bharr athruithe ábhartha ag an tsuiteáil. Áireofar sna hathruithe ábhartha athrú ar dháileadh na ré éifeachta anóidí, nó athrú ar an algartam rialaithe a dhéanann difear do mheascán na gcineálacha éifeachtaí anóideacha nó do chineál an ghnáthaimh foirceanta éifeachta anóidí

Tábla 3

### Fachtóirí astaíochta teicneolaíocht-sonracha a bhaineann le sonraí gníomhaíochta róvoltais

Teicneolaíocht	Fachtóir astaíochta le haghaidh $CF_4$ [(kg $CF_4$ /t Al) / mV]	Fachtóir astaíochta le haghaidh $C_2F_6$ [t $C_2F_6$ / t $CF_4$ ]
Réamhbhácáil Lárshaoirsithe (CWPB)	1,16	0,121
Réamhbhácáil Taobhshaoirsithe (SWPB)	3,65	0,252

#### B.7.3 Astaíochtaí $CO_2e$ a chinneadh

Ríomhfar astaíochtaí  $CO_2e$  ó astaíochtaí  $CF_4$  agus  $C_2F_6$  mar a leanas, agus úsáid á baint as na poitéinsil téimh dhomhanda a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.

$$\text{Astaíochtaí PFC [t } CO_2e] = \text{astaíochtaí } CF_4 \text{ [t]} \times GWP_{CF_4} + \text{astaíochtaí } C_2F_6 \text{ [t]} \times GWP_{C_2F_6} \quad (\text{Cothromóid 26})$$

#### B.8 Ceanglais maidir le haistriú $CO_2$ idir suiteálacha

##### B.8.1 $CO_2$ atá i ngáis (' $CO_2$ fréimhíochta')

$CO_2$  fréimhíochta a aistrítear isteach i suiteáil, lena n-áirítear  $CO_2$  fréimhíochta atá i ngás nádúrtha, i ndramhghás (lena n-áirítear gás foirneáin soinneáin nó gás oighinn cóic) nó in ionchuir phróisis (lena n-áirítear gás sintéise), cuirfeadh san áireamh é san fhachtóir astaíochta don sruth foinse sin.

I gcás ina ndéantar  $CO_2$  a aistriú amach as an tsuiteáil mar chuid de shruth foinse chuig suiteáil eile, ní áireofar é mar astaíochtaí na suiteála as a dtionscnaíonn sé. Mar sin féin, i gcás ina n-astaítear  $CO_2$  fréimhíochta (e.g. i gcás ina scaoiltear nó ina mbladhmtar é) nó i gcás ina n-aistrítear é chuig eintitis nach ndéanann faireachán iad féin ar astaíochtaí chun críoch an Rialacháin seo nó chun críche córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe, áireofar é mar astaíochtaí na suiteála as a dtionscnaíonn sé.

##### B.8.2 Incháilitheacht chun $CO_2$ arna stóráil nó arna úsáid a asbhaint

Sna cásanna seo a leanas, maidir le  $CO_2$  a thagann ó charbón iontaise agus a thagann ó dhóchán nó ó phróisis as a dtagann astaíochtaí próisis, nó a allmhairítear ó shuiteálacha eile, lena n-áirítear  $CO_2$  i bhfoirm  $CO_2$  fréimhíochta, féadfar é a áireamh mar  $CO_2$  nach n-astaítear:

1. má úsáidtear an CO<sub>2</sub> laistigh den tsuiteáil nó má aistrítear amach as an tsuiteáil é chuig aon cheann díobh seo a leanas:
  - (a) suiteáil arb é is cuspóir di CO<sub>2</sub> a ghabháil a dhéanann faireachán ar astaíochtaí chun críoch an Rialacháin seo nó chun críche córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe;
  - (b) suiteáil nó líonra iompair arb é is cuspóir di nó dó CO<sub>2</sub> a stóráil go geolaíoch go buan a dhéanann faireachán ar astaíochtaí chun críoch an Rialacháin seo nó chun críche córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe;
  - (c) láithreán stórála chun críche stórála geolaíche buaine a dhéanann faireachán ar astaíochtaí chun críoch an Rialacháin seo nó chun críche córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe.
2. Má úsáidtear an CO<sub>2</sub> laistigh den tsuiteáil nó má aistrítear amach as an tsuiteáil é chuig eintiteas a dhéanann faireachán ar astaíochtaí chun críoch an Rialacháin seo nó chun críche córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe, d'fhonn táirgí a tháirgeadh ina bhfuil an carbón a eascraíonn as CO<sub>2</sub> ceangailte go ceimiceach go buan ionas nach rachaidh sé isteach san atmaisféar faoi ghnáthúsáid, lena n-áirítear aon ghnáthghníomhaíocht a tharlaíonn tar éis dheireadh shaolré an táirge, mar a shainmhínítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE.

Maidir le CO<sub>2</sub> a aistrítear chuig suiteáil eile chun na gcríoch a thugtar i bpointí 1 agus 2, ní fhéadfar é a chur san áireamh mar CO<sub>2</sub> nach n-astaítear ach amháin a mhéid a chuirtear fianaise ar fáil thar shlabhra iomlán an choimeáda chuig an láithreán stórála nó chuig suiteáil úsáide CO<sub>2</sub>, agus aon oibreoir iompair san áireamh freisin, fianaise ar an gcodán de CO<sub>2</sub> a stóráiltear nó a úsáidtear go hiarbhair chun táirgí atá cobhsaí ó thaobh ceimiceán de a tháirgeadh i gcomparáid leis an méid iomlán CO<sub>2</sub> a aistrítear amach as an tsuiteáil tionscnaimh.

Má úsáidtear CO<sub>2</sub> laistigh den tsuiteáil chéanna chun na gcríoch a luaitear i bpointí 1 agus 2, déanfar na modhanna faireacháin a thugtar i Ranna 21 go 23 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm.

### B.8.3 Rialacha faireacháin maidir le haistrithe CO<sub>2</sub>

Déanfar céannacht agus sonraí teagmhála duine fhreagraigh de chuid na suiteálacha nó na n-eintiteas is faighteoir a leagan síos go soiléir sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin. Déanfar an méid CO<sub>2</sub> a mheastar nach n-astaítear é a thuairisciú sa teachtaireacht de bhun Iarscríbhinn IV.

Déanfar céannacht agus sonraí teagmhála duine fhreagraigh de chuid na suiteálacha nó na n-eintiteas a fuarthas CO<sub>2</sub> uathu a leagan síos go soiléir sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin. Déanfar an méid CO<sub>2</sub> arna fháil a thuairisciú sa teachtaireacht de bhun Iarscríbhinn IV.

Chun an chainníocht CO<sub>2</sub> a aistrítear ó shuiteáil amháin go suiteáil eile a chinneadh, úsáidfear modheolaíocht thomhasbhunaithe. I gcás méid CO<sub>2</sub> atá ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirgí, úsáidfear modheolaíocht ríomhbhunaithe, agus úsáid á baint as maischothromaíocht más féidir. Leagfar síos na himoibrithe ceimiceacha arna gcur i bhfeidhm agus na fachtóirí stócaiméadracha ábhartha uile sa doiciméadacht modheolaíochta faireacháin.

## B.9 Ceanglais earnáilsonracha

### B.9.1 Rialacha breise maidir le haonaid dócháin

Cumhdóidh astaíochtaí dócháin na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> uile ó dhóchán breoslaí ina bhfuil carbón, lena n-áirítear dramhaíl, gan beann ar aon aicmiú eile ar astaíochtaí nó breoslaí den sórt sin. I gcás nach léir má fheidhmíonn ábhar ar leith mar bhreosla nó mar ionchur próisis, e.g., chun mianta miotail a dhí-ocsaídiú, déanfar faireachán ar astaíochtaí an ábhair sin ar an mbealach céanna agus a dhéantar faireachán ar astaíochtaí dócháin. Déanfar gach aonad dócháin a mheas, lena n-áirítear coirí, dóirí, tuirbíní, téiteoirí, foirnéisí, loisceoirí, cailcineoirí, áitheanna, oighinn, triomadóirí, innill, cealla breosla, aonaid dócháin lúbtha cheimicigh, bladhmanna, agus aonaid iardhócháin theirmeacha nó chatalaíocha.

Ina theannta sin, áireofar san fhaireachán astaíochtaí próisis CO<sub>2</sub> ó sciúradh gáis múcháin, go háirithe CO<sub>2</sub> ó aolchloch nó carbónáití eile le haghaidh díshulfaraithe agus sciúradh comhchosúil, agus ó úiré a úsáidtear in aonaid de-NO<sub>x</sub>.

### B.9.1.1 Díshulfarú agus sciúradh gáis aigéid eile

Déanfar astaíochtaí próisis CO<sub>2</sub> ó úsáid carbónáití le haghaidh sciúradh gáis aigéid ón sruth gáis múcháin a ríomh ar bhonn mhéid na carbónáite a ídtéar (Modh A). I gcás díshulfaraithe, féadfar an ríomh a bhunú de rogha air sin ar chainníocht an ghipseam a tháirgtear (Modh B). Sa chás deireanach sin, is éard a bheidh san fhachtóir astaíochta an cóimheas stócaiméadrach idir gipseam tirim (CaSO<sub>4</sub> × 2H<sub>2</sub>O) agus CO<sub>2</sub> a astaítear: 0,2558 t CO<sub>2</sub>/t gipseam.

### B.9.1.2 De-NO<sub>x</sub>

Má úsáidtear úiré mar oibreán dí-ocsaídithe in aonad de-NO<sub>x</sub>, déanfar astaíochtaí próisis CO<sub>2</sub> óna úsáid a ríomh trí úsáid a bhaint as modh A, agus fachtóir astaíochta atá bunaithe ar an gcóimheas stócaiméadrach 0.7328 t CO<sub>2</sub>/t úiré á chur i bhfeidhm.

### B.9.1.3 Faireachán a dhéanamh ar bhladhmana

Agus astaíochtaí ó bhladhmana á ríomh, cumhdófar gnáthbhladhmadh chomh maith le bladhmadh oibríochtúil (truípeanna, tionscnamh agus múchadh chomh maith le scaoilí éigeandála). Tá CO<sub>2</sub> fréimhíochta sna gáis arna mbladhmadh le cur san áireamh.

Mura bhfuil faireachán níos cruinne indéanta go teicniúil nó dá mbeadh costais mhíreasúnta mar thoradh air, úsáidfeadh fachtóir astaíochta tagartha 0.00393 t CO<sub>2</sub>/Nm<sup>3</sup>, arna dhíorthú ó dhóchán eatán ion a úsáidtear mar athróg ionadach choimeádach le haghaidh gáis bhladhma.

Is feabhsúchán molta é fachtóirí astaíochta suiteáil-sonracha arna ndíorthú ó mheastachán ar mheáchan móilíneach an tsrutha bladhma a chinneadh, agus úsáid á baint as samhaltú próiseas atá bunaithe ar shamhlacha caighdeánacha tionscail. Trí chionmháireachtaí coibhneasta agus meáchain mhóilíneacha gach ceann de na sruthanna rannchuidithe a mheas, gheofar meánfhigiúr bliantúil ualaithe le haghaidh mheáchan móilíneach an gháis bladhma.

I gcás sonraí gníomhaíochta, tá neamhchinnteacht tomhais níos airde ná mar atá ann i gcás breoslaí eile a dhóitear inghlactha.

## B.9.2 Rialacha breise maidir le hastaíochtaí ó tháirgeadh clincir stroighne

### B.9.2.1 Rialacha breise maidir le Modh A (bunaithe ar ionchur)

I gcás ina n-úsáidtear modh A (bunaithe ar ionchur áithe) chun astaíochtaí próisis a chinneadh, beidh feidhm ag na rialacha speisialta seo a leanas:

- I gcás ina bhfágann deannach áithe stroighne nó dusta seach-chonaire an córas áithe, ní mheasfar gur ionchur próisis iad na cainníochtaí gaolmhara d'amhábhhar. Déanfar astaíochtaí ó dheannach áithe stroighne a ríomh ar leithligh i gcomhréir le Roinn B.9.2.3 den Iarscríbhinn seo.
- Féadfar min amh ina hiomláine nó mar ábhair ionchuir ar leithligh a shaintréithriú, rud a sheachnóidh áireamh dúbailte nó easnaimh ó ábhair aiscurtha nó sheachthreoraithe. I gcás ina gcinntear sonraí gníomhaíochta bunaithe ar an gclincear a tháirgtear, féadfar glanmhéid na mine amh a chinneadh trí bhíthin cóimheas eimpíreach suíomh-shonrach mine aimhe/clincir. Déanfar an cóimheas sin a nuashonrú uair sa bhliain ar a laghad agus treoirlínte dea-chleachtais tionscail á gcur i bhfeidhm.

### B.9.2.2 Rialacha breise maidir le Modh B (bunaithe ar aschur)

I gcás ina n-úsáidtear modh B (bunaithe ar aschur clincir) chun astaíochtaí próisis a chinneadh, beidh feidhm ag na rialacha speisialta seo a leanas:

Déanfar sonraí gníomhaíochta a chinneadh mar an táirgeadh clincir [t] thar an tréimhse tuairiscithe ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- trí chlincear a mheá go díreach;
- bunaithe ar sheachadtaí stroighne, trí mhaischothromaíocht, agus seoladh clincir, soláthairtí clincir chomh maith le héagsúlacht stoic clincir á gcur san áireamh, agus an fhoirmle seo a leanas á húsáid:

$$Cli_{prod} = (Cem_{deliv} - Cem_{SV}) \cdot CCR - Cli_s + Cli_d - Cli_{SV} \quad (\text{Cothromóid 27})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $Cl_{i,prod}$  an méid clincir arna tháirgeadh arna shloinneadh i dtonaí;
- Is é  $Cem_{deliv}$  an méid seachadtaí stroighne arna shloinneadh i dtonaí;
- Is é  $Cem_{SV}$  na héagsúlachtaí stoic stroighne arna sloinneadh i dtonaí;
- Is é CCR an cóimheas idir clincear agus stroighne (tonaí clincir in aghaidh an tonna stroighne);
- Is é  $Cl_x$  an méid clincir arna sholáthar arna shloinneadh i dtonaí;
- Is é  $Cl_d$  an méid clincir arna sheoladh arna shloinneadh i dtonaí, agus
- Is é  $Cl_{i,SV}$  méid na héagsúlachtaí stoic stroighne arna shloinneadh i dtonaí.

Gheofar an cóimheas idir clincear agus stroighne ar leithligh do gach ceann de na táirgí stroighne éagsúla bunaithe ar anailís saotharlainne i gcomhréir le forálacha Roinn B.5.4, nó déanfar é a ríomh mar chóimheas ón difríocht idir seachadtaí stroighne agus athruithe ar stoc agus gach ábhar a úsáidtear mar bhreiseáin sa stroighin lena n-áirítear dusta seach-chonaire agus deannach áithe stroighne.

Mar íoscheanglas chun an fachtóir astaíochta a chinneadh, cuirfear luach caighdeánach 0.525 t CO<sub>2</sub>/t clincir i bhfeidhm.

### B.9.2.3 Astaíochtaí a bhaineann le deannach diúscartha

Astaíochtaí próisis CO<sub>2</sub> ó dhusta seach-chonaire nó ó dheannach áithe stroighne a fhágann an córas áithe, cuirfear iad leis na hastaíochtaí, agus iad arna gceartú do chóimheas cailcínithe pháirtigh deannaigh áithe stroighne.

Íoscheanglas: Cuirfear fachtóir astaíochta 0.525 t CO<sub>2</sub>/t deannaigh i bhfeidhm.

Feabhsúchán molta: Déantar an fachtóir astaíochta a chinneadh uair sa bhliain ar a laghad i gcomhréir le forálacha Roinn B.5.4 den Iarscríbhinn seo agus úsáid á baint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$EF_{CKD} = \left( \frac{EF_{Cl_i}}{1+EF_{Cl_i}} \cdot d \right) / \left( 1 - \frac{EF_{Cl_i}}{1+EF_{Cl_i}} \cdot d \right) \quad (\text{Cothromóid 28})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $EF_{CKD}$  an fachtóir astaíochta de dheannach áithe stroighne atá cailcínithe go páirteach [t<sub>CO2</sub>/t deannaigh áithe stroighne];
- Is é  $EF_{Cl_i}$  an fachtóir astaíochta suiteáil-sonrach de chlincear [t CO<sub>2</sub>/t clincir], agus
- Is é  $d$  an méid cailcínithe de dheannach áithe stroighne (CO<sub>2</sub> arna scaoileadh mar % den CO<sub>2</sub> carbónáite iomlán sa mheascán amh).

### B.9.3 Rialacha breise maidir le hastaíochtaí ó tháirgeadh aigéid nítrigh

#### B.9.3.1 Rialacha ginearálta maidir le tomhas N<sub>2</sub>O

Déanfar astaíochtaí N<sub>2</sub>O a chinneadh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht thomhasbhunaithe. Déanfar tiúchain N<sub>2</sub>O sa ghás múcháin ó gach foinse astaíochta a thomhas ag pointe ionadaíoch, tar éis trealamh laghdaithe astaíochtaí NO<sub>x</sub>/N<sub>2</sub>O, i gcás ina n-úsáidtear laghdú astaíochtaí. Teicnící lenar féidir tiúchan N<sub>2</sub>O de na foinsí astaíochta uile a thomhas le linn dálaí laghdaithe astaíochtaí agus neamhlaghdaithe astaíochtaí araon, cuirfear i bhfeidhm iad. Déanfar gach tomhas a choigeartú de réir bonn gáis thirim i gcás inar gá agus déanfar iad a thuairisciú go comhsheasmhach.

#### B.9.3.2 An sreabhadh gáis múcháin a chinneadh

Chun faireachán a dhéanamh ar shreabhadh gáis múcháin, úsáidfean an modh maischothromaíochta a leagtar amach i Roinn B.6.2.5 den Iarscríbhinn seo, ach amháin mura bhfuil sé indéanta go teicniúil. Sa chás sin, féadfar modh malartach a úsáid, lena n-áirítear modh maischothromaíochta eile atá bunaithe ar pharaiméadair shuntasacha amhail lód ionchuir amóinia, nó sreabhadh a chinneadh trí shreabhadh astaíochtaí a thomhas go leanúnach.

Ríomhfar an sreabhadh gáis múcháin i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$V_{flue\ gas\ flow} [Nm^3/h] = V_{air} \times (1 - O_{2,air}) / (1 - O_{2,flue\ gas}) \quad (\text{Cothromóid 29})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $V_{air}$  an t-aershreabhadh ionchuir iomlán in  $Nm^3/h$  de réir coinníollacha caighdeánacha;

Is é  $O_{2,air}$  an codán toirte de  $O_2$  in aer tirim [= 0,2095], agus

Is é  $O_{2,flue\ gas}$  an codán toirte de  $O_2$  sa ghás múcháin.

Ríomhfar  $V_{air}$  mar shuim na n-aershreafaí uile a théann isteach in aonad táirgthe an aigéid nítrigh, go háirithe aer ionchuir príomhúil agus tánaisteach, agus aer ionchuir séala, i gcás inarb infheidhme.

Déanfar gach tomhas a choigeartú de réir bonn gáis thirim agus déanfar iad a thuairisciú go comhsheasmhach.

### B.9.3.3 Tiúchain Ocsaigine ( $O_2$ )

Nuair is gá chun an sreabhadh gáis múcháin a ríomh i gcomhréir le Roinn B.9.3.2 den Iarscríbhinn seo, déanfar na tiúchain ocsaigine sa ghás múcháin a thomhas, agus na ceanglais a leagtar síos i Roinn B.6.2.2 den Iarscríbhinn seo á gcur i bhfeidhm. Déanfar gach tomhas a choigeartú de réir bonn gáis thirim agus déanfar iad a thuairisciú go comhsheasmhach.

## C. SREAFÁI TEASA

### C.1 Rialacha maidir le glanteas intomhaiste a chinneadh

#### C.1.1 Prionsabail

Tagróidh gach méid sonraithe teasa intomhaiste do ghlanmhéid teasa intomhaiste i gcónaí, méid arna chinneadh mar chion teasa (eantalpacht) an tsreafa teasa a tharchuirtear chuig an bpróiseas ídithe teasa nó chuig an úsáideoir seachtrach lúide cion teasa an tsreafa fillte.

Cuirfear san áireamh in éifeachtúlacht an chórais teasa na próisis ídithe teasa is gá chun an táirgeadh agus dáileadh teasa a oibriú, amhail dí-aerthóirí, ullmhú uisce cúitimh, agus séideadh rialta, agus is gá, dá bhrí sin, iad a chur san áireamh in astaíochtaí leabaithe earraí.

I gcás ina n-úsáidtear an meán teasa céanna i roinnt próisis leantacha agus i gcás ina n-ídítear a theas ag tosú ó leibhéal teochta éagsúla, déanfar an chainníocht teasa a ídítear ag gach próiseas ídithe teasa a chinneadh ar leithligh, ach amháin más cuid de phróiseas táirgthe foriomlán na n-earraí céanna iad na próisis. Caithfear le hath-théamh an mheáin aistrithe idir próisis ídithe teasa leantacha ar an gcaoi chéanna le táirgeadh teasa breise.

I gcás ina n-úsáidtear teas chun fuarú a chur ar fáil trí phróiseas fuaraithe ionsúite, measfar gurb é an próiseas fuaraithe sin an próiseas ídithe teasa.

#### C.1.2 Modheolaíocht maidir le glanmhéideanna teasa intomhaiste a chinneadh

Chun críche foinsí sonraí a roghnú chun sreafaí fuinnimh a chainníochtú i gcomhréir le Roinn A.4 den Iarscríbhinn seo, cuirfear san áireamh na modhanna seo a leanas chun glanmhéideanna teasa intomhaiste a chinneadh:

##### C.1.2.1 Modh 1: Tomhais a úsáid

Faoin modh sin, déanfar gach paraiméadar ábhartha a thomhas, go háirithe teocht, brú, staid an mheáin teasa tarchurtha chomh maith le staid an mheáin teasa aiscurtha. I gcás gaile, tagróidh staid an mheáin dá sháithiúchán nó dá mhéid forthéite. Déanfar sreabhráta (toirte) an mheáin aistrithe teasa a thomhas. Bunaithe ar na luachanna tomhaiste, déanfar eantalpacht agus toirt shonrach an mheáin aistrithe teasa a chinneadh trí úsáid a bhaint as táblaí gaile oiriúnacha nó bogearraí innealtóireachta oiriúnacha.

Ríomhfar sreabhráta maise an mheáin de réir

$$\dot{m} = \dot{V}/v \quad (\text{Cothromóid 30})$$



I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $\dot{m}$  an sreabhráta maise in kg/s;  
 Is é  $\dot{V}$  an sreabhráta toirte in m<sup>3</sup>/s, agus  
 Is é  $v$  an toirt shonrach in m<sup>3</sup>/kg.

Ós rud é go meastar gurb ionann an sreabhráta maise don mheán tarchurtha agus don mheán fillte, déanfar an sreabhráta teasa a ríomh trí úsáid a bhaint as an difríocht eantalpachta idir an sreabhadh tarchurtha agus an sreabhadh fillte, mar a leanas:

$$\dot{Q} = (h_{flow} - h_{return}) \cdot \dot{m} \quad (\text{Cothromóid 31})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $\dot{Q}$  an sreabhráta teasa in kJ/s;  
 Is é  $h_{flow}$  eantalpacht an tsreafa tarchurtha in kJ/kg;  
 Is é  $h_{return}$  eantalpacht an tsreafa fillte in kJ/kg, agus  
 Is é  $\dot{m}$  an sreabhráta maise in kg/s.

I gcás gaile nó uisce te a úsáidtear mar mheán aistrithe teasa, i gcás nach gcuirtear an comhdhlúthán ar ais, nó i gcás nach bhfuil sé indéanta meastachán a dhéanamh ar eantalpacht an chomhdhlútháin fillte, cinnfear  $h_{return}$  bunaithe ar theocht 90 °C.

Más eol nach ionann na sreabhrátaí maise, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil fianaise ar fáil go bhfanann comhdhlúthán sa táirge (e.g., i bpróisis 'institlta gaile saoil'), ní asbhaintear an méid faoi seach den eantalpacht comhdhlútháin;  
 (b) i gcás inarb eol go bhfuil meán aistrithe teasa cailte (e.g., mar gheall ar sceitheadh nó cúrsaí séarachais), déantar meastachán ar an sreabhadh maise faoi seach a asbhaint ó shreabhadh maise an mheáin aistrithe teasa tarchurtha.

Chun an glansreabhadh bliantúil teasa a chinneadh ó na sonraí thuas, úsáidfear ceann de na modhanna seo a leanas, faoi réir an trealaimh tomhais agus na próiseála sonraí atá ar fáil:

- (a) meánluachanna bliantúla a chinneadh do na paraiméadair lena gcinntear meán-eantalpacht bhliantúil an mheáin teasa tarchurtha agus aiscurtha, arna iolrú faoin sreabhadh maise bliantúil iomlán, agus úsáid á baint as Cothromóid 31;  
 (b) luachanna in aghaidh na huairé an tsreafa teasa a chinneadh agus na luachanna sin a shuimiú thar am oibriúcháin iomlán bliantúil an chórais teasa. Faoi réir an chórais próiseála sonraí, féadfar eatraimh ama eile a chur in ionad luachanna in aghaidh na huairé de réir mar is iomchuí.

#### C.1.2.2 Modh 2: Athróg ionadach a ríomh bunaithe ar éifeachtúlacht thomhaiste

Cinnfear méideanna an ghlanteasa intomhaiste bunaithe ar ionchur an bhreosla agus ar an éifeachtúlacht thomhaiste a bhaineann leis an táirgeadh teasa:

$$Q = \eta_H \cdot E_{in} \quad (\text{Cothromóid 32})$$

$$E_{in} = \sum_i AD_i \cdot NCV_i \quad (\text{Cothromóid 33})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $Q$  an méid teasa arna shloinneadh in TJ;  
 Is é  $\eta_H$  éifeachtúlacht thomhaiste an táirgthe teasa;  
 Is é  $E_{in}$  an t-ionchur fuinnimh ó bhreoslaí;

Is é  $AD_i$  sonraí gníomhaíochta bliantúla (i.e., cainníochtaí arna n-ídiú) na mbreoslaí  $i$ , agus

Is é  $NCV_i$  glanluachanna calracha na mbreoslaí  $i$ .

Déantar luach  $\eta_H$  a thomhas thar thréimhse réasúnta fada, lena gcuirtear san áireamh go leordhóthanach staideanna lóid éagsúla na suiteála, nó gheofar ó dhoiciméadacht an mhonaróra é. Maidir leis sin, ní mór an cuar lóid pháirtigh sonracha a chur san áireamh trí úsáid a bhaint as lódfhachtóir bliantúil, mar a leanas:

$$L_F = \frac{E_{In}}{E_{Max}} \quad (\text{Cothromóid 34})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $L_F$  an lódfhachtóir;

Is é  $E_{In}$  an t-ionchur fuinnimh arna chinneadh trí úsáid a bhaint as Cothromóid 33 thar an tréimhse tuairiscithe, agus

Is é  $E_{Max}$  an t-ionchur uasta breosla dá mbeadh an t-aonad táirgthe teasa ag rith ag lód ainmniúil 100 % don bhliain féilire iomlán.

Beidh an éifeachtúlacht bunaithe ar staid ina gcuirtear gach comhdhlúthán ar ais. Glacfar leis go mbeidh teocht 90 °C i gceist maidir leis an gcomhdhlúthán a chuirtear ar ais.

### C.1.2.3 Modh 3: Athróg ionadach a ríomh bunaithe ar an éifeachtúlacht thagartha

Is ionann an modh seo agus modh 3, ach tá éifeachtúlacht thagartha 70 % ( $\eta_{Ref,H} = 0,7$ ) á úsáid i gCothromóid 32.

### C.1.3 Rialacha Speisialta

I gcás ina n-ídiú suiteáil teas intomhaiste a tháirgtear ó phróisis cheimiceacha eisiteirmeacha seachas dóchán, amhail próisis i dtáirgeadh amóinia nó aigéid nítrigh, déanfar an méid teasa a ídítear a chinneadh ar leithligh ó theas intomhaiste eile agus sannfar astaíochtaí CO<sub>2</sub>e nialasacha don ídiú teasa sin.

I gcás ina n-aisghabhtar teas intomhaiste ó theas nach teas intomhaiste é a ghintear ó bhreoslaí agus a úsáidtear i bpróisis táirgthe tar éis na húsáide sin, e.g., ó gháis sceite, chun áireamh dúbailte a sheachaint, déantar an méid ábhartha glanteasa intomhaiste arna roinnt faoi éifeachtúlacht thagartha 90 % a dhealú ón ionchur breosla.

## C.2 Fachtóir astaíochta meascáin breosla an teasa intomhaiste chinneadh

I gcás ina n-ídiú próiseas táirgthe teas intomhaiste a tháirgtear laistigh den tsuiteáil, déanfar na hastaíochtaí a bhaineann le teas a chinneadh trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna seo a leanas.

### C.2.1 Fachtóir astaíochta teasa intomhaiste arna tháirgeadh sa tsuiteáil seachas trí chomhghiniúint

Maidir le teas intomhaiste a tháirgtear ó dhóchán breoslaí laistigh den tsuiteáil seachas teas a tháirgtear trí chomhghiniúint, déanfar fachtóir astaíochta an mheascáin breosla ábhartha a chinneadh agus déanfar na hastaíochtaí atá inchurtha i leith an phróisis táirgthe a ríomh mar a leanas:

$$Em_{Heat} = EF_{mix} \cdot Q_{consumed} / \eta \quad (\text{Cothromóid 35})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $EM_{Heat}$  na hastaíochtaí a bhaineann le teas de chuid an phróisis táirgthe in t CO<sub>2</sub>;

Is é  $EF_{mix}$  fachtóir astaíochta an mheascáin breosla faoi seach arna shloinneadh in t CO<sub>2</sub>/TJ lena n-áirítear astaíochtaí ó ghlanadh gáis múcháin, i gcás inarb infheidhme;

Is é  $Q_{consumes}$  an méid teasa intomhaiste a ídítear sa phróiseas táirgthe arna shloinneadh in TJ, agus

Is é  $\eta$  éifeachtúlacht an phróisis táirgthe teasa.

Déanfar  $EF_{mix}$  a ríomh mar a leanas:

$$EF_{\text{mix}} = (\sum AD_i \cdot NCV_i \cdot EF_i + Em_{\text{FCC}}) / (\sum AD_i \cdot NCV_i) \quad (\text{Cothromóid 36})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $AD_i$  sonraí gníomhaíochta bliantúla (i.e., cainníochtaí arna n-ídiú) na mbreoslaí  $i$  a úsáidtear chun teas intomhaiste a tháirgeadh arna sloinneadh i dtónaí nó  $\text{Nm}^3$ ;
- Is é  $NCV_i$  glanluachanna calracha na mbreoslaí  $i$  arna sloinneadh in  $\text{TJ}/\text{t}$  nó  $\text{TJ}/\text{Nm}^3$ ;
- Is é  $EF_i$  fachtóirí astaíochta na mbreoslaí  $i$  arna sloinneadh in  $\text{t CO}_2/\text{TJ}$ , agus
- Is é  $Em_{\text{FCC}}$  na hastaíochtaí próisis ó ghlanadh gáis múcháin arna sloinneadh in  $\text{t CO}_2$ .

I gcás ina bhfuil dramhghás ina chuid den mheascán breosla a úsáidtear, agus i gcás ina bhfuil fachtóir astaíochta an dramhgháis níos airde ná fachtóir astaíochta caighdeánach an gháis nádúrtha a thugtar i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VIII, úsáidfean an fachtóir astaíochta caighdeánach sin chun  $EF_{\text{mix}}$  a ríomh in ionad fachtóirí astaíochta an dramhgháis.

### C.2.2 Fachtóir astaíochta teasa intomhaiste arna tháirgeadh sa tsuiteáil trí chomhghiniúint

I gcás ina dtáirgtear teas agus leictreachas intomhaiste trí chomhghiniúint (i.e. trí chomhghiniúint cumhachta agus teasa), déanfar na hastaíochtaí ábhartha a shanntar do theas agus leictreachas intomhaiste a chinneadh de réir mar a cheanglaítear leis an roinn seo. Na rialacha maidir le leictreachas, beidh feidhm acu freisin maidir le táirgeadh fuinnimh mheicniúil, más ábhartha.

Déanfar astaíochtaí aonaid comhghiniúna a chinneadh mar a leanas:

$$Em_{\text{CHP}} = \sum_i AD_i \cdot NCV_i \cdot EF_i + Em_{\text{FCG}} \quad (\text{Cothromóid 37})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $Em_{\text{CHP}}$  astaíochtaí an aonaid comhghiniúna le linn na tréimhse tuairiscithe arna sloinneadh in  $\text{t CO}_2$ ;
- Is é  $AD_i$  sonraí gníomhaíochta bliantúla (i.e., cainníochtaí arna n-ídiú) na mbreoslaí  $i$  a úsáidtear le haghaidh an aonaid comhghiniúna cumhachta agus teasa arna sloinneadh i dtónaí nó  $\text{Nm}^3$ ;
- Is é  $NCV_i$  glanluachanna calracha na mbreoslaí  $i$  arna sloinneadh in  $\text{TJ}/\text{t}$  nó  $\text{TJ}/\text{Nm}^3$ ;
- Is é  $EF_i$  fachtóirí astaíochta na mbreoslaí  $i$  arna sloinneadh in  $\text{t CO}_2/\text{TJ}$  agus
- Is é  $Em_{\text{FCG}}$  na hastaíochtaí próisis ó ghlanadh gáis múcháin arna sloinneadh in  $\text{t CO}_2$ .

Déanfar an t-ionchur fuinnimh san aonad comhghiniúna cumhachta agus teasa a ríomh i gcomhréir le Cothromóid 33. Déanfar meánéifeachtúlachtaí faoi seach na táirgeachta teasa agus leictreachais (nó an fhuinnimh mheicniúil, más infheidhme) thar an tréimhse tuairiscithe a ríomh mar a leanas:

$$\eta_{\text{heat}} = \frac{Q_{\text{net}}}{E_{\text{In}}} \quad (\text{Cothromóid 38})$$

$$\eta_{\text{el}} = \frac{E_{\text{El}}}{E_{\text{In}}} \quad (\text{Cothromóid 39})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $\eta_{\text{heat}}$  meánéifeachtúlacht an táirgthe teasa le linn na tréimhse tuairiscithe (gan toise),
- Is é  $Q_{\text{net}}$  an glanmhéid teasa arna tháirgeadh le linn na tréimhse tuairiscithe ag an aonad comhghiniúna arna shloinneadh in  $\text{TJ}$  arna chinneadh i gcomhréir le Roinn C.1.2;
- Is é  $E_{\text{In}}$  an t-ionchur fuinnimh arna chinneadh trí úsáid a bhaint as Cothromóid 33 arna shloinneadh in  $\text{TJ}$ ;
- Is é  $\eta_{\text{el}}$  meánéifeachtúlacht an táirgthe leictreachais le linn na tréimhse tuairiscithe (gan toise), agus
- Is é  $E_{\text{el}}$  glantáirgeadh leictreachais an aonaid comhghiniúna le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh in  $\text{TJ}$ .

I gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil éifeachtúlachtaí  $\eta_{\text{heat}}$  agus  $\eta_{\text{el}}$  a chinneadh, nó i gcás ina dtabhódh sé costais mhíreasúnta, úsáidfean luachanna atá bunaithe ar dhoiciméadacht theicniúil (luachanna dearaidh) na suiteála. Mura bhfuil aon luach den sórt sin ar fáil, úsáidfean luachanna caighdeánacha coimeádacha de  $\eta_{\text{heat}} = 0,55$  agus  $\eta_{\text{el}} = 0,25$ .

Déanfar na fachtóirí sannta le haghaidh teasa agus leictreachais ó chomhghiniúint cumhachta agus teasa a ríomh mar a leanas:

$$F_{CHP,heat} = \frac{\frac{\eta_{heat}}{\eta_{ref,heat}}}{\frac{\eta_{heat}}{\eta_{ref,heat}} + \frac{\eta_{el}}{\eta_{ref,el}}} \quad (\text{Cothromóid 40})$$

$$F_{CHP,el} = \frac{\frac{\eta_{el}}{\eta_{ref,el}}}{\frac{\eta_{heat}}{\eta_{ref,heat}} + \frac{\eta_{el}}{\eta_{ref,el}}} \quad (\text{Cothromóid 41})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $F_{CHP,Heat}$  an fachtóir sannta le haghaidh teasa (gan toise);

Is é  $F_{CHP,El}$  an fachtóir sannta le haghaidh leictreachais (nó le haghaidh fuinneamh meicniúil, más infheidhme) (gan toise);

Is é  $\eta_{ref,heat}$  an éifeachtúlacht thagartha do tháirgeadh teasa i gcoire neamhspleách (gan toise), agus

Is é  $\eta_{ref,el}$  éifeachtúlacht thagartha an táirgthe leictreachais gan chomhghiniúint (gan toise).

Tugtar na héifeachtúlachtaí tagartha breosla-sonracha iomchuí in Iarscríbhinn IX.

Déanfar fachtóir astaíochta sonracha an teasa intomhaiste a bhaineann le comhghiniúint cumhachta agus teasa atá le húsáid chun astaíochtaí a bhaineann le teas a shannadh do phróisis táirgthe a ríomh mar a leanas

$$EF_{CHP,Heat} = Em_{CHP} \cdot F_{CHP,Heat} / Q_{net} \quad (\text{Cothromóid 42})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $EF_{CHP,heat}$  an fachtóir astaíochta le haghaidh táirgthe teasa intomhaiste san aonad comhghiniúna arna shloinneadh in t CO<sub>2</sub>/TJ agus

Is é  $Q_{net}$  an glanteas arna tháirgeadh ag an aonad comhghiniúna arna shloinneadh in TJ.

Déanfar fachtóir astaíochta sonracha an leictreachais a bhaineann le comhghiniúint cumhachta agus teasa atá le húsáid chun astaíochtaí indíreacha a shannadh do phróisis táirgthe a ríomh mar a leanas:

$$EF_{CHP,El} = Em_{CHP} \cdot F_{CHP,El} / E_{El,prod} \quad (\text{Cothromóid 43})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $E_{El,prod}$  an leictreachas arna tháirgeadh ag an aonad comhghiniúna cumhachta agus teasa.

I gcás ina bhfuil dramhghás ina chuid den mheascán breosla a úsáidtear, agus i gcás ina bhfuil fachtóir astaíochta an dramhgháis níos airde ná fachtóir astaíochta caighdeánach an gháis nádúrtha a thugtar i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VIII, úsáidtear an fachtóir astaíochta caighdeánach sin chun  $EF_{mix}$  a ríomh in ionad fachtóir astaíochta an dramhgháis.

### C.2.3 Fachtóir astaíochta teasa intomhaiste arna tháirgeadh lasmuigh den tsuiteáil

I gcás ina n-ídiúnn próiseas táirgthe teas intomhaiste a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil, déanfar na hastaíochtaí a bhaineann le teas a chinneadh trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna seo a leanas.

1. I gcás ina bhfuil an tsuiteáil ina dtáirgtear an teas intomhaiste faoi réir córas faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe, nó i gcás ina n-áirithiú oibreoir na suiteála ina n-ídiú an teas intomhaiste, trí bhíthin fhorálacha ábhartha an chonartha seachadta teasa, go ndéanann an tsuiteáil ina dtáirgtear an teas faireachán ar astaíochtaí i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, déanfar fachtóir astaíochta an teasa intomhaiste a chinneadh trí úsáid a bhaint as cothromóidí ábhartha i Roinn C.2.1 nó i Roinn C.2.2, bunaithe ar shonraí astaíochta arna soláthar ag oibreoir na suiteála ina dtáirgtear an teas intomhaiste.
2. I gcás nach bhfuil an modh de bhun phointe 1 ar fáil, úsáidtear luach caighdeánach, bunaithe ar fachtóir astaíochta caighdeánach an bhreosla is coitianta a úsáidtear in earnáil thionsclaíoch na tíre, ag glacadh leis gurb ionann an éifeachtúlacht coire agus 90 %.

## D. LEICTREACHAS

## D.1 Na hastaíochtaí a bhaineann le leictreachas a ríomh

Na hastaíochtaí a bhaineann le táirgeadh nó ídiú leictreachais chun astaíochtaí leabaithe a ríomh i gcomhréir le roinn F.1, déanfar iad a ríomh trí úsáid a bhaint as an gcothromóid seo a leanas:

$$Em_{el} = E_{el} \cdot EF_{el} \quad (\text{Cothromóid 44})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $Em_{el}$  na hastaíochtaí a bhaineann le leictreachas arna tháirgeadh nó arna ídiú, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>;
- Is é  $E_{el}$  an leictreachas arna tháirgeadh nó arna ídiú, arna shloinneadh in MWh nó TJ, agus
- Is é  $EF_{el}$  an fachtóir astaíochta le haghaidh leictreachais a chuirtear i bhfeidhm, arna shloinneadh in t CO<sub>2</sub>/MWh nó t CO<sub>2</sub>/TJ.

## D.2 Rialacha maidir le fachtóir astaíochta leictreachais a chinneadh mar earraí allmhairithe

Chun sainastaíochtaí leabaithe iarbhair leictreachais a chinneadh mar earraí allmhairithe, ní bheidh infheidhme ach astaíochtaí díreacha i gcomhréir le Roinn 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956.

Is mar a leanas a bhunófar an fachtóir astaíochta chun sainastaíochtaí leabaithe iarbhair leictreachais a ríomh:

- úsáidfean an luach réamhshocraithe sonracha le haghaidh tríú tír, grúpa de thríú tíortha nó réigiún laistigh de thríú tír, mar an fachtóir astaíochta ábhartha CO<sub>2</sub> mar a leagtar amach i bpointe D.2.1 den Iarscríbhinn seo.
- i gcás nach bhfuil aon luach réamhshocraithe sonracha ar fáil de bhun pointe (a), úsáidfean an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> san Aontas mar a leagtar amach i bpointe D.2.2 den Iarscríbhinn seo.
- i gcás ina gcuireann dearbhóir tuairiscithe fianaise leordhóthanach isteach bunaithe ar fhaisnéis oifigiúil agus phoiblí chun a léiriú go bhfuil an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> sa tríú tír, sa ghrúpa de thríú tíortha nó sa réigiún laistigh de thríú tír óna bhfuil leictreachas á allmhairiú níos ísle ná na luachanna i gcomhréir le pointí (a) agus (b), agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a thugtar i bpointe D.2.3 den Iarscríbhinn seo, cinnfean na luachanna níos ísle a mhaítear ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus ar bhonn na sonraí iontaofa a chuirfean ar fáil.
- féadfaidh dearbhóir tuairiscithe astaíochtaí leabaithe iarbhair a chur i bhfeidhm in ionad luachanna réamhshocraithe chun astaíochtaí leabaithe an leictreachais allmhairithe a ríomh, má chomhlíontar critéir chanaigh (a) go (d) a thugtar i Roinn 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, agus má tá an ríomh bunaithe ar shonraí arna gcinneadh de réir na hIarscríbhinne seo ag táirgeoir an leictreachais, arna ríomh agus úsáid á baint as Roinn D.2.3 den Iarscríbhinn seo.

D.2.1 Fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> bunaithe ar luachanna réamhshocraithe sonracha

I gcomhréir le Roinn 4.2.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, úsáidfean fachtóirí astaíochta CO<sub>2</sub> sa tríú tír, sa ghrúpa de thríú tíortha nó sa réigiún laistigh de thríú tír bunaithe ar na sonraí is fearr atá ar fáil don Choimisiún. Chun críoch an Rialacháin seo, beidh na fachtóirí astaíochtaí CO<sub>2</sub> sin bunaithe ar shonraí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) agus soláthróidh an Coimisiún iad i gClárallan Idirthréimhseach SCCT.

D.2.2 Fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> an Aontais

De bhun Roinn 4.2.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, beidh feidhm ag fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> an Aontais. Chun críoch an Rialacháin seo, beidh fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> an Aontais bunaithe ar shonraí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus soláthróidh an Coimisiún iad i gClárallan Idirthréimhseach SCCT.

D.2.3 Fachtóirí astaíochta CO<sub>2</sub> bunaithe ar shonraí iontaofa arna léiriú ag an dearbhóir tuairiscithe

Chun críoch pointe (c) de roinn D.2 den Iarscríbhinn seo, soláthróidh an dearbhóir tuairiscithe tacair sonraí ó fhoinsí oifigiúla malartacha, lena n-áirítear staidreamh náisiúnta don tréimhse 5 bliana dar críoch 2 bhliain roimh an tuairiscí.

Chun tionchar na mbeartas dícharbónaithe, amhail an méadú ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le dálaí aeráide, amhail blianta an-fhuar, ar an soláthar bliantúil leictreachais sna tíortha lena mbaineann a léiriú, ríomhfaidh an dearbhóir tuairiscithe an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> ar bhonn mheán ualaithe an fhachtóra astaíochtaí CO<sub>2</sub> don tréimhse 5 bliana dar críoch 2 bhliain roimh an tuairisciú.

Chun na críche sin, ríomhfaidh an dearbhóir tuairiscithe na fachtóirí astaíochta CO<sub>2</sub> bliantúla in aghaidh na teicneolaíochta breosla iontaise agus in aghaidh na hollghiniúna leictreachais faoi seach sa tríú tír atá in ann leictreachas a onnmhairiú chuig an Aontas, bunaithe ar an gcothromóid seo a leanas:

$$Em_{el,y} = \frac{\sum_i^n EF_i \times E_{el,i,y}}{E_{el,y}} \quad (\text{Cothromóid 45})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $Em_{el,y}$  an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> bliantúil do na teicneolaíochtaí breosla iontaise uile sa bhliain áirithe sin sa tríú tír atá in ann leictreachas a onnmhairiú chuig an Aontas;

Is é  $E_{el,y}$  an olltáirgeacht leictreachais iomlán ó na teicneolaíochtaí breosla iontaise uile sa bhliain sin; Is é  $EF_i$  an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> do gach teicneolaíocht breosla iontaise 'i', agus

Is é  $E_{el,i,y}$  an olltáirgeacht leictreachais bhliantúil do gach teicneolaíocht breosla iontaise 'i'.

Déanfaidh an dearbhóir tuairiscithe an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> a ríomh mar mheán gluaisteach na mblianta sin ag tosú leis an mbliain reatha lúide 2 bhliain, bunaithe ar an gcothromóid seo a leanas:

$$Em_{el} = \frac{\sum_{y-2}^{y-6} Em_{el,i}}{5} \quad (\text{Cothromóid 46})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $Em_{el}$  an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> a eascraíonn as meán gluaisteach fhachtóirí astaíochta CO<sub>2</sub> na 5 bliana roimhe sin, ag tosú ón mbliain reatha, lúide 2 bhliain, go dtí an bhliain reatha, lúide 6 bliana;

Is é  $Em_{el,y}$  an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> do gach bliain 'i';

Is é  $i$  innéacs athraitheach na mblianta atá le meas, agus

Is é  $y$  an bhliain reatha.

#### D.2.4 Fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> bunaithe ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> iarbhir na suiteála

De bhun Roinn 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, féadfaidh dearbhóir tuairiscithe astaíochtaí leabaithe iarbhir a chur i bhfeidhm in ionad luachanna réamhshocraithe chun astaíochtaí leabaithe an leictreachais allmhairithe a ríomh, má chomhlíontar critéir channacha (a) go (d) a thugtar sa roinn sin.

### D.3 Rialacha maidir le cainníochtaí leictreachais a chinneadh a úsáidtear chun earraí seachas leictreachas a tháirgeadh

Chun astaíochtaí leabaithe a chinneadh, beidh feidhm ag méadrú cainníochtaí leictreachais maidir le fíorchumhacht seachas cumhacht dhealraitheach (cumhacht choimpléascach). Ní dhéanfar méadrú ach ar chomhpháirt na cumhachta gníomhaí, agus tabharfar neamhaird ar an gcumhacht fhreasaitheach.

Maidir le leictreachas a tháirgeadh, tagróidh an leibhéal gníomhaíochta don ghlanleictreachas a fhágann teorainneacha córais an ghléasra cumhachta nó an aonaid comhghiniúna, tar éis leictreachas a ídítear go himmheánach a dhealú.

### D.4 Rialacha maidir le hastaíochtaí leabaithe indíreacha leictreachais a chinneadh mar ionchur chun earraí seachas leictreachas a tháirgeadh

Le linn na hidirthréimhse, cinnfear na fachtóirí astaíochta le haghaidh leictreachais bunaithe ar cheann díobh seo a leanas:

(a) meánfhachtóir astaíochta eangach leictreachais na tíre tionscnaimh, bunaithe ar shonraí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) arna soláthar ag an gCoimisiún i gClárann Idirthréimhseach SCCT; nó

(b) aon fhachtóir astaíochta eile de chuid eangach leictreachais na tíre tionscnaimh bunaithe ar shonraí atá ar fáil go poiblí lena léirítear an meánfhachtóir astaíochta nó an fachtóir astaíochta CO<sub>2</sub> dá dtagraítear i Roinn 4.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956.

De mhaolú ar phointí (a) agus (b), féadfar fachtóirí astaíochta iarbhír a úsáid le haghaidh na gcásanna a shonraítear i Ranna D.4.1 go D.4.3.

#### D.4.1 Fachtóir astaíochta leictreachais arna tháirgeadh sa tsuiteáil seachas ó chomhghiniúint

Maidir le leictreachas a tháirgtear ó dhóchán breoslaí laistigh den tsuiteáil seachas leictreachas a tháirgtear ó chomhghiniúint, déanfar fachtóir astaíochta leictreachais  $EF_{EI}$  a chinneadh bunaithe ar an meascán breosla ábhartha agus déanfar na hastaíochtaí atá inchurtha i leith an táirgthe leictreachais a ríomh mar a leanas:

$$EF_{EI} = (\sum AD_i \cdot NCV_i \cdot EF_i + Em_{FGC}) / -El_{prod} \quad (\text{Cothromóid 47})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $AD_i$  na sonraí gníomhaíochta bliantúla (i.e., cainníochtaí arna n-ídiú) maidir leis na breoslaí  $i$  a úsáidtear don táirgeadh leictreachais, arna sloinneadh i dtónaí nó Nm<sup>3</sup>;
- Is é  $NCV_i$  glanluachanna calracha na mbreoslaí  $i$ , arna sloinneadh in TJ/t nó TJ/Nm<sup>3</sup>;
- Is é  $EF_i$  fachtóirí astaíochta na mbreoslaí  $i$ , arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>/TJ;
- Is é  $Em_{FGC}$  na hastaíochtaí próisis ó ghlanadh gáis múcháin, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>, agus
- Is é  $El_{prod}$  an glanmhéid leictreachais a tháirgtear, arna shloinneadh in MWh. Féadfar cainníochtaí leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí seachas dóchán breoslaí a áireamh ann.

I gcás ina bhfuil dramhghás ina chuid den mheascán breosla a úsáidtear, agus i gcás ina bhfuil fachtóir astaíochta an dramhgháis níos airde ná fachtóir astaíochta caighdeánach an gháis nádúrtha a thugtar i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VIII, úsáidtear an fachtóir astaíochta caighdeánach sin chun  $EF_{EI}$  a ríomh in ionad fachtóir astaíochta an dramhgháis.

#### D.4.2 Fachtóir astaíochta leictreachais arna tháirgeadh sa tsuiteáil ó chomhghiniúint

Cinnfear fachtóir astaíochta an táirgthe leictreachais ó chomhghiniúint de réir Roinn C.2.2 den Iarscríbhinn seo.

#### D.4.3 Fachtóir astaíochta leictreachais arna tháirgeadh lasmuigh den tsuiteáil

1. I gcás ina bhfaightear leictreachas ó fhoinsé a bhfuil nasc teicniúil díreach aici, agus i gcás ina bhfuil na sonraí ábhartha uile ar fáil, cinnfear fachtóir astaíochta an leictreachais sin agus ranna D.4.1 nó D.4.2 a úsáid, de réir mar is iomchuí.
2. I gcás ina bhfaightear an leictreachas ó tháirgeoir leictreachais faoi chomhaontú ceannaigh cumhachta, féadfar an fachtóir astaíochta le haghaidh leictreachais a chinntear i gcomhréir le ranna D.4.1 nó D.4.2 a úsáid, de réir mar is iomchuí, i gcás ina gcuireann an táirgeoir leictreachais in iúl don oibreoir é agus i gcás ina gcuirtear ar fáil é de bhun Iarscríbhinn IV.

### E. FAIREACHÁN AR RÉAMHTHEACHTAITHE

I gcás ina léirítear réamhtheachtaithe ábhartha sa tuairisc ar na bealaí táirgthe le haghaidh na bpróiseas táirgthe a shainítear don tsuiteáil, déanfar cainníocht gach réamhtheachtaí a ídiú laistigh de phróisis táirgthe na suiteála a chinneadh d'fhonn astaíochtaí leabaithe iomlána na n-earraí coimpléascacha a tháirgtear i gcomhréir le Roinn G den Iarscríbhinn seo a ríomh.

De mhaolú ar an mír roimhe seo, i gcás ina gcuimhdeáitear táirgeadh agus úsáid réamhtheachtaí leis an bpróiseas táirgthe céanna, ní cinnfear ach cainníocht an réamhtheachtaí breise a úsáidtear agus a fhaightear ó shuiteálacha eile nó ó phróisis táirgthe eile.

Déanfar an chainníocht a úsáidtear agus na hairíonna astaíochta a chinneadh ar leithligh do gach suiteáil óna bhfaightear an réamhtheachtaí. Na modhanna a úsáidtear chun na sonraí riachtanacha a chinneadh, déanfar iad a leagan síos i ndoiciméadacht modheolaíochta faireacháin na suiteála, agus na forálacha seo a leanas á gcur i bhfeidhm:

1. I gcás ina dtáirgtear an réamhtheachtaí laistigh den tsuiteáil, ach i bpróiseas táirgthe éagsúil arna shannadh trí rialacha Roinn A.4 den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, áireofar na nithe seo a leanas sna tacair sonraí atá le cinneadh:
  - (a) sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha an réamhtheachtaí mar mheán thar an tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtónaí CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona réamhtheachtaí;
  - (b) cainníocht an réamhtheachtaí a ídtear i ngach próiseas táirgthe den tsuiteáil a bhfuil sé ina réamhtheachtaí ábhartha dó.
2. I gcás ina bhfaightear an réamhtheachtaí ó shuiteáil eile, áireofar na nithe seo a leanas sna tacair sonraí atá le cinneadh:
  - (a) tír thionscnaimh na n-earraí allmhairithe;
  - (b) an tsuiteáil inar táirgeadh é, arna sainaitheint ag ceann de na nithe seo a leanas
    - aitheantóir uathúil na suiteála, má tá sé ar fáil;
    - an cód is infheidhme de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Suíomh Trádála agus Iompair (NA/LOCODE) le haghaidh an tsuímh;
    - seoladh beacht agus tras-scríbhinn sa Bhéarla; agus
    - comhordanáidí geografacha na suiteála.
  - (c) an bealach táirgthe a úsáidtear mar a shainmhínítear i Roinn 3 d'Iarscríbhinn II;
  - (d) luachanna na bparaiméadar sonracha is infheidhme is gá chun na hastaíochtaí leabaithe a chinneadh, mar a liostaítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn IV;
  - (e) sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha an réamhtheachtaí mar mheán thar an tréimhse tuairiscithe is déanaí atá ar fáil, arna sloinneadh i dtónaí CO<sub>2(e)</sub> CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona réamhtheachtaí;
  - (f) dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse tuairiscithe a úsáideann an tsuiteáil óna bhfuarthas an réamhtheachtaí;
  - (g) an fhaisnéis maidir leis an bpraghas carbóin atá dlite don réamhtheachtaí, más ábhartha.

Leis an tsuiteáil a tháirgeann an réamhtheachtaí, soláthrófar an fhaisnéis ábhartha, trí bhíthin an teimpléid leictreonaigh a luaitear in Airteagal 3(5) agus in Iarscríbhinn IV más féidir.
3. Maidir le gach cainníocht réamhtheachtaí a bhfuarthas sonraí neamhiomlána nó neamhchonclúideacha ina leith faoi phointe (2), féadfar na luachanna réamhshocráithe is infheidhme arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirtréimhse a úsáid faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán seo.

## F. RIALACHA MAIDIR LE HASTAÍOCHTAÍ SUITEÁLA A SHANNADH D'EARRAÍ

### F.1 Modhanna ríomha

Chun astaíochtaí na suiteála a shannadh d'earraí, déanfar na hastaíochtaí, na hionchuir agus na haschuir a shannadh do phróisis táirgthe a shainítear i gcomhréir le Roinn A.4 den Iarscríbhinn seo agus úsáid á baint as Cothromóid 48 le haghaidh astaíochtaí díreacha agus Cothromóid 49 le haghaidh astaíochtaí indíreacha, agus na figiúirí iomlána thar an tréimhse tuairiscithe iomlán le haghaidh na bparaiméadar a thugtar sa chothromóid á n-úsáid. Déanfar na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha atá sannta a thiontú ansin go sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha na n-earraí a eascraíonn as an bpróiseas táirgthe trí úsáid a bhaint as Cothromóidí 50 agus 51.

$$AttrEm_{Dir} = DirEm^* + Em_{H,imp} - Em_{H,exp} + WG_{corr,imp} - WG_{corr,exp} - Em_{el,prod} \quad (\text{Cothromóid 48})$$

I gcás ina ríomhtar go bhfuil luach diúltach ag  $AttrEm_{Dir}$ , socrófar ag nialas é.

$$AttrEm_{indir} = Em_{el,cons} \quad (\text{Cothromóid 49})$$



$$SEE_{g,Dir} = \frac{AttrEm_{g,Dir}}{ALg} \quad (\text{Cothromóid 50})$$

$$SEE_{g,Indir} = \frac{AttrEm_{g,Indir}}{ALg} \quad (\text{Cothromóid 51})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

$AttrEm_{Dir}$  = astaíocht dhíreach shannta an phróisis táirgthe thar an tréimhse tuairiscithe iomlán, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e;

$AttrEm_{indir}$  = astaíocht indíreach shannta an phróisis táirgthe thar an tréimhse tuairiscithe iomlán, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e;

$DirEm^*$  = na hastaíochtaí atá inchurtha go díreach i leith an phróisis táirgthe, arna gcinneadh don tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as na rialacha a thugtar i Roinn B den Iarscríbhinn seo, agus as na rialacha seo a leanas:

Teas intomhaiste: I gcás ina ndéantar breoslaí a ídiú chun teas intomhaiste a tháirgeadh, ar teas é a ídítear lasmuigh den phróiseas táirgthe atá á bhreithniú, nó a úsáidtear i níos mó ná próiseas táirgthe amháin (lena n-áirítear cásanna ina bhfuil allmhairí ó shuiteálacha eile agus onnmhairí chuig suiteálacha eile), ní áirítear astaíochtaí na mbreoslaí in astaíochtaí an phróisis táirgthe atá inchurtha go díreach, ach cuirtear isteach iad faoi pharaiméadar  $EM_{H,import}$  chun áireamh dúbailte a sheachaint.

Dramhgháis:

Áirítear in  $DirEm^*$  na hastaíochtaí arb iad dramhgháis a tháirgtear agus a ídítear go hiomlán laistigh den phróiseas táirgthe céanna is cúis leo.

Cuirtear na hastaíochtaí ó dhóchán dramhghás a onnmhairítear ón bpróiseas táirgthe san áireamh go hiomlán in  $DirEm^*$  gan beann ar an áit a n-ídítear iad. I gcás onnmhairiú dramhghás, áfach, ríomhtar an téarma  $WG_{corr,export}$ .

Ní cuirtear san áireamh in  $DirEm^*$  na hastaíochtaí ó dhóchán dramhghás a allmhairítear ó phróisis táirgthe eile. Ina ionad sin, déanfar an téarma  $WG_{corr,import}$  a ríomh;

$Em_{H,imp}$  = na hastaíochtaí atá coibhéiseach le cainníocht an teasa intomhaiste a allmhairítear chuig an bpróiseas táirgthe, arna gcinneadh don tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as na rialacha a thugtar i Roinn C den Iarscríbhinn seo, agus as na rialacha seo a leanas:

Leis na hastaíochtaí a bhaineann le teas intomhaiste a allmhairítear chuig an bpróiseas táirgthe, áirítear allmhairí ó shuiteálacha eile, próisis táirgthe eile laistigh den tsuiteáil chéanna, chomh maith le teas a fhaightear ó aonad teicniúil (e.g. lárionad cumhachta ag an tsuiteáil, nó gréasán gaile níos casta ag a bhfuil roinnt aonaid táirgthe teasa) a sholáthraíonn teas do níos mó ná próiseas táirgthe amháin.

Déanfar astaíochtaí ó theas intomhaiste a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$Em_{H,imp} = Q_{imp} \cdot EF_{heat} \quad (\text{Cothromóid 52})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $EF_{heat}$  an fachtóir astaíochta chun teas intomhaiste a tháirgeadh arna chinneadh i gcomhréir le Roinn C.2 den Iarscríbhinn seo, arna shloinneadh in t CO<sub>2</sub>/TJ agus

Is é  $Q_{imp}$  an glanteas a allmhairítear chuig an bpróiseas táirgthe agus a ídítear ann, arna shloinneadh in TJ;

$Em_{H,exp}$  na hastaíochtaí atá coibhéiseach le cainníocht an teasa intomhaiste a onnmhairítear chuig an bpróiseas táirgthe, arna gcinneadh don tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as na rialacha a thugtar i Roinn B den Iarscríbhinn seo. Maidir leis an teas onnmhairithe, úsáidtear astaíochtaí an mheascáin breosla atá ar eolas go hiarbhír i gcomhréir le Roinn C.2, nó – murab eol an meascán breosla iarbhír – úsáidtear fachtóir astaíochta caighdeánach an bhreosla is coitianta a úsáidtear sa tír agus san earnáil tionsclaíochta, ag glacadh leis gurb ionann an éifeachtúlacht coire agus 90 %.

Ní chuirfear san áireamh an teas a aisghabhtar ó phróisis faoi thiomáint leictreachais ná ó tháirgeadh aigéid nítrigh;

$WG_{corr,imp}$  astaíochtaí díreacha sannta ó phróiseas táirgthe a ídíonn dramhgháis a allmhairítear ó phróisis táirgthe eile, a cheartaítear le haghaidh na tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$WG_{corr,imp} = V_{WG} \cdot NCV_{WG} \cdot EF_{NG} \quad (\text{Cothromóid 53})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $V_{WG}$  toirt an dramhgháis a allmhairítear;

Is é  $NCV_{WG}$  glanluach calrach an dramhgháis a allmhairítear, agus

Is é  $EF_{NG}$  fachtóir astaíochta caighdeánach an gháis nádúrtha mar a thugtar in Iarscríbhinn VIII;

$WG_{corr,exp}$  na hastaíochtaí atá coibhéiseach le cainníocht na ndramhgháis a onnmhairítear ón bpróiseas táirgthe, arna gcinneadh don tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as na rialacha a thugtar i Roinn B den Iarscríbhinn seo, agus as an bhfoirmle seo a leanas:

$$WG_{corr,exp} = V_{WG,exp} \cdot NCV_{WG} \cdot EF_{NG} \cdot Corr_{\eta} \quad (\text{Cothromóid 54})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $V_{WG,exp}$  toirt an dramhgháis a onnmhairítear ón bpróiseas táirgthe;

Is é  $NCV_{WG}$  glanluach calrach an dramhgháis;

Is é  $EF_{NG}$  fachtóir astaíochta caighdeánach an gháis nádúrtha mar a thugtar in Iarscríbhinn VIII,

agus is é  $Corr_{\eta}$  an fachtóir arb ionann é agus an difríocht éifeachtúlachtaí idir úsáid dramhgháis agus úsáid gháis nádúrtha an bhreosla tagartha. Is é  $Corr_{\eta} = 0,667$  an luach caighdeánach;

$Em_{el,prod}$  na hastaíochtaí atá coibhéiseach le cainníocht an leictreachais a tháirgtear laistigh de teorainneacha an phróisis táirgthe, arna gcinneadh don tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as na rialacha a thugtar i Roinn D den Iarscríbhinn seo;

$Em_{el,cons}$  na hastaíochtaí atá coibhéiseach le cainníocht an leictreachais a ídítear laistigh de teorainneacha an phróisis táirgthe, arna gcinneadh don tréimhse tuairiscithe agus úsáid á baint as na rialacha a thugtar i Roinn D den Iarscríbhinn seo;

$SEE_{g,Dir}$  sainastaíochtaí leabaithe díreacha na n-earraí g, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona, atá bailí le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

$SEE_{g,Indir}$  sainastaíochtaí leabaithe indíreacha na n-earraí g, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona, atá bailí le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

$AL_g$  leibhéal gníomhaíochta na n-earraí g, i.e. méid na n-earraí g a tháirgtear sa tréimhse tuairiscithe sa tsuiteáil sin, arna chinneadh i gcomhréir le Roinn F.2 den Iarscríbhinn seo, arna shloinneadh i dtonaí.

## F.2 Modheolaíocht faireacháin maidir le leibhéil ghníomhaíochta

Déanfar leibhéal gníomhaíochta próisis táirgthe a ríomh mar mhais iomlán na n-earraí uile a fhágann an próiseas táirgthe le linn na tréimhse tuairiscithe le haghaidh na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956 de réir na catagóire earraí comhiomlánaithe de réir Roinn 2 d'Iarscríbhinn II lena mbaineann an próiseas táirgthe. I gcás ina sainítear próisis táirgthe sa chaoi go n-áirítear táirgeadh réamhtheachtaithe freisin, seachnófar áireamh dúbailte trí na táirgí deiridh amháin a fhágann teorainneacha córais an phróisis táirgthe a áireamh. Cuirfear san áireamh aon fhoráil speisialta a leagtar síos maidir leis an bpróiseas táirgthe nó maidir leis an mbealach táirgthe i Roinn 3 d'Iarscríbhinn II. I gcás ina n-úsáidtear roinnt bealaí táirgthe ag an tsuiteáil chéanna chun earraí a tháirgeadh a thagann faoin gcód AC céanna, agus i gcás ina sanntar próisis táirgthe ar leith do na bealaí táirgthe sin, déanfar astaíochtaí leabaithe na n-earraí a ríomh ar leithligh maidir le gach bealach táirgthe.

Ní chuirfear san áireamh ach earraí is féidir a dhíol nó a úsáid go díreach mar réamhtheachtaí i bpróiseas táirgthe eile. Táirgí nach bhfuil de réir na sonraíochtaí, seachtháirgí, dramhaíl agus fuíoll a tháirgtear i bpróiseas táirgthe, gan beann ar cé acu a chuirtear ar ais chuig próisis táirgthe iad nó nach gcuirtear, ar cé acu a sheachadtar chuig suiteálacha eile iad nó nach seachadtar nó ar cé acu a dhiúscaítear iad nó nach ndiúscaítear, ní áireofar iad agus an leibhéal gníomhaíochta a chinneadh. Dá bhrí sin, sannfar astaíochtaí leabaithe nialasacha dóibh agus iad ag dul isteach i bpróiseas táirgthe eile.

Chun leibhéil ghníomhaíochta a chinneadh, tá feidhm ag na ceanglais maidir le méadrú a leagtar síos i Roinn B.4 den Iarscríbhinn seo.

### F.3 Na modhanna faireacháin is gá chun astaíochtaí a shannadh do phróisis táirgthe

#### F.3.1 Prionsabail maidir le sonraí a shannadh do phróisis táirgthe

1. Na modhanna a roghnófar chun tacair sonraí a shannadh do phróisis táirgthe, leagfar síos i ndoiciméadacht na modheolaíochta faireacháin iad. Déanfar athbhreithniú rialta orthu chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú, i gcás inar féidir, i gcomhréir le Roinn A den Iarscríbhinn seo.
2. I gcás nach bhfuil sonraí maidir le tacar sonraí sonracha ar fáil do gach próiseas táirgthe, roghnófar modh iomchuí chun na sonraí riachtanacha do gach próiseas táirgthe aonair a chinneadh. Chun na críche sin, cuirfear ceachtar de na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm ag brath ar an bprionsabal a thugann torthaí níos cruinne:
  - (a) i gcás ina dtáirgtear earraí éagsúla i ndiaidh a chéile sa líne tháirgthe chéanna, déanfar ionchuir, aschuir agus astaíochtaí comhfhreagracha a shannadh go seicheamhach bunaithe ar an am úsáide in aghaidh na bliana do gach próiseas táirgthe;
  - (b) déanfar ionchuir, aschuir agus astaíochtaí comhfhreagracha a shannadh bunaithe ar mhais nó ar thoirt na n-earraí aonair a tháirgtear nó ar mheastacháin bunaithe ar chóimheas eantalpachtaí saor-imoibrithe na n-imoibrithe ceimiceacha atá i gceist nó bunaithe ar eochair leithdháilte oiriúnach eile a gcomhthacaíonn modheolaíocht fhónta eolaíoch léi.
3. I gcás ina bhfuil roinnt ionstraimí tomhais de cháilíocht éagsúil ag rannchuidiú le torthaí tomhais, féadfar ceachtar de na modhanna seo a leanas a úsáid chun sonraí ar leibhéal na suiteála maidir le cainníochtaí ábhar, breoslaí, teasa intomhaiste nó leictreachais a roinnt idir próisis táirgthe:
  - (a) An deighilt a chinneadh bunaithe ar mhodh cinnidh, amhail fomhéadrú, meastachán, comhghaolú, a úsáidtear go cothrom do gach próiseas táirgthe. I gcás ina bhfuil suim shonraí an phróisis táirgthe éagsúil leis na sonraí a chinntear ar leithligh don tsuiteáil, cuirtear ‘fachtóir réitigh’ aonfhoirmeach i bhfeidhm maidir le ceartúchán aonfhoirmeach chun figiúr iomlán na suiteála a chomhlíonadh mar a leanas:

$$RecF = D_{Inst} / \sum D_{PP} \quad (\text{Cothromóid 55})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Is é  $RecF$  an fachtóir réitigh;

Is é  $D_{Inst}$  an luach sonraí arna chinneadh don tsuiteáil ina hiomláine, agus

Is é  $D_{PP}$  na luachanna sonraí le haghaidh na bpróiseas táirgthe éagsúil.

Déantar na sonraí maidir le gach próiseas táirgthe a cheartú mar a leanas, agus is é  $D_{PP,corr}$  luach ceartaithe  $D_{PP}$ :

$$D_{PP,corr} = D_{PP} \times RecF \quad (\text{Cothromóid 56})$$

- (b) Mura bhfuil ach sonraí ó phróiseas táirgthe amháin ar eolas nó má tá na sonraí sin ar cháilíocht níos ísle ná sonraí ó phróisis táirgthe eile, féadfar sonraí na bpróiseas táirgthe atá ar eolas a dhealú ó na sonraí iomlána suiteála. Ní fearr an modh sin ach amháin do phróisis táirgthe a chuireann cainníochtaí níos lú le leithdháileadh na suiteála.

#### F.3.2 Nós imeachta chun cóid AC earraí agus réamhtheachtaithe a rianú

Chun sonraí a shannadh i gceart do phróisis táirgthe, coinneoidh an tsuiteáil liosta de na hearraí agus na réamhtheachtaithe uile a tháirgtear ag an tsuiteáil chomh maith le liosta de na réamhtheachtaithe a fhaightear ó lasmuigh den tsuiteáil, agus liosta de na cóid AC is infheidhme ina leith. Ar bhonn an liosta sin:

1. sannfar táirgí agus a bhfigiúirí bliantúla táirgeachta do phróisis táirgthe i gcomhréir leis na catagóirí earraí comhiomlánaithe a thugtar i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II;
2. cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh agus ionchuir, aschuir agus astaíochtaí á sannadh ar leithligh do phróisis táirgthe.

Chuige sin, déanfar nós imeachta a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun seiceáil rialta a dhéanamh maidir le cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn na hearraí agus na réamhtheachtaithe a tháirgtear sa tsuiteáil do na cóid AC a chuirtear i bhfeidhm agus doiciméadacht na modheolaíochta faireacháin á bunú. Thairis sin, beidh forálacha sa nós imeachta sin chun a shainaithint an dtáirgeann an tsuiteáil earraí nua agus chun a áirithiú go ndéantar an cóid AC is infheidhme maidir leis an táirge nua a chinneadh agus a chur le liosta na n-earraí chun ionchuir, aschuir agus astaíochtaí gaolmhara a shannadh don phróiseas táirgthe iomchuí.

#### F.4 Tuilleadh rialacha maidir le hastaíochtaí díreacha a shannadh

1. Astaíochtaí ó shruthanna foinse nó ó fhoinsí astaíochtaí nach bhfónann ach d'aon phróiseas táirgthe amháin, sannfar don phróiseas táirgthe sin ina iomláine iad. I gcás ina n-úsáidtear maischothromaíocht, dealófar sruthanna foinse amach i gcomhréir le Roinn B.3.2 den Iarscríbhinn seo. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, sannfar sruthanna foinse a thiontaítear ina ndramhgháis, cé is moite de dhramhgháis a tháirgtear agus a ídítear go hiomlán laistigh den phróiseas táirgthe céanna, agus úsáid á baint as Cothromóidí 53 agus 54. Déanfar an faireachán is gá ar NCV agus ar thoirt an dramhgháis faoi seach trí na rialacha a thugtar i Ranna B.4 agus B.5 den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.
2. Ní bheidh feidhm ag na modhanna seo a leanas chun astaíochtaí díreacha a shannadh ach amháin i gcás ina bhfónann sruthanna foinse nó foinsí astaíochtaí do níos mó ná próiseas táirgthe amháin:
  - (a) Astaíochtaí ó shruthanna foinse nó ó fhoinsí astaíochtaí a úsáidtear chun teas intomhaiste a tháirgeadh, sannfar do phróisis táirgthe i gcomhréir le Roinn F.5 den Iarscríbhinn seo iad.
  - (b) I gcás nach n-úsáidtear dramhgháis laistigh den phróiseas táirgthe céanna ina dtáirgtear iad, déanfar na hastaíochtaí a eascraíonn as dramhgháis a shannadh i gcomhréir leis na rialacha agus na cothromóidí a thugtar i Roinn F.1 den Iarscríbhinn seo.
  - (c) I gcás ina gcinnfear méideanna na sruthanna foinse atá inchurtha i leith próisis táirgthe trí mhéadrú sula n-úsáidtear sa phróiseas táirgthe iad, cuirfear an mhodheolaíocht iomchuí i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn F.3.1 den Iarscríbhinn seo.
  - (d) I gcás nach féidir astaíochtaí ó shruthanna foinse nó ó fhoinsí astaíochtaí a shannadh i gcomhréir le modhanna eile, déanfar iad a shannadh trí úsáid a bhaint as paraiméadair chomhghaolaithe atá sannta do phróisis táirgthe cheana féin i gcomhréir le Roinn F.3.1 den Iarscríbhinn seo. Chun na críche sin, déanfar méideanna na sruthanna foinse agus a n-astaíochtaí faoi seach a shannadh go comhréireach don chóimheas ina sanntar na paraiméadair sin do phróisis táirgthe. Áirítear leis na paraiméadair iomchuí mais na n-earraí a tháirgtear, mais nó toirt an bhreosla nó an ábhair a ídítear, méid an teasa nach teas intomhaiste é a tháirgtear, uaireanta oibriúcháin, nó éifeachtúlachtaí trealaimh atá ar eolas.

#### F.5 Tuilleadh rialacha maidir le hastaíochtaí ó theas intomhaiste a shannadh

Beidh feidhm ag na prionsabail ghinearálta ríomha a thugtar i Roinn F.1 den Iarscríbhinn seo. Cinnfear na sreafaí teasa ábhartha i gcomhréir le Roinn C.1 den Iarscríbhinn seo agus le factóir astaíochta an teasa intomhaiste trí Roinn C.2 den Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

I gcás ina ndéantar cailteanas teasa intomhaiste a chinneadh ar leithligh ó na méideanna a úsáidtear i bpróisis táirgthe, cuirfear na hastaíochtaí a bhaineann leis na cailteanais teasa sin go comhréireach le hastaíochtaí na bpróiseas táirgthe uile ina n-úsáidtear teas intomhaiste a tháirgtear sa tsuiteáil, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar 100 % de chainníocht an ghlanteasa intomhaiste arna tháirgeadh laistigh den tsuiteáil, nó arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú ag an tsuiteáil, mar aon leis na cainníochtaí a aistrítear idir próisis táirgthe, a shannadh do phróisis táirgthe gan aon easnamh ná aon áireamh dúbailte.

#### G. SAINASTAÍOCHTAÍ LEABAITHE EARRAÍ COIMPLÉASCACHA A RÍOMH

I gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, déanfar sainastaíochtaí leabaithe  $SEE_g$  na n-earraí coimpléascacha a ríomh mar a leanas:

$$SEE_g = \frac{AttrEmg + EE_{InpMat}}{AL_g} \quad (\text{Cothromóid 57})$$

$$EE_{InpMat} = \sum_{i=1}^n M_i \cdot SEE_i \quad (\text{Cothromóid 58})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $SEE_g$  sainastaíochtaí leabaithe díreacha nó indíreacha na n-earraí (coimpléascacha)  $g$ , arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona earraí  $g$ ;
- Is é  $AttrEm_g$  astaíochtaí díreacha nó indíreacha a shanntar don phróiseas táirgthe a tháirgeann earraí  $g$  arna gcinneadh i gcomhréir le Roinn F.1 den Iarscríbhinn seo le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e;
- Is é  $AL_g$  leibhéal gníomhaíochta an phróisis táirgthe a tháirgeann earraí  $g$  arna chinneadh i gcomhréir le Roinn F.2 den Iarscríbhinn seo le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, arna shloinneadh i dtónaí;
- Is é  $EE_{ImpMat}$  astaíochtaí leabaithe díreacha nó indíreacha na réamhtheachtaithe uile a ídítear le linn na tréimhse tuairiscithe a shainmhínítear mar astaíochtaí ábhartha do phróiseas táirgthe earraí  $g$  i Roinn 3 d'Iarscríbhinn II, arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e;
- Is é  $M_i$  mais an réamhtheachtaí  $i$  a úsáidtear sa phróiseas táirgthe a tháirgeann  $g$  le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh i dtónaí réamhtheachtaí  $i$ , agus
- Is é  $SEE_i$  sainastaíochtaí leabaithe díreacha nó indíreacha an réamhtheachtaí  $i$ , arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona réamhtheachtaí  $i$ .

Sa ríomh sin, ní chuirtear san áireamh ach réamhtheachtaithe nach gcumhdaítear leis an bpróiseas táirgthe céanna a bhaineann le hearraí  $g$ . I gcás ina bhfaightear an réamhtheachtaí céanna ó shuiteálacha éagsúla, déileálfar leis an réamhtheachtaí ó gach suiteáil ar leithligh.

I gcás ina bhfuil réamhtheachtaithe ag réamhtheachtaí  $i$  féin, cuirtear na réamhtheachtaithe sin san áireamh ar dtús agus úsáid á baint as an modh ríomha céanna chun astaíochtaí leabaithe an réamhtheachtaí  $i$  a ríomh sula n-úsáidtear iad chun astaíochtaí leabaithe na n-earraí  $g$  a ríomh. Úsáidtear an modh sin go hathchúrsach i gcás na réamhtheachtaithe uile ar earraí coimpléascacha iad.

Tagraíonn an paraiméadar  $M_i$  do mhais iomlán an réamhtheachtaí is gá chun an méid  $AL_g$  a tháirgeadh. Áirítear leis freisin cainníochtaí an réamhtheachtaí nach gcríochnaíonn sna hearraí coimpléascacha ach a d'fhéadfaí a dhoirteadh, a ghearradh, a dhó, a mhodhnú go ceimiceach, etc. sa phróiseas táirgthe agus a fhágann an próiseas mar sheachtháirgí, fuíoll, iarmhair, dramhaíl, nó astaíochtaí.

Chun sonraí a sholáthar is féidir a úsáid go neamhspleách ar leibhéal gníomhaíochta, déanfar an t-olltomhaltas sonracha  $m_i$  do gach réamhtheachtaí  $i$  a chinneadh agus a áireamh sa teachtaireacht de bhun Iarscríbhinn IV:

$$m_i = M_i / AL_g \quad (\text{Cothromóid 59})$$

Dá bhrí sin, féadfar sainastaíochtaí leabaithe na n-earraí coimpléascacha  $g$  a shloinneadh mar a leanas:

$$SEE_g = ae_g + \sum_{i=1}^n (m_i \cdot SEE_i) \quad (\text{Cothromóid 60})$$

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

- Is é  $ae_g$  sainastaíochtaí díreacha nó indíreacha a shanntar don phróiseas táirgthe a tháirgeann earraí  $g$ , arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona  $g$ , atá coibhéiseach le sainastaíochtaí leabaithe gan astaíochtaí leabaithe na réamhtheachtaithe:

$$ae_g = AttrEm_g / AL_g \quad (\text{Cothromóid 61})$$

- Is é  $m_i$  olltomhaltas sonracha an réamhtheachtaí  $i$  a úsáidtear sa phróiseas táirgthe a tháirgeann tona amháin d'earraí  $g$ , arna shloinneadh i dtónaí réamhtheachtaí  $i$  in aghaidh an tona earraí  $g$  (i.e., gan toise) agus
- Is é  $SEE_i$  sainastaíochtaí leabaithe díreacha nó indíreacha an réamhtheachtaí  $i$ , arna sloinneadh in t CO<sub>2</sub>e in aghaidh an tona réamhtheachtaí  $i$ .

## H. BEARTA ROGHNACHA CHUN CÁILÍOCHT NA SONRAÍ A MHÉADÚ

1. Sainithnítear foinsí rioscaí earráidí sa sreabhadh sonraí ó na sonraí príomhúla go dtí na sonraí deiridh sa teachtaireacht de bhun Iarscríbhinn IV. Déantar córas rialaithe éifeachtach a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú nach mbeidh míráitis sna teachtaireachtaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus go mbeidh siad i gcomhréir le doiciméadacht na modheolaíochta faireacháin agus i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

Cuirtear an measúnú riosca de bhun na chéad fhomhíre ar fáil don Choimisiún agus don údarás inniúil arna iarraidh sin. Má roghnaíonn an t-oibreoir fíorú a úsáid i gcomhréir leis na feabhsúcháin mholta, cuireann an t-oibreoir ar fáil é freisin chun críocha fíoraithe.

2. Chun críoch an mheasúnaithe riosca, déanfar nósanna imeachta i scríbhinn a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun le haghaidh gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus le haghaidh gníomhaíochtaí rialaithe, agus áirítear tagairtí do na nósanna imeachta sin i ndoiciméadacht na modheolaíochta faireacháin.
3. Áireofar leis na gníomhaíochtaí rialaithe dá dtagraítear i mír 2, i gcás inarb infheidhme:
  - (a) dearbhú cáilíochta an trealamh tomhais ábhartha;
  - (b) dearbhú cáilíochta na gcóras teicneolaíochta faisnéise lena n-áirítear go ndéantar na córais ábhartha a dhearadh, a dhoiciméadú, a thástáil, a chur chun feidhme, a rialú agus a choinneáil ar bun ar bhealach lena n-áirítear próiseáil sonraí atá iontaofa, cruinn agus tráthúil i gcomhréir leis na rioscaí a shaináithnítear sa mheasúnú riosca;
  - (c) deighilt dualgas sna gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus sna gníomhaíochtaí rialaithe, chomh maith le bainistiú na n-inniúlachtaí is gá;
  - (d) athbhreithnithe inmheánacha agus bailíochtú sonraí;
  - (e) ceartúcháin agus gníomhaíocht cheartaitheach;
  - (f) próisis sheachfhoinsithe a rialú;
  - (g) taifid agus doiciméadacht a choinneáil, lena n-áirítear bainistiú leaganacha doiciméad.
4. Chun críocha mhír 3(a), áiríteofar go ndéanfar gach trealamh tomhais ábhartha a chalabhrú, a choigeartú agus a sheiceáil go tráthrialta lena n-áirítear sula n-úsáidfead é, agus déanfar é a sheiceáil in aghaidh na gcaighdeán tomhais atá inrianaithe chuig caighdeán tomhais idirnáisiúnta, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, agus atá comhréireach leis na rioscaí sainaitheanta.

I gcás nach féidir comhpháirteanna na gcóras tomhais a chalabhrú, déanfar na comhpháirteanna sin a shaináithint i ndoiciméadacht na modheolaíochta faireacháin agus bunófar gníomhaíochtaí rialaithe malartacha.

I gcás nach gcomhlíonann an trealamh an fheidhmíocht is gá, déanfar an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá go pras.
5. Chun críocha mhír 3(d), déanfar na sonraí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sreafa sonraí dá dtagraítear i mír 2 a athbhreithniú agus a bhailíochtú go rialta. Áireofar an méid seo a leanas san athbhreithniú agus sa bhailíochtú sin ar na sonraí:
  - (a) seiceáil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí iomlán;
  - (b) comparáid idir na sonraí arna gcinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe roimhe sin agus, go háirithe, seiceálacha comhsheasmhachta bunaithe ar amshraith éifeachtúlacht gás ceaptha teasa na bpróiseas táirgthe ábhartha;
  - (c) comparáid idir sonraí agus luachanna a eascraíonn as córais bailithe sonraí oibríochtúla éagsúla, go háirithe maidir le prótacail táirgthe, figiúirí díolacháin agus figiúirí stoic na n-earraí ábhartha;
  - (d) comparáidí agus seiceálacha iomláine ar shonraí ar leibhéal shuiteáil agus phróiseas táirgthe na n-earraí ábhartha.
6. Chun críocha mhír 3(e), i gcás ina bhfaightear amach nach bhfeidhmíonn gníomhaíochtaí sreafa sonraí nó gníomhaíochtaí rialaithe go héifeachtach, nó nach n-urramaíonn siad na rialacha a leagtar síos i ndoiciméadacht na nósanna imeachta maidir leis na gníomhaíochtaí sin, áiríteofar go ndéanfar gníomhaíocht cheartaitheach agus go gceartófar na sonraí a ndéantar difear dóibh gan moill mhíchuí.
7. Chun críocha mhír 3(f), i gcás ina ndéantar gníomhaíocht sreafa sonraí nó gníomhaíocht rialaithe amháin nó níos mó dá dtagraítear i mír 1 a sheachfhoinsiú ón tsuiteáil, déanfar na nithe seo a leanas uile:
  - (a) cáilíocht na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe sreafa sonraí agus na ngníomhaíochtaí rialaithe seachfhoinsithe a sheiceáil i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;

- (b) ceanglais iomchuí a shainiú maidir le haschuir na bpróiseas seachfhoinsithe chomh maith leis na modhanna a úsáidtear sna próisis sin;
- (c) cáilíocht na n-aschur agus na modhanna dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo a sheiceáil;
- (d) a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí seachfhoinsithe sa chaoi go bhfreagróidh siad sin do na rioscaí bunúsacha agus do na rioscaí rialaithe a shaináithnítear sa mheasúnú riosca.

8. Déanfar faireachán ar éifeachtacht an chórais rialaithe, lena n-áirítear trí athbhreithnithe inmheánacha a dhéanamh agus torthaí an fhíoraitheora a chur san áireamh, má chuirtear an fíorú i bhfeidhm.

I gcás ina bhfaightear amach nach bhfuil an córas rialaithe éifeachtach nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na rioscaí a saináithníodh, cuirfead feabhas ar an gcóras rialaithe agus tabharfar doiciméadacht na modheolaíochta faireacháin cothrom le dáta dá réir sin, lena n-áirítear na nósanna imeachta bunúsacha i scríbhinn le haghaidh gníomhaíochtaí sreafa sonraí, measúnuithe riosca agus gníomhaíochtaí rialaithe, de réir mar is iomchuí.

9. Feabhsúchán molta: féadfaidh an t-oibreoir, dá dheoin féin, sonraí astaíochtaí na suiteála agus sonraí sainastaíochtaí leabaithe earraí, arna dtiomsú i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, a thabhairt d'fhíoraitheoir neamhspleách atá creidiúnaithe do ISO 14065 lena bhfíorú, nó féadfaidh sé a chur faoi deara go bhfíorófaí na sonraí sin de réir rialacha an chórais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe is ábhartha don tsuiteáil.

---

## IARSCRÍBHINN IV

**Ábhar na teachtaireachta molta ó oibreoirí suiteálacha chuig dearbhóirí tuairiscithe**

## 1. ÁBHAR AN TEIMPLEID CHUN SONRAI ASTAIOCHTAI A CHUR IN IUL

**Faisnéis ghinearálta**

## 1. Faisnéis faoin tsuiteáil:

- (a) ainm agus sonraí teagmhála an oibreora;
- (b) ainm na suiteála;
- (c) sonraí teagmhála na suiteála;
- (d) aitheantóir uathúil na suiteála, má tá sé ar fáil;
- (e) an cód is infheidhme de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Suíomh Trádála agus Iompair (NA/LOCODE) le haghaidh an tsuímh;
- (f) seoladh beacht agus tras-scríbhinn sa Bhéarla;
- (g) comhordanáidí geografacha phríomhfhoinsí astaíochtaí na suiteála.

## 2. Maidir le gach catagóir earraí chomhiomlánaithe, na próisis agus na bealaí táirgthe a úsáidtear mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;

## 3. Maidir le gach ceann de na hearraí, a liostaítear do gach cód AC ar leithligh, nó a chomhiomlánaítear de réir na catagóire earraí comhiomlánaithe i gcomhréir le Roinn 2 d'Iarscríbhinn II, ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) sainastaíochtaí leabaithe díreacha gach ceann de na hearraí;
- (b) faisnéis faoi cháilíocht na sonraí agus faoi na modhanna a úsáideadh, go háirithe más rud é gur cinneadh na hastaíochtaí leabaithe go hiomlán bunaithe ar fhaireachán, nó ar cé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh aon cheann de na luachanna réamhshocraithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse;
- (c) sainastaíochtaí leabaithe indíreacha gach ceann de na hearraí, agus an modh lenar cinneadh an fachtóir astaíochta, agus an foinse faisnéise a úsáideadh;
- (d) an fachtóir astaíochta a úsáidtear le haghaidh leictreachais mar earraí allmhairithe, arna shloinneadh mar thona CO<sub>2</sub>e in aghaidh MWh agus an fhoinsé sonraí nó an modh a úsáidtear chun fachtóir astaíochta an leictreachais a chinneadh, murab ionann é agus na fachtóirí astaíochta arna soláthar ag an gCoimisiún i gClárann Idirthréimhseach SCCT;
- (e) i gcás ina dtuairiscítear luachanna réamhshocraithe arna gcur ar fáil agus arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún don idirthréimhse in ionad sonraí iarbhir maidir le sainastaíochtaí leabaithe, cuirfear tuairisc ghairid ar na cúiseanna isteach;
- (f) an fhaisnéis earnáilsonrach i gcomhréir le Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, más ábhartha;
- (g) más infheidhme, an fhaisnéis maidir leis an bpraghas carbóin atá dlite. I gcás ina bhfaightear praghas carbóin atá dlite do réamhtheachtaithe ó shuiteálacha eile, déanfar aon praghas carbóin atá dlite do na réamhtheachtaithe sin a liostú ar leithligh de réir na tíre tionscnaimh.

**Feabhsúchán molta ar an bhfaisnéis ghinearálta**

## 1. Astaíochtaí iomlána na suiteála, lena n-áirítear:

- (a) sonraí gníomhaíochta agus fachtóirí ríomha maidir le gach sruth foinse a úsáidtear;
- (b) astaíochtaí gach foinse astaíochtaí ar a ndéantar faireachán trí úsáid a bhaint as modheolaíocht thomhasbhunaithe;
- (c) astaíochtaí a chinntear le modhanna eile;
- (d) cainníochtaí CO<sub>2</sub> a fhaightear ó shuiteálacha eile nó a onnmhairítear chuig suiteálacha eile, ar mhaithe le stóráil gheolaíoch nó mar ionchur i dtáirgí ina bhfuil an CO<sub>2</sub> ceangailte go ceimiceach go buan.



2. Cothromaíocht de theas intomhaiste, dramhgháis agus leictreachas a allmhairítear, a tháirgtear, a ídítear agus a onnmhairítear;
3. Cainníocht na réamhtheachtaithe uile a fhaightear ó shuiteálacha eile, agus a sainastáíochtaí leabaithe díreacha agus indíreacha;
4. Cainníocht an réamhtheachtaí a úsáidtear i ngach próiseas táirgthe, cé is moite de réamhtheachtaithe a tháirgtear sa tsuiteáil chéanna;
5. Faisnéis faoin gcaoi ar ríomhadh na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha a sannadh do gach próiseas táirgthe;
6. Leibhéal gníomhaíochta agus astaíochtaí sannta gach próiseas táirgthe;
7. Liosta na n-earraí ábhartha uile a tháirgtear le cód AC, lena n-áirítear réamhtheachtaithe nach gcumhdaítear le próisis táirgthe ar leith;
8. Tuairisc ghairid ar an tsuiteáil, a príomhphróisis táirgthe, aon phróiseas táirgthe nach gcumhdaítear chun críocha SCCT, príomheilimintí na modheolaíochta faireacháin a úsáideadh, cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh rialacha maidir le córas faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe incháilithe i bhfeidhm, agus na bearta a rinneadh chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú, go háirithe cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh aon chineál fíoraithe i bhfeidhm;
9. Faisnéis faoi fhachtóir astaíochta an leictreachais sa chomhaontú ceannaigh cumhachta, i gcás inarb iomchuí.

## 2. PARAIMÉADAIR EARNÁILSONRACHA ATÁ LE CUR SAN ÁIREAMH SA TEACHTAIREACHT

Catagóir earraí chomhiomlánaithe	Ceanglas tuairiscithe sa tuarascáil SCCT
Cré chailcínithe	— Cé acu atá an chré cailcínithe nó nach bhfuil.
Clincear stroighne	— Ní bhaineann le hábhar
Stroighin	— Cóimheas maise na dtónaí clincir stroighne a ídítear in aghaidh an tona stroighne a tháirgtear (cóimheas idir clincear stroighne agus stroighin arna shloinneadh mar chéatadán).
Stroighin alúmanach	— Ní bhaineann le hábhar
Hidrigin	— Ní bhaineann le hábhar
Úiré	— Íonacht (% maise úiré atá ann, % N atá ann).
Aigéad nítreach	— Tiúchan (% maise).
Amóinia	— Tiúchan, más tuaslagán hidriúil atá ann.
Leasacháin mheasctha	— Faisnéis a cheanglaítear ar aon nós faoi Rialachán (AE) 2019/1009: — cion N mar amóiniam (NH <sub>4</sub> <sup>+</sup> ); — cion N mar níotráit (NO <sub>3</sub> <sup>-</sup> ); — cion N mar úiré; — cion N i bhfoirmeacha (orgánacha) eile.
Mian Shintéaraithe	— Ní bhaineann le hábhar
Muciarann	— An príomhoibreán dí-ocsáidithe a úsáidtear. — % maise Mn, Cr, Ni, iomlán na n-eilimintí cóimhiotail eile.
FeMn – Fearómangainéis	— % maise Mn agus carbóin.
FeCr – Fearócróimiam	— % maise Cr agus carbóin.
FeNi – Fearóiníicil	— % maise Ni agus carbóin.

Iarann atá laghdaithe go díreach	<ul style="list-style-type: none"> <li>— An príomhoibreán dí-ocsaídithe a úsáidtear.</li> <li>— % maise Mn, Cr, Ni, iomlán na n-eilimintí cóimhiotail eile.</li> </ul>
Amhchruach	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Príomhoibreán dí-ocsaídithe an réamhtheachtaí, más eol.</li> <li>— % maise Mn, Cr, Ni, iomlán na n-eilimintí cóimhiotail eile.</li> <li>— Tonaí fuíll a úsáidtear chun 1 t amhchruach a tháirgeadh.</li> <li>— % den fhuíoll ar fuíoll réamhthomhaltais é.</li> </ul>
Táirgí iarainn nó cruach	<ul style="list-style-type: none"> <li>— An príomhoibreán dí-ocsaídithe a úsáidtear i dtáirgeadh an réamhtheachtaí, más eol.</li> <li>— % maise Mn, Cr, Ni, iomlán na n-eilimintí cóimhiotail eile.</li> <li>— % maise na n-ábhar nach iarann ná cruach iad, má tá a mais níos mó ná 1 % go 5 % de mhais iomlán na n-earraí.</li> <li>— Tonaí fuíll a úsáidtear chun 1 t den ábhar a tháirgeadh.</li> <li>— % den fhuíoll ar fuíoll réamhthomhaltais é.</li> </ul>
Alúmanam neamhshaoirsithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Tonaí fuíll a úsáidtear chun 1 t den ábhar a tháirgeadh.</li> <li>— % den fhuíoll ar fuíoll réamhthomhaltais é.</li> <li>— Má tá cion iomlán na n-eilimintí nach alúmanam iad níos mó ná 1 %, céatadán iomlán na n-eilimintí sin.</li> </ul>
Táirgí alúmanaim	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Tonaí fuíll a úsáidtear chun 1 t den ábhar a tháirgeadh.</li> <li>— % den fhuíoll ar fuíoll réamhthomhaltais é.</li> <li>— Má tá cion iomlán na n-eilimintí nach alúmanam iad níos mó ná 1 %, céatadán iomlán na n-eilimintí sin.</li> </ul>

## IARSCRÍBHINN V

**SONRAÍ EORI**

I dTábla 1 tá an fhaisnéis faoi na hoibreoírí eacnamaíocha mar atá in EOS, a bheidh idir-inoibritheach le Clárann Idirthréimhseach SCCT.

Tábla 1:

**Sonraí EORI**

Córas Oibreoírí Eacnamaíocha EORI
<b>Aitheantas Custaiméirí</b>
Tír EORI + Uimhir Náisiúnta EORI
Tír EORI
Dáta tosaigh EORI
Dáta éaga EORI
<b>Faisnéis faoin gCustaiméir Custam</b>
Ainm gearr EORI
Ainm iomlán EORI
Teanga EORI
Dáta bunaithe EORI
Cineál duine EORI
Gníomhaíocht eacnamaíoch EORI
<b>Liosta sheoltaí bhunaíochta EORI</b>
Seoltaí na bunaíochta
Seoladh EORI
Teanga EORI
Ainm EORI
Bunaíocht san Aontas
Dáta tosaigh sheoladh EORI
Dáta deiridh sheoladh EORI
<b>Uimhreacha CBL nó TIN</b>
'CBL' nó 'TIN'
Aitheantóir náisiúnta + uimhir CBL nó TIN An tír a chomhchaitéiniú leis an aitheantóir náisiúnta
<b>Stádas dlíthiúil EORI</b>
Teanga stádas dlíthiúil EORI
Stádas dlíthiúil EORI
Dáta tosaigh & dáta deiridh stádas dlíthiúil EORI
<b>Liosta teagmhálaithe</b>
Teagmhálaí
Seoladh theagmhálaí EORI
Teanga theagmhálaí EORI

---

Ainm iomlán theagmhálaí EORI

---

Ainm theagmhálaí EORI

---

Bratach an chomhaontaithe foilseacháin

---

Tuairisc ar réimsí na seoltaí

---

Sráid agus Uimhir

---

Cód Poist

---

Cathair

---

Cód tíre

---

Liosta na sonraí cumarsáide

---

Cineál cumarsáide

---

## IARSCRÍBHINN VI

**Ceanglais Sonraí atá comhlántach maidir le Próiseáil Isteach**

I dTábla 1 tá an fhaisnéis ó na córais chustaim dhíláráithe, a bheidh idir-inoibritheach le Clárann Idirthréimhseach SCCT i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo.

Tábla 1

**Faisnéis bhreise maidir le próiseáil isteach**

Ceanglas sonraí ó údarás chustaim tar éis bhille urscaoilte na próiseála isteach, i gcás nach ndéonaítear aon tarscaoileadh don dearbhóir tuairiscithe
Tír eisiúna
Tagairt an taifid sonraí
Uimhir leagan an taifid sonraí
Stádas leagan an taifid sonraí
Dáta Tosaigh na Tréimhse Tuairiscithe
Dáta Deiridh na Tréimhse Tuairiscithe
Oifig Custaim Maoirseachta (maidir le próiseáil isteach)
Údarú le haghaidh uimhir thagartha na próiseála isteach
Uimhir aitheantais an allmhaireora/Sealbhóir Údaraithe maidir le próiseáil isteach
Tír an allmhaireora
Aitheantóir míre earraí (sraithuimhir)
Cód fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe
Cód ainmníochta comhcheangailte
Tuairisc ar na hearraí
Cód nós imeachta iarrtha
Cód nós imeachta roimhe seo
Cód na tíre tionscnaimh
Cód na tíre cinn scríbe
Tír seolta
Glanmhais
Cineál na n-aonad tomhais
Aonaid fhorlíontacha
Luach staitisticiúil
Glanmhais an táirge iarbhír a úsáidtear i dtáirgí próiseáilte a scaoiltear i saorchúrsaíocht
Glanmhais na dtáirgí iarbhír a scaoiltear i saorchúrsaíocht ar an gcód tráchtearraí céanna
Uimhir aitheantais agus stádas an ionadaí
Modh iompair ag an teorainn

## IARSCRÍBHINN VII

**Sonraí an chórais náisiúnta**

I dTábla 1 tá an fhaisnéis ó na córais dhíláráithe, a bheidh idir-inoibritheach le Clárann Idirthréimhseach SCCT i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo.

Tábla 1

Sonraí an chórais náisiúnta
Eisitheoir
Tagairt an taifid sonraí
Uimhir leagan an taifid sonraí
Stádas leagan an taifid sonraí
Uimhir dearbhaithe allmhairiúcháin
Uimhir na míre dhearbhaithe earraí
Dáta glactha an dearbhaithe
Cód nós imeachta iarrtha
Cód nós imeachta roimhe seo
Cód na tíre tionscnaimh
Cód thír an tionscnaimh fhabhraigh
Cód na tíre cinn scríbe
Tír seolta
Sraithuimhir cuóta
Tuairisc ar na hearraí
Cód fo-cheanteidil an Chórais Chomhchuibhithe
Cód ainmníochta comhcheangailte
Cód TARIC
Glanmhais
Luach staitisticiúil
Aonaid fhorlíontacha
Cineál dearbhaithe
Cineál dearbhaithe bhreise
Formáid
Uimhir aitheantais an allmhaireora
Tír an allmhaireora
Uimhir aitheantais an choinsíní
Uimhir aitheantais an dearbhóra
Sealbhóir uimhir aitheantais an údaraithe
Cineál údaraithe an tsealbhóra
Uimhir thagartha an údaraithe
Uimhir aitheantais an ionadaí
Modh iompair ag an teorainn
Modh iompair intíre

## IARSCRÍBHINN VIII

**Fachtóirí caighdeánacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí díreacha ar leibhéal na suiteála**

## 1. FACHTÓIRÍ ASTAÍOCHTA BREOSLA A BHAINNEANN LE GLANLUACHANNA CALRACHA (NCV)

Tábla 1:

**Fachtóirí astaíochta breosla a bhaineann le glanluach calrach (NCV) agus glanluachanna calracha in aghaidh na maise breosla.**

Tuairisc ar an gcineál breosla	Fachtóir astaíochta (t CO <sub>2</sub> /TJ)	Glanluach calrach (TJ/Gg)	Foinse
Amhola	73,3	42,3	IPCC 2006 GL
Orimulsion	77,0	27,5	IPCC 2006 GL
Leachtanna gáis nádúrtha	64,2	44,2	IPCC 2006 GL
Gásailín mótaí	69,3	44,3	IPCC 2006 GL
Ceirísín (seachas ceirisín scairdeitleáin)	71,9	43,8	IPCC 2006 GL
Ola scealla	73,3	38,1	IPCC 2006 GL
Ola gháis/Ola dhíosail	74,1	43,0	IPCC 2006 GL
Ola bhreosla iarmharach	77,4	40,4	IPCC 2006 GL
Gáis peitriam leachtaithe	63,1	47,3	IPCC 2006 GL
Eatán	61,6	46,4	IPCC 2006 GL
Nafta	73,3	44,5	IPCC 2006 GL
Biotúman	80,7	40,2	IPCC 2006 GL
Bealaí	73,3	40,2	IPCC 2006 GL
Cóc peitriam	97,5	32,5	IPCC 2006 GL
Bunábhair scaglainne	73,3	43,0	IPCC 2006 GL
Gás scaglainne	57,6	49,5	IPCC 2006 GL
Céireacha pairifín	73,3	40,2	IPCC 2006 GL
Biotáille bhán agus FPS	73,3	40,2	IPCC 2006 GL
Táirgí eile peitriam	73,3	40,2	IPCC 2006 GL
Antraicít	98,3	26,7	IPCC 2006 GL
Gual cóic	94,6	28,2	IPCC 2006 GL
Gual biotúmanach eile	94,6	25,8	IPCC 2006 GL
Gual fo-bhiotúmanach	96,1	18,9	IPCC 2006 GL
Lignít	101,0	11,9	IPCC 2006 GL
Sceall ola agus gainimh tharra	107,0	8,9	IPCC 2006 GL
Breosla paitinne	97,5	20,7	IPCC 2006 GL
Cóc oighinn cóic agus cóc ligníte	107,0	28,2	IPCC 2006 GL
Gás-chóc	107,0	28,2	IPCC 2006 GL
Tarra Guail	80,7	28,0	IPCC 2006 GL

Gás Oibreacha Gáis	44,4	38,7	IPCC 2006 GL
Gás oighinn cóic	44,4	38,7	IPCC 2006 GL
Gás foirnéise soinneáin	260	2,47	IPCC 2006 GL
Gás foirnéise cruach ocsaigine	182	7,06	IPCC 2006 GL
Gás nádúrtha	56,1	48,0	IPCC 2006 GL
Dramhaíl thionsclaíoch	143	Ní bhaineann le hábhar	IPCC 2006 GL
Olaí dramhaíola	73,3	40,2	IPCC 2006 GL
Móin	106,0	9,76	IPCC 2006 GL
Boinn chaite	85,0 <sup>(1)</sup>	Ní bhaineann le hábhar	Comhairle Dhomhanda na nGnóthas um Fhorbairt Inbhuanaithe - Tionscnamh Inbhuanaitheachta Stroighne
Aonocaíd charbóin	155,2 <sup>(2)</sup>	10,1	J. Falbe agus M. Regitz, Römpf Chemie Lexikon, Stuttgart, 1995
Meatán	54,9 <sup>(3)</sup>	50,0	J. Falbe agus M. Regitz, Römpf Chemie Lexikon, Stuttgart, 1995

<sup>(1)</sup> is ionann an luach seo agus an réamhfachtóir astaíochta, i.e., sula gcuirtear codán bithmhaise i bhfeidhm, más infheidhme.

<sup>(2)</sup> Bunaithe ar NCV de 10,12 TJ/t.

<sup>(3)</sup> Bunaithe ar NCV de 50,01 TJ/t.

Tábla 2:

**Fachtóirí astaíochta breosla a bhaineann le glanluach calrach (NCV) agus glanluachanna calracha in aghaidh mhais an ábhair bithmhaise.**

Ábhar bithmhaise	Réamhfachtóir astaíochta [t CO <sub>2</sub> / TJ]	NCV [GJ/t]	Foinse
Adhmhad / bruscarnach adhmaid (aerthriomaithe <sup>(1)</sup> )	112	15,6	IPCC 2006 GL
Buac suilfite (liocáir dhubh)	95,3	11,8	IPCC 2006 GL
Bithmhais sholadach phríomhúil eile	100	11,6	IPCC 2006 GL
Gualach	112	29,5	IPCC 2006 GL
Bithghásailín	70,8	27,0	IPCC 2006 GL
Bithdhíosail	70,8	37,0	IPCC 2006 GL <sup>(2)</sup>
Bithbhreoslaí leachtacha eile	79,6	27,4	IPCC 2006 GL
Gás líonta talún <sup>(3)</sup>	54,6	50,4	IPCC 2006 GL



Gás sludaigh <sup>(1)</sup>	54,6	50,4	IPCC 2006 GL
Bithghás eile <sup>(1)</sup>	54,6	50,4	IPCC 2006 GL
Dramhaíl chathrach (codán bithmhaise) <sup>(1)</sup>	100	11,6	IPCC 2006 GL

<sup>(1)</sup> Leis an bhfachtóir astaíochta atá i gceist, glactar leis go bhfuil cion uisce de thart ar 15 % san adhmaid. Is féidir cion uisce suas le 50 % a bheith ag adhmaid úr. Chun NCV d'adhmaid atá go hiomlán tirim a chinneadh, úsáidfeadh an chothromóid seo a leanas:

$$NCV = NCV_{dry} \cdot (1 - w) - \Delta H_v \cdot w$$

I gcás inarb ionann  $NCV_{dry}$  agus NCV an ábhair thirim absalóidigh, is é  $w$  an cion uisce (maischoadán) agus is é  $\Delta H_v = 2,4 \text{ GJ/t } H_2O$  eantailpacht ghalaithe an uisce. Agus an chothromóid chéanna á húsáid, is féidir NCV le haghaidh cion uisce ar leith a ais-ríomh ó NCV tirim.

<sup>(2)</sup> Faightear luach NCV ó Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

<sup>(3)</sup> Maidir le gás líonta talún, gás sludaigh agus bithghás eile: Tagraíonn luachanna caighdeánacha do Bhithmheatán íon. Chun na luachanna caighdeánacha cearta a bhaint amach, tá gá le ceartúchán le haghaidh chion meatáin an gháis.

<sup>(4)</sup> Le treoirlínte IPCC, tugtar luachanna don chodán iontaise de dhramhaíl chathrach: EF = 91,7 t CO<sub>2</sub>/T; NCV = 10 GJ/t

## 2. FACHTÓIRÍ ASTAÍOCHTA A BHAINNEANN LE HASTAÍOCHTAÍ PRÓISIS

Tábla 3:

### Fachtóir astaíochta stócaiméadrach le haghaidh astaíochtaí próisis ó dhianscaoileadh carbónáite (Modh A)

Carbónáit	Fachtóir astaíochta [t CO <sub>2</sub> / t Carbónáit]
CaCO <sub>3</sub>	0,440
MgCO <sub>3</sub>	0,522
Na <sub>2</sub> CO <sub>3</sub>	0,415
BaCO <sub>3</sub>	0,223
Li <sub>2</sub> CO <sub>3</sub>	0,596
K <sub>2</sub> CO <sub>3</sub>	0,318
SrCO <sub>3</sub>	0,298
NaHCO <sub>3</sub>	0,524
FeCO <sub>3</sub>	0,380
Ginearálta	<p>Fachtóir astaíochta = <math>[M(\text{CO}_2)] / \{Y * [M(x)] + Z * [M(\text{CO}_3^{2-})]\}</math></p> <p>X = miotal</p> <p>M(x) = meáchan móilíneach X in [g/mol]</p> <p>M(CO<sub>2</sub>) = meáchan móilíneach CO<sub>2</sub> in [g/mol]</p> <p>M(CO<sub>3</sub><sup>2-</sup>) = meáchan móilíneach CO<sub>3</sub><sup>2-</sup> in [g/mol]</p> <p>Y = uimhir stócaiméadrach X</p> <p>Z = uimhir stócaiméadrach CO<sub>3</sub><sup>2-</sup></p>

Tábla 4:

**Fachtóir astaíochta stócaiméadrach le haghaidh astaíochtaí próisis ó dhianscaoileadh carbónáite bunaithe ar ocsaídí cré-alcaileacha (Modh B)**

Ocsaíd	Fachtóir astaíochta [t CO <sub>2</sub> / t Ocsaíd]
CaO	0,785
MgO	1,092
BaO	0,287
ginearálta: X <sub>Y</sub> O <sub>Z</sub>	<p>Fachtóir astaíochta = <math>[M(\text{CO}_2)] / \{Y * [M(x)] + Z * [M(\text{O})]\}</math></p> <p>X = miotal cré-alcaileach nó miotal alcaile</p> <p>M(x) = meáchan móilíneach X in [g/mol]</p> <p>M(CO<sub>2</sub>) = meáchan móilíneach CO<sub>2</sub> [g/mol]</p> <p>M(O) = meáchan móilíneach O [g/mol]</p> <p>Y = uimhir stócaiméadrach X</p> <p>= 1 (i gcás miotail chré-alcaileacha)</p> <p>= 2 (i gcás miotail alcaile)</p> <p>Z = uimhir stócaiméadrach O = 1</p>

Tábla 5:

**Fachtóirí astaíochta le haghaidh astaíochtaí próisis ó ábhair phróisis eile (iarann nó cruach a tháirgeadh, agus miotail fheiriúla a phróiseáil) <sup>(1)</sup>**

Ábhar ionchuir nó aschuir	Cion carbóin (t C/t)	Fachtóir astaíochta (t CO <sub>2</sub> /t)
Iarann atá laghdaithe go díreach	0,0191	0,07
Leictreoidí carbóin le haghaidh stuafhoirnéis leictreach	0,8188	3,00
Carbón luchtaithe le haghaidh stuafhoirnéis leictreach	0,8297	3,04
Iarann teofháiscithe	0,0191	0,07
Gás foirnéise cruach ocsaigine	0,3493	1,28
Cóc peitrliam	0,8706	3,19
Muciarann	0,0409	0,15
Iarann / dramh-iarann	0,0409	0,15
Cruach / dramhchruach	0,0109	0,04

<sup>(1)</sup> Treoirlínte IPCC 2006 d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa

3. POITÉINSIL TÉIMH DHOMHANDA LE HAGHAIDH GÁIS CEAPTHA TEASA NEAMH-CO<sub>2</sub>

Tábla 6:

**Poitéinsil téimh dhomhanda**

Gás	Poitéinseal téimh dhomhanda
N <sub>2</sub> O	265 t CO <sub>2</sub> e / t N <sub>2</sub> O
CF <sub>4</sub>	6 630 t CO <sub>2</sub> e / t CF <sub>4</sub>
C <sub>2</sub> F <sub>6</sub>	11 100 t CO <sub>2</sub> e / t C <sub>2</sub> F <sub>6</sub>

## IARSCRÍBHINN IX

**Luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa**

Sna táblaí thíos, tá na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa bunaithe ar ghlanluach calrach agus ar dhálaí caighdeánacha atmaisféaraigh ISO (15 °C teocht chomhthimpeallach, 1,013 bar, 60 % bogthaise choibhneasta).

Tábla 1:

**Fachtóirí éifeachtúlachta tagartha le haghaidh táirgeadh leictreachais**

Catagóir	Cineál breosla	Bliain tógála			
		Roimh 2012	2012-2-015	Ó 2016 ar aghaidh	
Breoslaí Soladacha	S1	Gual crua lena n-áirítear antraicít, gual biotúmanach, gual fo-bhiotúmanach, cóc, breac-chóc, cóc peitriiliam	44,2	44,2	44,2
	S2	Lignít, brícííní ligníte, ola scealla	41,8	41,8	41,8
	S3	Móin, brícííní móna	39,0	39,0	39,0
	S4	Bithmhais thirim lena n-áirítear adhmaid agus bithmhais sholadach eile lena n-áirítear millíní adhmaid agus brícííní, slisíní adhmaid triomaithe, dramhadhmaid glan agus tirim, blaoscanna cnónna, clocha ológ agus clocha eile	33,0	33,0	37,0
	S5	Bithmhais sholadach eile lena n-áirítear gach adhmaid nach n-áirítear faoi S4 agus licéar dubh agus donn	25,0	25,0	30,0
	S6	Dramhaíl chathrach agus thionsclaíoch (neamh-inathnuaite) agus dramhaíl in-athnuaite/in-bhithdhíghrádaithe	25,0	25,0	25,0
Breoslaí Leachtacha	L7	Ola bhreosla throm, ola gháis/ola dhíosail, táirgí eile ola	44,2	44,2	44,2
	L8	Bithleachtanna lena n-áirítear bithmheatánól, bitheatánól, bithbhútánól, bithdhíosail agus bithbhreoslaí eile	44,2	44,2	44,2
	L9	Dramhleachtanna lena n-áirítear dramhaíl in-bhithdhíghrádaithe agus neamh-inathnuaite (lena n-áirítear geir, saill agus triosc)	25,0	25,0	29,0
Breoslaí Gásacha	G10	Gás nádúrtha, GPL, GNL agus bithmheatán	52,5	52,5	53,0
	G11	Gáis scaglainne, hidrigin agus gás sintéiseach	44,2	44,2	44,2
	G12	Bithghás a tháirgtear ó bhith-dhíghrádú anaeróbach, ó líonadh talún agus ó chóireáil séarachais	42,0	42,0	42,0
	G13	Gás oighinn cóic, gás foirnéise soinneáin, gás mianadóireachta, agus gáis athshlánaithe eile (cé is moite de ghás scaglainne)	35,0	35,0	35,0
Breoslaí Eile	O14	Dramhtheas (lena n-áirítear gáis sceite próisis ardteochta, táirge ó imoibrithe ceimiceacha eisiteirmeacha)			30,0

Tábla 2:

## Fachtóirí éifeachtúlachta tagartha le haghaidh táirgeadh teasa

Catagóir	Cineál breosla	Bliain tógála						
		Roimh 2016			Ó 2016 ar aghaidh			
		Uisce te	Gal <sup>(1)</sup>	Úsáid dhíreach gás sceite <sup>(2)</sup>	Uisce te	Gal <sup>(1)</sup>	Úsáid dhíreach gás sceite <sup>(2)</sup>	
Breoslaí Soladacha	S1	Gual crua lena n-áirítear antraicít, gual biotúmanach, gual fo-bhiotúmanach, cóc, breac-chóc, cóc peitiriam	88	83	80	88	83	80
	S2	Lignít, brícíní ligníte, ola scealla	86	81	78	86	81	78
	S3	Móin, brícíní móna	86	81	78	86	81	78
	S4	Bithmhais thirim lena n-áirítear adhmaid agus bithmhais sholadach eile lena n-áirítear millíní adhmaid agus brícíní, slisíní adhmaid triomaithe, dramhadhmaid glan agus tirim, blaoscanna cnónna, clocha ológ agus clocha eile	86	81	78	86	81	78
	S5	Bithmhais sholadach eile lena n-áirítear gach adhmaid nach n-áirítear faoi S4 agus licéar dubh agus donn	80	75	72	80	75	72
	S6	Dramhaíl chathrach agus thionsclaíoch (neamh-inathnuaite) agus dramhaíl in-athnuaite/in-bhithdhíghrádaithe	80	75	72	80	75	72
Breoslaí Leachtacha	L7	Ola bhreosla throm, ola gháis/ola dhíosail, táirgí eile ola	89	84	81	85	80	77
	L8	Bithleachtanna lena n-áirítear bithmheatánól, bitheatánól, bithbhútánól, bithdhíosail agus bithbhreoslaí eile	89	84	81	85	80	77
	L9	Dramhleachtanna lena n-áirítear dramhaíl in-bhithdhíghrádaithe agus neamh-inathnuaite (lena n-áirítear geir, saill agus triosc)	80	75	72	75	70	67
Breoslaí Gásacha	G10	Gás nádúrtha, GPL, GNL agus bithmheatán	90	85	82	92	87	84
	G11	Gáis scaglainne, hidrigin agus gás sintéiseach	89	84	81	90	85	82

	G12	Bithghás a tháirgtear ó bhith-dhíghrádú anaeróbach, ó líonadh talún agus ó chóireáil séarachais	70	65	62	80	75	72
	G13	Gás oighinn cóic, gás foirnéise soinneáin, gás mianadóireachta, agus gás athshlánaithe eile (cé is moite de ghás scaglainne)	80	75	72	80	75	72
Breosláí Eile	O14	Dramhtheas (lena n-áirítear gás sceite próisis ardteochta, táirge ó imoibríthe ceimiceacha eisiteirmeacha)	—	—	—	92	87	—

(<sup>1</sup>) I gcás nach gcuireann monarchana gaile an t-aisfhilleadh comhdhlútháin san áireamh agus éifeachtúlachtaí teasa CHP (comhghiniúint cumhachta agus teasa) á ríomh acu, ba cheart na héifeachtúlachtaí gaile a léirítear sa tábla thuas a mhéadú faoi 5 pointe céatadán.

(<sup>2</sup>) Úsáidfeadh luachanna le haghaidh úsáid dhíreach gás sceite má tá an teocht 250 °C nó níos airde.